An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public
Expenditure and Reform

# An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Tuarascáil Bhliantúil 2021

# Clár Ábhair

**Achoimhre Fheidhmeach**

**1 Caiteachas Poiblí a Bhainistiú 7**

1.1. Próiseas na Meastachán a Bhainistiú 7
1.2. Bainistiú Caiteachas Vótáilte 9
1.3. Bainistiú Caiteachas Caipitil 10
1.4. Seirbhís Eacnamaíochta agus Luachála Rialtas na hÉireann 11
1.5. Cuntasaíocht Rialtais 12

**2 AE, Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta agus Thuaidh-Theas 14**

2.1. Struchtúr 14
2.2. AE agus Comhoibriú Idirnáisiúnta 14
2.3. Plean Téarnaimh agus Teacht Aniar Náisiúnta 15
2.4. Freagairt don Bhreatimeacht 15
2.5. Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta 15
2.6. Beartas Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta (ESIF) 16
2.7. Clár Chistí Struchtúracha an AE 17
2.8. Comhoibriú Thuaidh Theas 18

**3 Pá na Seirbhíse Poiblí, Pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch 19**

3.1. Ag Dul ó Neart go Neart: Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021 - 2022 19
3.2. Anailís Beartais 19
3.3. Caidreamh Tionsclaíoch 20
3.4. Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair 21
3.5. Beartas um Pinsean na Seirbhíse Poiblí 21

**4 Athnuachan na Státseirbhíse 23**

4.1. Athnuachan na Seirbhíse 2030 23
4.2. Straitéis Daoine na Státseirbhíse 24
4.2.1. An Státseirbhís mar Thogha Fostóra 25
4.2.2. Lucht Saothair a Thógáil don Todhchaí 27
4.2.3. Bainisteoirí a Chothú mar Fhorbróirí Daoine 28
4.2.4. AD a shocrú mar Thiománaí Straitéiseach 29

**5 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 31**

5.1. Ár Seirbhís Phoiblí 2020 31
5.2. Oscailteacht, Trédhearcacht agus Freagracht 34
5.3. Bearta Reachtúla agus Rialachais Phoiblí 35

**6 Rialtas Digiteach 38**
6.1. Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) 38
6.2. Forbairtí Móra TFC sa Roinn 38
6.3. Méid a Gnóthaíodh in 2021 le Straitéis na Státseirbhíse 39
6.3.1. Tógáil le Roinnt 39
6.3.2. Digiteach ar dTús 41
6.3.3. Sonraí mar Chumasóir 41
6.3.4. Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 41
6.3.5. Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 42
6.3.6. An Rialachas a Fheabhsú 42
6.3.7. Acmhainn Mhéadaithe 42
6.4. Straitéis TFC na Státseirbhíse - an Chéad Ghlúin Eile 43
6.4.1. GovTech 43
6.5. Rannpháirtíocht ag Leibhéal AE agus Idirnáisiúnta 43
6.5.1. Rialachán na Tairsí Digití Aonair 44
6.5.2. Seirbhísí Leictreonacha Aitheantais agus Iontaofachta- eIDAS 44
**7 An Soláthar Poiblí 45**
7.1. Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí 45
7.2. Soláthar Poiblí Straitéiseach 45
7.3. Creata Soláthair na Seirbhíse Poiblí 46
7.4. Soláthar don Tógáil 46
7.5. Teagmháil le Páirtithe Leasmhara 47
7.6. Tuarascáil ar Chaiteachas agus ar Anailís na Seirbhíse Poiblí 48
7.7. Úsáid Mhéadaithe na Teicneolaíochta Digití 48
7.8. Athbhreithniú Eagraíochta an OGP 49
7.9 Tacaíocht d'Fhoireann OGP 49
**8 Tacaíocht don Fhoireann a gCuspóir a Bhaint Amach 50**
8.1. Straitéis Sláinte agus Folláine 50
8.2. Comhpháirtíochtaí Gnó AD 50
8.3. Oibríochtaí AD 51
8.4. Foghlaim agus Forbairt 51
8.5. Bainistiú Corparáideach 51
8.6. Iniúchadh Inmheánach agus AE 52
8.7. Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis (CMO) 53
**Aguisín 1: Soláthar Poiblí Glas 54**
**Aguisín 2: Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí 55**

# Achoimre Fheidhmeach

## Maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil seo

Ba shuntasach i rith na tréimhse seo 2021 an tionchar ar chomhthéacs straitéiseach obair na Roinne a bhí ag paindéim Covid-19 i réimse leathan gníomhaíochtaí. Tá mionsonraí ar fáil ar fud na tuarascála ach seo a leanas roinnt samplaí:

- Bainistiú a dhéanamh ar na himpleachtaí ar an airgeadas poiblí a bhí ag na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun tacú lenár muintir agus lenár ngnólachtaí;
- Clár oibre an aistrithe dhigitigh a chur chun cinn trí thacú leis an aistriú chuig cianobair agus obair hibrideach mhórscála, réitigh dhigiteacha ar dhúshláin a bhain leis an bpaindéim a chur chun cinn agus úsáid thairseach gov.ie mar chroíchainéal cumarsáide;
- ceannaireacht a léiriú le cois cur chuige comhoibrithe poiblí ar fud na seirbhíse chun ceisteanna casta a tháinig aníos d'fhostaithe seirbhíse poiblí a bhainistiú
- foghlaim agus tacaí *OneLearning* a chur ar fáil agus tacaíocht do bhaill foirne i ngach cuid den Státseirbhís tríd an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis; agus
- tabhairt faoi thosaíochtaí agus dúshláin soláthair ag éirí as an bpaindéim.

I ngeall ar vacsaín i gcoinne Covid-19 a bheith ar fáil in 2021, bhíothas in ann tús a chur le filleadh céimnitheach cúramach na foirne ar an láthair oibre, de réir na comhairle sláinte poiblí agus riachtanais ghnó. Cuireadh obair chun cinn i gcaitheamh na bliana ar bheartas maidir le hobair chumaisc, rud a chuirfear i bhfeidhm in Q2 2022. D'fhreagair an fhoireann go maith don socrú nua cumaisc agus leanadh de sheachadadh bhunfheidhmeanna na Roinne sa timpeallacht dhúshlánach seo.

## Caiteachas Poiblí a Bhainistiú

In 2021, bhí tionchar suntasach i gcónaí ag an bpaindéim Covid-19 ar an gciste poiblí, agus tugadh cistiú suntasach breise mar thacaíocht do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus do sheirbhisí poiblí barrthábhachtacha, agus dáileadh timpeall €13.5 billiún chun na críche seo. Bhí an staid fhioscach ag tús na géarchéime in 2020 sách dearfach, agus bhí barrachas ginearálta rialtais dar suim 0.4% de OTI in 2019 agus buiséad comhardaithe i dtéarmaí struchtúracha. Ag deireadh na Nollag 2021, cláraíodh easnamh státchiste dar suim €7.4 billiún, i gcomparáid le €12.3 ón mbliain roimhe sin.

Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas vótáilte foriomlán dar suim €87.5 billiún le linn 2021. Ba ionann agus timpeall €77.6 billiún an t-ollchaiteachas reatha ag Ranna, rud is ionann agus beagnach €2 billiún, nó 2.6% níos airde ná 2020, agus ba ionann agus €9.9 billiún an t-ollchaiteachas caipitiúil ag ranna, lena n-áirítear suim mheasta chaipitiúil €0.8 billiún a tugadh ar aghaidh go 2021, rud is ionann agus méadú €0.3 billiún nó 3.1% ar an infheistíocht chaipitiúil bliain ar bhliain.

Léiríonn an leibhéal caiteachais seo an caiteachas breise leantach ar bhearta a bhaineann le Covid-19 chomh maith le gealltanais an Rialtais seirbhísí poiblí éifeachtúla éifeachtacha a chur ar fáil agus caiteachas caipitiúil a mhéadú de réir an Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP).

Foilsíodh i mí Iúil Ráiteas Eacnamaíoch an tSamhraidh, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, agus foilsíodh ina dhiaidh sin an Tuarascáil Lár Bliana Chaiteachais. Is geall le túsphointe iad na tuarascálacha seo maidir le breithniú cáinaisnéise an Oireachtais, agus leagtar amach iontu an straitéis chaiteachais mheántéarma a fhad le 2025. D'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Chaiteachais 2022 ar lá na Cáinaisnéise (12 Deireadh Fómhair) inar leagadh amach caiteachas beartaithe €87.6 billiún in 2022, lena n-áirítear méaduithe inbhuanaithe ar an gcroíchaiteachas mar a leagadh amach faoin straitéis chaiteachais mheántéarmach, in éineacht le soláthar leanúnach ar na tacaíochtaí is riachtanach maidir le Covid-19 agus cistiú do Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Sa dara bliain seo den timthriall athbhreithnithe caiteachais, foilsíodh 37 páipéar. Seo an líon is mó páipéar a cuireadh amach riamh ó Ranna líne, rud is fianaise láidir ar theagmháil sa phróiseas ar fud na Státseirbhíse. Bhain na páipéir a foilsíodh in 2021 le réimse beartas, lena n-áirítear an tsláinte, an t-oideachas, tithíocht, iompar agus ceartas, rud a chuir leis an mbonn fianaise a bhí ann cheana.

Toradh mór ar obair 2021 ba ea an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 leasaithe a fhoilsiú, agus na foilseacháin a ghabhann leis sin. Leanadh den obair thacaíochta maidir le feidhmiú Thionscadal Éireann 2040, ar ar áiríodh neartú a dhéanamh ar an treoir i dtaca le hinfheistíocht phoiblí agus árachas do mhórthionscadail; an tríú Tuarascáil Bhliantúil ina leagtar amach dul chun cinn go dtí seo i seachadadh uirlis mhapála Myprojectireland agus Investment Tracker nuashonraithe agus méadaithe.

I gcomhthéacs an Athbhreithnithe ar an NDP, rinneadh an chéad mheasúnú córasach aeráide agus comhshaoil ar phleananna caiteachais chaipitiúil an Státchiste. Bhreathnaigh sé seo ar na tionchair a d'fhéadfadh bheith ag an gcaiteachas molta.

Mar thaca leis an gcéad riachtanas substaintiúil soláthair a mionsonraíodh sa NDP, thug an Roinn isteach leasuithe breise ar rialachas tionscadal agus clár leis an bPróiseas Cinntithe Seachtrach (EAP) agus an Grúpa Comhairleach um Mhórthionscdail (MPAG). Beidh sé i gceist leis an EAP go ndéanfar athbhreithnithe saineolacha neamhspleácha ar thionscadal dar luach níos mó ná €200 milliún ag dhá chéim mhór i dtimthriall an tionscadail, faoin gCód um Chaiteachas Poiblí (roimh an gceadú i bprionsabal agus roimh an gcur chun tairisceana). Cuirfidh an ceathrar saineolaithe ardcháilithe ar an MPAG nua rathaíocht bhreise ar fáil maidir le pleanáil, bainistiú, agus soláthar na mórthionscadal infheistíochta poiblí.

Tá an Roinn ag leanúint den chreat cuntasaíochta caiteachais phoiblí a nua-aoisiú i dtreo córas cuntasaíochta atá bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta. Tá creat Caighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS) á athbhreithniú le go nglacfar leis in Éirinn. Cuireadh tús le Comhairliúchán le croípháirtithe leasmhara agus leanfar de in 2022.

### AE, Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta
Lean an Roinn den obair a chur chun cinn ar roinnt réimsí beartais AE, rud is macalla ar a teagmháil mhéadaitheach leis an AE, lenar áiríodh cistiú AE, na cláir oibre ghlasa agus dhigiteacha, soláthar poiblí agus an trédhearcacht.

In 2021, rinneadh comhaontú leis an gCoimisiún Eorpach maidir le Plean Náisiúnta Athshlánaithe agus Athléimnitheachta na hÉireann, a rinne Comhairle na nAirí a fhaomhadh agus a chuirfidh ar chumas na hÉireann tarraingt a dhéanamh ar chóir a bheith billiún Euro ó Shaoráid Athshlánaithe agus Athléimnitheachta.

Rinneadh comhaontú ag leibhéal an AE chomh maith maidir leis an gCiste Coigeartaithe Brexit. Éire is mó a gheobhaidh tacaíocht ón gCúlchiste, le leithdháileadh suas le €1 bhilliún, ar ionann é agus beagán sa bhreis ar 20% den Chúlchiste iomlán.

Foilsíodh chomh maith in 2021 straitéis ghairmeacha AE an Rialtais, A Career for EU, atá dírithe ar ionadaíocht na hÉireann a mhéadú in institiúidí an Aontais Eorpaigh.

### Polasaí Comhtháthaithe agus Cistí Struchtúracha
Rinne an Roinn maoirseacht ar bhainistiú Chláir Cistí Struchtúracha AE reatha 2014-2020. Cuimsíodh leis seo clárú don Tionscnamh Infheistíochta Freagairt Coróinvíris (CRII agus CRII+) agus €198 milliún d'éilimh a chur isteach chuig an gCoimisiún ar aisíocaíocht faoin spriocdháta 30 Meitheamh 2021, agus riar a dhéanamh ar an chéad sciar de chistiú REACT-EU an ESF.

Tar éis trí bliana den phlé ag leibhéal an AE, a ndearna an Roinn maoirseacht air, rinneadh comhaontú ar an bpacáiste reachtaíochta don beartas Comhtháthaithe, a chumhdaíonn ocht gcinn de chistí éagsúla, agus tháinig sin i bhfeidhm ar an 1 Iúil.

Bhain an Roinn roinnt garspriocanna amach i bhforbairt an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Chláir Oibríochta ERDF i dtréimhse 2021-2027, lena n-áirítear dréacht-imlíne a chur isteach ar an dá chlár ERDF chuig an gCoimisiún i Nollaig 2021 agus rinneadh mórchuid an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta a roinnt mar dhréacht leis an gCoimisiún Eorpach. Tugadh chun tosaigh pleanáil do chlár nua PEACE PLUS Thuaidh Theas do 2021-2027, a bhfuil luach €1.1 billiún leis, a thiocfaidh in áit chláir reatha trasteorann PEACE agus INTERREG, agus rinneadh dul chun cinn fosta in obair ar fhorbairt agus pleanáil cláir i gcomhair 3 chlár chomhoibrithe Trasnáisiúnta na hÉireann – Artach agus Imeall an Atlantaigh Thuaidh, Iar-Thuaisceart na hEorpa agus Mórcheantar an Atlantaigh in 2021-2027.

## Pá, pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch na Seirbhíse Poiblí

Bhainistigh an Roinn réimse de dhúshláin caidreamh tionsclaíoch le linn 2020 agus, san am céanna, cinntíodh gur bainistíodh an bille pá agus pinsin Seirbhíse Poiblí ar bhealach inbhuanaithe laistigh den chreat Building Momentum: A New Public Service Agreement 2021–2022. Beidh an Comhaontú seo le leas thart ar 367,000 státseirbhíseach agus cuirfidh sé creat ar fáil chun cobhsaíocht a choinneáil i ngach gné den Chaidreamh Tionsclaíoch i rith a shaolré

Lean an Roinn fosta de dhíriú ar iarrachtaí na nÚdarás Bainteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a chur chun feidhme agus rinne beartas agus anailís a chur chun cinn i dtaca le saincheisteanna áirithe pá agus pinsin sa tseirbhís phoiblí, agus foilsíodh roinnt páipéar mar chuid den Athbhreithniú Caiteachais 2021.

## Athnuachan na Státseirbhíse

Lean Oifig Bhainistithe Chlár Athnuachana na Státseirbhíse (PMO) den chur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar an chláir uaillmhianaigh athchóirithe ar an Státseirbhís le linn 2021. Ar na nithe is suntasaí a gnóthaíodh le linn na bliana bhí Athnuachan na Státseirbhíse 2030 a sheoladh, ar straitéis deich mbliana é don Státseirbhís, agus Athnuachan na Státseirbhíse 2014 a fhoilsiú, an chéad Phlean Gnímh faoin straitéis. Rinne an PMO seachadadh chomh maith ar roinnt tionscadal suntasach eile mar atá torthaí Shuirbhé Teagmhála Fhostaithe na Státseirbhíse 2021 agus comórtas na nDuaiseanna Feabhais agus Nuálaíochta sa Státseirbhís 2021. Rinneadh dul chun cinn ar Chéim 1 den athbhreithniú fadtéarmach ar struchtúr agus ar dhearadh eagraíochta na Státseirbhíse, a bhfuil tacaíocht aige ón gCoimisiún Eorpach. Lean an PMO den rannpháirtíocht agus den chumarsáid leis an bhfoireann agus le gréasáin ar fud na Státseirbhíse le linn 2021 trí ardáin agus sheimineáir ar líne a úsáid. Tosaíodh chomh maith ar nuachtlitir nua a dháileadh ar an bhfoireann ar fad chun feasacht a ardú ar thionscadail Athchóirithe na Státseirbhíse. Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar an Roinn Cosanta le linn na bliana mar chuid den Chlár Athbhreithnithe Acmhainne Eagraíochta, agus cuireadh páipéar le torthaí ó sé cinn d’athbhreithnithe faoi bhráid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse.

## Straitéis Daoine don Státseirbhís

I gcomhréir le Plean Athnuachana na Státseirbhíse agus an Straitéis Daoine, lean Rannóg AD Státseirbhíse na Roinne den dlúthpháirtíocht le pobal níos leithne an AD sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, mar thaca le fostaithe agus le fostóirí na Státseirbhíse ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar an bhfreagairt do Covid-19.

Leanadh den cheannaireacht, treo agus cur chuige comhoibríoch iomlán na seirbhíse poiblí a chur ar fáil, agus an pobal acmhainní daonna (AD) seirbhíse poiblí rannpháirteach, agus bainistiú na gceisteanna casta atá tagtha aníos d'fhostóirí seirbhíse poiblí i gcomhthéacs ghéarchéim Covid-19. Cuimsíodh sa fhreagairt: athbhreithniú rialta agus uasdátú ar an treoir agus Ceisteanna Coitianta (CCanna) d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí agus soláthar Deasc Chabhrach Covid-19 don tSeirbhís Phoiblí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2021 ar an gCreat-Bheartas Oibre Cumaisc don Státseirbhís d’fhonn bonn eolais a chur faoi fhorbairt ar bheartais oibre cumais níos fadtéarmaí i Ranna agus in Oifigí.

I ngeall ar an ngéarchéim ba ghá leanúint den aistriú go dtí córas ar líne foghlaim agus forbartha trí *OneLearning* agus an Fhoireann Shinsearach Seirbhíse Poiblí (SPS) agus tacaíocht leanúnach do bhaill foirne i ngach cuid den Státseirbhís tríd an CSEAS. Ghnóthaigh an Fhoireann SPS Gradaim IITD as an gComhpháirtíocht Chomhairleoireachta is Fearr don Chlár Bainistithe Tallainne PO/SPS agus as an gClár is fearr le haghaidh Forbairt Céimithe.

**Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí**

Díríonn Ár Seirbhís Phoiblí 2020 (OPS 2020), ar thacú le dul chun cinn inbhuanaithe, leanúnach chun Seirbhís Phoiblí níos treise a chothú agus seirbhísí agus torthaí don phobal dar caighdeán níos fearr a sheachadadh. Moltar ann nuálaíocht agus obair níos éifeachtaí i ngach cuid den Rialtas agus béim láidir ar thorthaí an athchóirithe a thomhas. In 2021, lean an Roinn den phróiseas athchóirithe, nuálaíochta agus forbartha a threorú ar fud na Seirbhíse Poiblí ar fad, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus táscairí a shainaithint a dhéanfaidh rathúnas an fheidhmithe a thomhas. Tosaíodh freisin ar obair ullmhúcháin a dhéanamh ar an bplean athchóirithe ina dhiaidh, rud a dhéanfar a fhoilsiú in 2022.

Lean an Roinn fosta dá clár athchóirithe ar aidhm dó rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a sheachadadh; críochnaíodh athbhreithniú domhain leitheadach ar ghnéithe áirithe den Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, agus fuarthas faomhadh Rialtais go gairid ina dhiaidh sin ar Scéim Ghinearálta a dhréachtú chun leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht bunaithe ar mholtaí a cuireadh chun cinn i dtuairisc an athbhreithnithe; leanadh d'fheidhmiú an Tionscnamh Sonraí Oscailte agus Éire fós ar thús cadhnaíochta san AE. tugadh tacaíocht agus comhairle a bhain le forfheidhmiú reachtaíocht Saoráil Faisnéise (FOI) do shaoránaigh agus suas le 600 comhlacht poiblí. Fógraíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus tosaíodh air sin in 2021. Leanadh den obair le linn na bliana ar thras-suíomh Threoir Sceithireachta AE (Treoir (AE) 2019/1937) agus foilseofar agus déanfar iniúchadh tosaigh ar scéim ghinearálta Bille chun leasú a dhéanamh ar an Acht um Nochtadh Cosanta a bheidh le rith ina reachtaíocht in 2022. Rinne an Rialtas comhaontú i mí Mheán Fómhair faoi mholtaí na Roinne i dtaca le creat reachtúil eitice, agus seoladh comhairliúchán poiblí mar chuid den Athbhreithniú sin i mí na Samhna, agus dúnadh sin i mí Eanáir 2022.

**Rialtas Digiteach**

Thug Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), i gcomhpháirt le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais i ngach cuid den tSeirbhís Phoiblí, an clár oibre claochlú digiteach chun cinn i ngach cuid den Státseirbhís.

Tugadh faoi roinnt tionscnamh, lena n-áirítear leathnú breise ar thacar seirbhíse *Tógáil le Roinnt* (BTS), dá leithéidí seo a leanas:

- Eagrais nua a thabhairt ar bord na seirbhíse Barr Deisce Bainistithe
- leanúint d'fheidhmiú céimneach agus forbairt na foirne Feidhmchlár agus seirbhís Gréasáin Rialtais ar fud na tíre agus tairseach gov.ie a thabhairt chun cinn, ós rud é gur croífhoinse faisnéise anois í don phobal
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Theastas Digiteach Covid an AE agus don fhoirm le haghaidh lucht taistil a aimsiú, agus réiteach príobháideach Néalríomhaireachta an Rialtais
- Ionad Sonraí na Seirbhíse Poiblí a thabhairt chun cinn.

Tá an OGCIO ag súil fosta le forfheidhmiú Straitéis r-Rialtais 2019-2023 agus na Straitéise Sonraí na Seirbhíse Poiblí agus An Achta um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachais. Thug sé chun tosaigh an Straitéis Ghairmiúlaithe AD TFC, ag obair i bpáirt leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí; d'oibrigh chun glacadh MyGovID ag gníomhaireachtaí rialtais a mhéadú; agus d'oibrigh leis an gClár Chéim an Mháistir sa Mhargaíocht Dhigiteach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun eispéiris custaiméirí ar sheirbhísí digiteacha rialtais a rochtain. Bhí rannpháirtíocht leanúnach aige le hinstitiúidí iltaobhacha, lena n-áirítear ECFE agus AE ar

fheidhmiú na chéad chéime den Rialachán Tairseach Dhigiteach Aonair agus ghlac páirt i ngrúpaí polasaí agus teicniúla don eIDAS agus an Chomhpháirtíocht Bhlocshlabhra Eorpach.

### Soláthar Poiblí

Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP), de réir a Ráiteas Straitéise 2021-23, ag déanamh seachadadh ar an gclár Athchóirithe Soláthair Phoiblí, ag díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar bheartas agus ar chleachtas an tsoláthair phoiblí ar fud na tíre. De réir an Phlean Rialtias, rinne an OGP feidhmiú ar bheartas agus ar chleachtas an tsoláthair maidir le tionchar inbhuanaithe, timpeallachta, eacnamaíoch agus sóisialta na straitéisí soláthair ar fud na tíre.

Choinnigh an OGP leis an tacaíocht don bhfeagairt náisiúnta ar Covid-19, agus d'fhoilsigh treoir eile i Meán Fómhair 2021 agus rinne soláthar freisin ar Thithe Ósta ina bhféadfaí Coraintín Éigeantach a dhéanamh, ar son na Roinne Sláinte.

Thug an OGP tacaíocht don Phlean Forbartha Náisiúnta (INDP) trí threoir agus leasuithe a fhoilsiú ar an tacar conarthaí le haghaidh oibreacha poiblí. Dhírigh na beartais seo ar thionscadail atá á bhforbairt faoin NDP a shlánú ar bhaol Covid-19, ar shaincheisteanna a bhain leis an Margadh Árachais Slánaíochta Gairmiúla, agus le boilsciú costas.

Thug an OGP tacaíocht do réitigh lárnaithe dár gcliaint agus don luach ar airgead a chur ar fáil trí chomhaontuithe tráchtála náisiúnta a shocrú ar féidir le comhlachtaí poiblí iad a úsáid anois chun teacht ar earraí agus ar sheirbhísí comónta. Le linn 2021, bhunaigh an OGP 34 socrú náisiúnta nua tráchtála inar cumhdaíodh caiteachas measta €1.3 billiún le linn an téarma. I láthair na huaire tá 92 socrú lárnach ar obair ag an OGP thar 24 catagóir.

Leanann an OGP den chur chun cinn a dhéanamh ar chúrsaí glasa agus sóisialta trína socruithe tráchtála, de réir ár ngealltanas faoin gClár Rialtais. Rinne an OGP cur i láthair maidir leis an soláthar glas, inbhuanaithe, sóisialta agus nuálaíoch ag réimse leathan imeachtaí dírithe ar oifigigh soláthair, lucht déanta cinntí, agus soláthróirí. Le linn 2021, bhronn an OGP conarthaí soláthair leictreachais 100% glas do bhreis agus 1,200 bunscoil agus meánscoil ar fud an Stáit. Anuas air sin, tá creat an OGP Catering Consumables and Meal Containers, a seoladh mí Iúil 2021, a ligeann do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí teacht ar chineálacha inbhuanaithe na dtáirgí atá faoi thoirmeasc ag an Treoir AE maidir le Plaisteach Aon-Úsáide.

Rinne Tionscadal an Ardán **eTenders**, a thiocfaidh in áit an Ardáin Náisiúnta ríomh-Sholáthair le 160,000 úsáideoir, dul chun cinn suntasach le hais a chuspóirí in 2021. Tá an tionscadal á chur ar aghaidh le próiseas soláthar ina bhfuil dhá chéim.

In 2021, leanadh den fhorbairt agus den soláthar ar chúrsaí oiliúna Acadamh Scileanna Tráchtála an OGP agus breis agus 3000 Státseirbhíseach ag freastal ar a chuid imeachtaí éagsúla oiliúna. Cabhróidh leathadh na hoiliúna sa réimse seo le feidhmiú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

### Tacaíocht dár bhFoireann chun a gCuspóirí a Bhaint Amach

Dhírigh an tAonad Straitéise AD Straitéis ar thacaíocht a choinneáil leis an eagraíocht maidir leis an aistriú go dtí an chianobair. Croíthionscnamh ab ea béim leanúnach a choinneáil ar straitéis *Your PERsonal Wellbeing* agus dearadh agus seachadadh clár cuimsitheach imeachtaí folláine oiliúna agus faisnéise 'Off-Site: Insight eLearning'.

Chuir an tAonad AD ar fáil seirbhís chomhairleoireachta, lena n-áirítear cóitseáil agus tacaíocht bainistíocht líne i bhfeidhmiú polasaí agus nósanna imeachta AD chun tacú leo athruithe a thabhairt chun cinn. Leanadh de chur chuige straitéiseach maidir le leithdháileadh acmhainní foirne agus bhí an tAonad mar chomhcheannaire ar roinnt tionscnamh ar fud na Roinne ar nós an Athbhreithnithe Cultúir.

I ngeall ar dhúshláin agus ar dheacrachtaí iomadúla a tháinig leis an bpaindéim Covid-19 bhí dlús leis an aibíocht a tháinig ar fhoghlaim agus ar fhorbairt san eagraíocht le linn 2021. Cláraíodh 2,796 san iomlán de laethanta foirmiúla oiliúint foirne agus bhí 412 ball foirne páirteach. Rinneadh éascaíocht don fhoireann chun freastal a dhéanamh ar thionscnaimh a bhain le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus Oideachais Iar-Iontrála. Anuas air sin, chuir an t-ardán ***Off-Site: Insight eLearning*** le haitheantas na Roinne sa ghearrliosta don Straitéis is Fearr Sláinte agus Folláine sna Duaiseanna Ceannaireachta agus Bainistíochta AD 2021 agus sna Duaiseanna AD CIPD 2022.

Bhí ról lárnach ag an Oifig Chorparáideach i gcomhordú na freagartha leanúnachas gnó do Covid-19. Tugadh tacaíocht chorparáideach fosta don Ard-Rúnaí agus don Roinn i gcoitinne agus comhordaíodh: forbairt Thuarascáil Bhliantúil na Roinne 2020, Plean Gnó 2020 agus Ráiteas Straitéise 2021-2023 cur chuige na Roinne i leith a bheartais rialachais, bainistíocht riosca agus soláthair, agus feidhmiú a chreata comhlíontachta. Tacaíodh leis an gCoiste Rialachais agus leis an mBord Bainistíochta ina gcuid oibre leanúnaí chun nósanna imeachta dea-chleachtais rialachais sa Roinn a mhonatóiriú agus a fheabhsú. Réitigh an tAonad Airgeadais na Meastacháin do 2021 i gcomhar le ranna na Roinne, rinne ullmhúchán le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte Bainistíocht Airgeadais agus rinne maoirseacht agus feabhsú ar bhainstíocht airgeadais sa Roinn.

Chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánach agus AE seirbhís iniúchóireachta inmheánach ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadas agus lean mar Údarás Iniúchóireachta ainmnithe d'Éirinn ó thaobh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) de. I gcomhar leis an Aonad AD, bhí ról lárnach ag an Iniúchadh Inmheánach maidir leis an athbhreithniú Cultúir sa Roinn agus táthar ag leanúint den chur i bhfeidhm ar mholtaí an athbhreithnithe. In 2021, ceapadh an tAonad mar Údarás Iniúchta don Chlár PEACE PLUS 2021-2027, agus tugadh freagracht dó chomh maith as iniúchadh a dhéanamh ar an gCiste Náisiúnta Athshlánaithe agus Athléimneachta, agus as Cúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Thug Oifig an Aire tacaíocht feidhmiúcháin do na hAirí Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léirigh an Phreas-Oifig fís, ráiteas misin, luachanna agus obair an aire d'fhonn cumarsáid a dhéanamh ar dhóigh straitéiseach, éifeachtach le páirtithe leasmhara bainteacha. Bhí croíról ag Oifig an Ard-Rúnaí i dtacú leis an Ard-Rúnaí i gcomhthéacs a fhreagrachtaí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

### Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis (CMO)

Cuireann Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis seirbhís sláinte ceirde agus inchur beartais ar fáil don Státseirbhís thar 53 Roinn/Gníomhaireacht Rialtais agus 14 príosún ar fud na tíre. Tá breis agus 42,000 fostaí i gceist sa tseirbhís sin. Tugtar an tseirbhís fosta do réimse d'eagrais eile san earnáil phoiblí agus d'eagrais neamhthráchtála leathstáit. Ina measc seo bhí measúnú leighis réamhfhostaíochta don tSeirbhís Ceapacháin Phoiblí maidir leis an FSS agus poist sna húdaráis áitiúla.

Pléadh le 12,424 cás faoi leith in 2021. Anuas air sin, tugadh 1,905 dáileog den vacsaín agus rinneadh 295 tástáil ar chumas cloisteála. Tugadh sainchomhairle maidir le breis agus 280 saincheist oibre agus sláinte.

# 1 Caiteachas Poiblí a Bhainistiú

## 1.1. Próiseas na Meastachán a Bhainistiú

I nDeireadh Fómhair, d'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Caiteachais 2022. Leagadh amach ansin na bearta buiséid do 2022, agus caiteachas iomlán dar suim suas le €87.6 billiún don bhliain. As an tsuim sin tá €80.1 billiún mar bhunchaiteachas, agus caiteachas sealadach suas le €7 billiún ar fáil chun freagairt do thionchair Covid-19 agus €0.5 billiún ar fáil le haghaidh a dháileadh in 2022 faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Ina dhiaidh sin, foilsíodh i mí na Nollag an tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe (REV) 2022 ina leagtar amach leithdháiltí mionsonraithe caiteachais do 2022 ag leibhéal na gclár. Tá suim díreach faoi €83 billiún den iomlán €87.6 billiún dáilte ag leibhéal na Roinne sa REV, agus tá breis agus €79.8 billiún dáilte ar chláir bunchaiteachais agus tá tacaíochtaí ann dar suim €3.1 billiún chun plé le tionchar na géarchéime leanúnaí Covid-19 agus an RA tarraingt amach as an Aontas Eorpach. Tá ciste €3.9 breise ann chomh maith mar chistiú teagmháis, agus sin ar fáil in 2022 sa chás go mbeidh tacaíocht dírithe ag teastáil ó earnálacha ríthábhachtacha agus iad faoi thionchar leanúnach Covid-19.

Cuimsítear in REV fosta faisnéis feidhmíochta do gach Vóta agus leagtar amach na croísheirbhísí agus gníomhaíochtaí a mhaoinítear le hacmhainní poiblí agus tomhais ardleibhéil na dtáscairí comhthéacs agus tionchar a bhaineann leis na seirbhísí agus gníomhaíochtaí seo. Cuimsítear i REV 2022 fosta faisnéis feidhmíochta a bhaineann leis an Tionscnamh Buiséadú Comhionannais, agus mionsonraí ar chaiteachas a bhaineann le cúrsaí aeráide ar fud Ranna Rialtais.

Tá na dáileacháin seo i gcomhréir leis an straitéis chaiteachais mheántéarmach, sa tréimhse go dtí 2025, a rinneadh a fhorbairt le linn 2021. Comhaontaíodh an straitéis seo leis an Roinn Airgeadais agus foilsíodh í i Ráiteas Eacnamaíoch an tSamhraidh. Tá macalla ann ar ghealltanas an Rialtas an t-airgeadas poiblí a shocrú ar bhonn níos inbhuanaithe, tríd an easnamh a laghdú agus gliondáil a dhéanamh ar thacaíochtaí Covid-19 an uair nach mbeidh feidhm leo a thuilleadh, agus tabhairt faoi dhúshláin bhonneagair, lena n-áirítear réimsí na tithíochta agus ghníomhú na haeráide; leanúint den fheabhsú a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí agus ar thacaíochtaí sóisialta; agus a chinntiú go mbeidh athshlánú cothrom ann tar éis na paindéime.

Tá achoimre sa tábla thíos ar chúrsaí maidir leis an Meastachán ar Chaiteachais Iomlán a Vótáladh 2022

| Meastachán ar Ollchaiteachas A Vótáladh 2022 | |
|---|---|
| | € million |
| Ollchaiteachas Reatha a Vótáladh (Bun) | 69,173 |
| Ollchaiteachas Caipitiúil a Vótáladh (Bun) | 10,908 |
| **Ollchaiteachas A Vótáladh (Bun)** | **80,080** |
| | |
| Caiteachas Covid-19 a dáileadh, lena n-áirítear NRRP | 3,076 |
| Cúlchiste Coigeartaithe Brexit a Dáileadh | 54 |
| **Suim (seachas Bun) a dáileadh ar Ranna** | **3,130** |
| | |
| Cúlchiste Covid-19 | 2,766 |
| Covid Eile gan dáileadh | 1,171 |
| Cúlchiste Coigeartaithe Brexit | 446 |
| **Suim (seachas Bun) nár dáileadh fós ar Ranna** | **4,383** |
| | |
| **Iomlán Caiteachais a Vótáladh** | **87,593** |

** Cuimsíonn bunchaiteachais caipitiúil nár dáileadh fós faoi Chiste an Oileáin Chomhroinnte (€25m) agus Ciste Forbartha Réigiúnaí an AE (€70m) agus bunchistiú reatha madiir le huaireanta breise a bhaineann la Comhaontú Bhóthar Haddington (€150m). ** Cistiú atá marcáilte le haghaidh a chaitheamh ar thionchair fhéideartha sa tSláinte, san Oideachas, agus i Margadh an tSaothair*
*** B'fhéidir go mbeadh tionchar ag neasú ar na suimeanna iomlána*

D'fhoilsigh an Roinn páipéar ar úsáid Cistí Cáin Charbóin in 2022 ina mionsonraítear na cláir chaiteachais a fhaigheann maoiniú ó cháin charbóin mhéadaithe.

Tugadh na croíthionscnaimh seo a leanas chun cinn:

- Mar chuid den phróiseas buiséid don bhliain ar fad, foilsíodh an Tuarascáil Lár Bliana ar Chaiteachas 2021 (MYER) i mí Iúil. Tugadh mionsonraí ann ag leibhéal na Roinne ar na suimeanna a leithdháileadh don chaiteachas ar Covid-19 agus leagadh amach bonnlíne shoiléir chaiteachais roimh Cháinaisnéis 2022, chomh maith le hachoimre a chur ar fáil ar an Athbhreithniú ar Chaiteachas 2021 agus leagan amach a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh Creat Folláine d'Éirinn bheith mar bhonn eolais le haghaidh feabhsú a dhéanamh ar thionchar an bheartais phoiblí ar shaol na ndaoine.

- Chuir an Roinn an córas nua eEstimates i bhfeidhm a rinne OGCIO a fhorbairt le haghaidh bainistiú a dhéanamh ar phróiseas na Meastachán i gcaitheamh na bliana, rud a mbíonn cead rochtana ag gach Roinn air, agus a dhéanann sruthlíniú ar bhunmhíreanna den ullmhúchán ar mheastacháin agus ar thuairisciú caiteachais.

- Críochnaíodh an dara bliain den timthriall reatha trí bliana athbhreithnithe caiteachais. Tá an próiseas tar éis lear mór a aschur agus foilsíodh chóir a bheith 150 páipéar dá bhun ó 2016. Sa timthriall reatha déanfar measúnú criticiúil ar chláir chaiteachais agus croíréimsí polasaí ar bhonn leanúnach agus fianaise a bheidh i gcroílár ceapadh polasaithe agus is í a bheidh mar bhonn eolais forbairt polasaí ag amanna ríthábhachtacha, lena n-áirítear i gcomhthéacs plé na Meastachán leis na Ranna.

- Sa Bhuiséadú Feidhmíochta tá an fócas ar na torthaí a sheachadtar de mhaoiniú poiblí agus bhí forbairtí suntasacha sa tionscnamh seo in 2021. Foilsíodh an cúigiú Tuarascáil Feidhmíochta Seirbhíse Poiblí i bhformáid athbhreithnithe, níos inrochtana i mí na Bealtaine agus cuireadh i láthair foireann chiallmhar d'fhaisnéis feidhmíochta; cuimsítear sa REV fosta faisnéis feidhmíochta i leith an daichead a cúig Vóta uile. D'éirigh leis an iarratas chuig Clár Tacaíochta Athchóiriú Struchtúrach AE (SRSP) agus dá thoradh sin bronnadh maoiniú chun an creat agus córais Buiséadú Feidhmíochta a fhorbairt, le tacaíocht ó fhoireann de chuid an ECFE. Sa tionscadal seo tá gach gné den Bhuiséadú Feidhmíochta amhail Buiséadú Comhionannais, Buiséadú Glas, Buiséadú SDG agus Buiséadú Folláine, ar aon dul leis an ngealltanas sa Chlár Rialtais creat folláine a fhorbairt. Cuireadh tús leis an gcéad chéim den tionscadal seo i R4 2020 agus leanadh den obair in 2021, agus bhí cuairt mhisin ó EFCE i mí Dheireadh Fómhair.

- Leanadh den obair ar fheidhmiú mholtaí ECFE ar Bhuiséadú Comhionannais in Éirinn. Is slí é an Buiséadú Comhionannais chun dul i mbun buiséid agus é a thuiscint mar phróiseas ina léirítear roghanna sochaíocha fadbhunaithe faoin dóigh a n-úsáidtear acmhainní seachas díreach próiseas neodrach leithdháileadh acmhainní agus cabhraíonn sé leis an Roinn a Dualgas don Earnáil Phoiblí a chomhlíonadh. Tar éis iniúchadh ar shonraí Comhionannais a rinneadh in 2022, tá obair ar siúl anois straitéis sonraí Comhionannais a fhorbairt. Tar éis cinneadh Rialtais i Márta 2021, tá an Grúpa Idir-Ranna um Buiséadú Comhionannais bunaithe leis an mBuiséadú Comhionannais a chur chun cinn ar fud na ranna go léir. Tacaítear leis an obair ar Bhuiséadú Comhionannais trí chruinnithe rialta de Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe.

- Chuir an Roinn leis an bhforbairt atáthar a dhéanamh ar an gcéad Creat Folláine d'Éirinn (foilsíodh an chéad tuarascáil Iúil 2021). Anuas air sin, mar thacaíocht le gealltanas an Rialtais a chinntiú go mbainfear úsáid as an bhfolláine go córasach ar fud dhéantús beartais an rialtais, thug an Roinn faoi obair phíolótach ar chur chuige maidir leis an bhfolláine a

aimsiú sa bheartas poiblí reatha, rinne teagmháil le réimse leathan saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus thosaigh ar fhorbairt a dhéanamh ar thionscnaimh bhainteacha a chuirfear chun tosaigh in imeacht 2022.


## 1.2. Bainistiú Caiteachas Vótáilte

Gach bliain, údaraíonn an Dáil maoiniú i leith sheirbhísí agus ghníomhaíochtaí an Rialtais ina sciartha caiteachais ar a dtugtar Vótaí. Is réimse ar leith caiteachas rialtais é Vóta ar de chúram Roinn nó Oifig aonair Rialtais é. Déanann an Roinn monatóireacht agus bainistiú ar chaiteachas de réir Vótaí aonair, chomh maith le caiteachas poiblí a anailísiú agus a bhainistiú ar leibhéal comhiomlán

Le linn 2021 ar fad, rinne an Roinn monatóireacht ar chaiteachas ag gach Roinn Rialtais i gcoinne próifílí míosúla caiteachais a foilsíodh ag tús na bliana. Foilsítear na figiúirí caiteachais seo ar bhonn míosúil sa Mhonatóir Fioscach ina bhfuil croífhigiúirí ioncaim fosta arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais. Le linn 2021, rinne an Roinn maoirseacht ar chaiteachas iomlán vótáilte dar suim €87.5 billiún, a bhí €2.3 billiún nó 2.6% níos airde ná an caiteachas in 2020. Cuimsíonn seo dáileadh le linn 2021 ar chistiú Covid-19 a bhí mar chúlchiste, le go mbeadh spása síneadh a chur le scéimeanna tacaíocht do dhaoine, do ghnólachtaí agus d’earnálacha a tháinig faoi thionchar na paindéime.

Tá achoimre ar an athrú bliain ar bhliain san Ollchaiteachas Vótáilte Reatha, de réir Mhonatóir Fioscach Nollag 2021, sa chairt seo thíos.

**Deireadh-Mí na Nollag Ollchaiteachas Vótáilte Reatha - Athrú Bliain ar Bhliain, €m**




Scrúdaigh agus mheas an Roinn fosta moltaí ó Ranna agus Gníomhaireachtaí ar bhonn luach ar airgead agus tosaíochtaí acmhainne; thug comhairle ar cé acu ba chóir nó nár chóir na moltaí a fhaomhadh; agus d'athbhreithnigh agus thug comhairle ar pholasaí agus feidhmíocht comhlachtaí Stáit.


Mar gheall ar an gcineál róil atá aici, bíonn teagmháil fhorleitheadach ag an Roinn le Ranna agus comhlachtaí poiblí eile maidir le réimse leathan de pholasaithe earnála san uile chuid den Rialtas.

## 1.3. Bainistiú Caiteachas Caipitil

Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas caipitil ag Ranna dar suim €9.7 billiún in 2021, méadú bliain ar bhliain san infheistíocht chaipitil dar suim €585 milliún, nó 6.4%, le linn olltoradh Cuntas Leithghábhála deireadh 2020 dar suim €9.1 billiún. Léirítear an leibhéal infheistíochta seo i dtionscnaimh bonneagar agus clár caipitil tiomantas an Rialtas chun caiteachas caipitil a mhéadú ar aon dul leis an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP).

Tá achoimre sa tábla thíos ar an gcaiteachas caipitil in 2020 agus 2021 bunaithe ar eisiúintí dheireadh na bliana.

**Caiteachas Caipitil 2020 – 2021**




Tionscadal Éireann 2040 - An Plean Forbartha Náisiúnta agus an Creat Pleanála Náisiúnta (NPF) araon atá i gceist leis seo, ina bhféachtar leis an mbealach a bpleanáiltear agus a seachadtar infheistíocht phoiblí a athchóiriú chun inbhuanaitheacht eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil a ghnóthú. Cinntíonn an straitéis go mbeidh ailíniú idir pleananna infheistíochta agus Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta atá luaite do 2040, ar bhealach tomhaiste comhtháite sainmhínithe. I ngeall ar ailíniú an NDP agus an NPF faoi Tionscadal Éireann 2040, tá plean aontaithe comhtháite ann don tír, trína chinntiú go mbeidh ár straitéis infheistíochta ag tacú leis an bpleanáil spáis laistiar de thacar cuspóirí comhroinnte straitéiseacha don fhorbairt tuaithe, réigiúnach agus uirbeach, agus neartófar an ceangal leis an bPlean nua Gníomhaithe don Aeráid agus beartais eile in éarnálacha difriúla.

Rinneadh athbhreithniú ar an NDP i ndeireadh 2020 agus in 2021, agus seoladh an NDP athnuaite i mí Dheireadh Fómhair 2021. Cuimsíonn an NDP 2021-2030 an infheistíocht chaipitil is mó riamh sa Stát, ar ionann é agus €165 billiún i dtréimhse deich mbliana ón Státchiste agus ó chomhlachtaí leathstáit.

Cuirfidh na hinfheistíochtaí atá in NDP 2021-2030 an geilleagar ar chonair níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, conair atá níos oiriúnaí do gheallúintí an Rialtais maidir leis an aeráid abhus, agus do Chomhaontú Pháras.

Mar chuid dhílis den Athbhreithniú NDP, rinneadh measúnú ar an gcionroinnt a bheidh ag caiteachas caipitil ón Státchiste in NDP 2021-2030 maidir le réimse torthaí aeráide agus bithéagsúlachta.

Is é NDP 2021-2030 an deireadh ar roinnt míreanna oibre a thagann le chéile ina mbonn láidir fianaise ónar féidir leis an Rialtas cinntí eolasacha infheistíochta a dhéanamh.

- Tharraing tuarascáil Chéim 1 ar thaighde agus ar pháipéir bheartais, chomh maith le comhairliúchán leathan poibli.
- I gCéim 2 rinneadh teagmháil mhionsonraithe le Ranna le go gcomhaontófaí leithdháiltí caipitil agus cláir thosaíochta a bheadh san áireamh sa NDP.

Tacaíodh le feidhmiú PI2040 in 2021 trí na haschuir seo a leanas:

- Foilsiú an tríú Tuarascáil Bhliantúil agus trí Thuarascáil Réigiúnacha ina leagtar amach an dul chun cinn go nuige seo maidir leis an seachadadh chomh maith le forbairtí beartais ar fud an chórais.
- Foilsíodh treoir uasdátaithe maidir le hanailís airgeadais a dhéanamh mar chuid den Chód Caiteachais Phoiblí
- Foilsíodh Tuarascáil Fhoireann Ghníomhaithe Tacaíochta an Bharr Feabhais, chun feabhsú a dhéanamh ar chumas na seirbhíse poiblí an NDP a sheachadadh.
- Tuairisc ar chás-staidéar a chuir síos ar dhul chun cinn na dtionscadal faoin NDP.
- Foilsiú Uirlis Mhapála Myprojectireland mapping tool, le cois Rianaire infheistíochta uasdátaithe, méadaithe;
- Comhdháil idirnáisiúnta a óstáil ar bhonneagar poiblí agus bunú InfraNet - an líonra gairmiúil ar bhonneagar poiblí.
- Foilseachán a rinne iniúchadh ar thionchair ar an margadh saothar, go háirithe, déine an tsaothair, in Éirinn i réimsí éagsúla de chuid na hinfheistíochta caipitil poiblí, ag díriú go háirithe ar an tógáil.

Rinneadh uasdátú substaintiúil ar an gCód Caiteachais Phoiblí (PSC) in 2021 agus tá riachtanais bhreise árachais anois ann do thionscadail mhóra ar mó ná €100 milliún a gcostas measta. In R4 2021, thug DPER isteach an Próiseas Árachais Seachtrach (EAP) agus an Grúpa Comhairleach Mór-Thionscadal (MPAG) chun uasdátú a dhéanamh ar threoir an PSC. Cuirfidh an MPAG nua, ina bhfuil ceathrar saineolaithe ardcháilithe, rathaíocht bhreise ar fáil ó thaobh phleanáil, bhainistiú agus sheachadadh na mórthionscadal infheistíochta caipitil poiblí.

## 1.4. Seirbhís Eacnamaíochta agus Luachála Rialtas na hÉireann

Seirbhís chomhtháthaithe tras-Rialtais í Seirbhís Eacnamaíochta agus Luachála Rialtas na hÉireann (IGEES)  a bhfuil d'aidhm aici tacú le ceapadh agus feidhmiú is fearr polasaí sa Státseirbhís trí úsáid anailís sonraí agus polasaí. Tá baill foirne IGEES ag obair i ngach Roinn agus cuireann siad le saineolas daoine a oibríonn ar cheapadh agus feidhmiú polasaí. D'ainneoin dhúshláin Covid-19, lean IGEES d'acmhainn a fhorbairt anuraidh le hearcú agus ionduchtú iontrálaithe nua á n-eagrú ó chian. San iomlán in 2021, rinne IGEES 29 Anailísí Polasaí Leibhéal Céime (Leibhéal Oifigeach Riaracháin) a earcú agus tugadh róil do 8 nEacnamaí/ Anailísí Polasaí (Leibhéal Príomh-Oifigigh Chúnta). 200 Eacnamaí/ Anailísí Polasaí atá sa Státseirbhís ina hiomláine anois, 150 acu a earcaíodh trí chomórtais oscailte IGEES.

Anuraidh fosta, leanadh den tsraith foghlama agus forbartha IGEES agus d'fhresatail 126 duine ar chúrsaí ar líne i rith na bliana. I measc na gcúrsaí seo bhí oiliúint ar Anailís ar Chostas is Tairbhe, Anailís Ilchritéir, Measúnú Tionchair Rialála agus ríomhchláir staitistice (R agus Stata). Chomh maith leis sin, rinne baill de IGEES módúl a éascú don Chlár Iarchéime Státseirbhíse: breacadh uirlisí déanta polasaí bunaithe ar fhianaise i láthair ORanna agus Tríú Rúnaithe nua-

earcaithe i ngach cuid den Státseirbhís agus cuireadh clár saincheaptha iondúchtúcháin ar fáil do ORanna IGEES nua-earcaithe.

Scríobh baill foirne de chuid IGEES i Ranna éagsúla breis agus 40 páipéar inar cumhdaíodh réimse d'ábhair lena n-áirítear tionchar an mhargaidh saothair ar an infheistíocht chaipitil, tionchar na n-athruithe déimeagrafacha ar chaiteachas sláinte, tacaí fiontair a dháileadh, múnla a fhorbairt do shanntacháin múinteoirí agus a lán eile agus iad uile ar fáil ar shuíomh gréasáin IGEES. Foilsíodh roinnt díobh seo mar chuid d'Athbhreithniú Caiteachais 2021 agus Cáinaisnéis 2022. Thug IGEES tuilleadh tacaíochta le linn 2021 d'úsáid ceapadh polasaí bunaithe ar fhianaise trí mhéid suntasach anailíse inmheánaí a dhéanamh ar thionchair agus ar fhreagairtí polasaí do Covid-19.

Chun tacú le díospóireacht ar pholasaí agus ceapadh polasaí bunaithe ar fhianaise, anuraidh d'eagraigh IGEES ar líne, Comhdháil Bhliantúil IGEES agus d'fhreastail thart ar 136 duine ar an meán thar na trí lá i mí na Samhna 2021. Óstáladh fosta 8 Seimineár Plé ar Pholasaí Straitéiseach inar cumhdaíodh réimse leathan d'ábhair. Lena chois sin, bhí baill foirne IGEES as gach cuid den líonra páirteach i réimse de chomhdhálacha seachtracha, lena n-áirítear Ceardlann Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath agus Comhdháil Margadh Saothair NERI.

Is in 2021 fosta a leanadh de Chiste Taighde IGEES, a bunaíodh chun tacú le hobair anailíseach ar cheisteanna polasaí tras-rannach. Leithdháileadh ciste 2021 chun tacú le comhthionscnamh idir na Ranna Leanaí, Cothromais, Éagumais, Comhtháiteachta agus Óige, agus Forbairt Tuaithe agus Pobail. Tá an tionscadal ag iarraidh tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais ilchineálacha tuismitheoirí agus na saincheisteanna a bhaineann dóibh i gcomhthéacsanna difriúla maidir le rochtain a fháil ar Luath-Fhoghlaim agus Cúram (ELC) agus Cúram in Aois Scoile (SAC).

## 1.5. Cuntasaíocht Rialtais

Is é ról Aonad Cuntasaíochta an Rialtais (GAU) sa Roinn ná beartais chuntasaíochta rialtais, prionsabail agus nósanna imeachta a fhorbairt chun dea-bhainistíocht agus dea-chuntasacht airgeadais a chur chun cinn agus a threisiú i ngach Roinn agus Oifig Rialtais. Is de chúram Aonad Cuntasaíochta an Rialtais é fosta an Cód Cleachtais i gcomhair Rialachas Comhlachtaí Stáit, an Cód Caiteachais Phoiblí agus Treoir ar Bhainistíocht Riosca agus Iniúchadh Inmheánach do Ranna agus Oifigí Lárnacha Rialtais.

Tá GAU ag cur chun cinn an t-aistriú ó chuntasaíocht airgid thirim go cuntasaíocht achtúireach do Ranna agus Oifigí lárnacha Rialtais, agus feidhmiú céimneach Seirbhísí Comhroinnte Bainistíocht Airgeadais (FMSS) agus forbairtí féideartha amach anseo i gcaighdeáin chuntasaíochta Earnáil Phoiblí na hEorpa (EPSAS).

Mar chuid de Chlár Tacaíochta Athchóiriú Struchtúrach Choimisiún na hEorpa (SRSP), rinne an EFCE measúnú ar an gCreat Lárnach Cuntasaíocht Rialtais agus sainaithníodh plean chun athchóirithe tuairiscí airgeadais a fheidhmiú, lena n-áirítear aistriú chuig cuntasaíocht achtúireach. I ndiaidh dul i gcomhairle le croípháirtithe leasmhara, d'fhoilsigh an ECFE a thuairisc Tuairisc Airgeadais in Éirinn i Meitheamh 2019, agus leagadh amach a chroíthorthaí agus moladh cur chuige feidhmiú céimneach. I nDeireadh Fómhair 2019, chomhaontaigh an Rialtas plean imlíne chun iad seo a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach thar cúig bliana, 2020 go 2025, agus rinneadh dul chun cinn in 2021 maidir le forbairt agus oiriúnú a dhéanamh ar Chaighdeáin Chuntasaíochta Earnála Poiblí Idirnáisiúnta (IPSAS) do chomhthéacs na hÉireann, chun na Caighdeáin Chuntasaíochta Rialtais Lárnaigh a chruthú, agus tús a chur le forbairt ar Lámhleabhar Cuntasaíochta Rialtais Lárnaigh do Ranna agus Oifigí Rialtais. Tá an dá réimse seo mar chuid den Chreat nua Tuairiscithe Airgeadais agus Cuntasaíochta don Rialtas in Éirinn, bunaithe ar an chuntasaíocht achtúireach.

Thug comhairleoirí seachtracha cúnamh teicniúil faoin SRSP maidir le dréachtú an chreata fhoriomláin choincheapúil do Chreat Tuairisciú Airgeadais Rialtais Láir na hÉireann. Leagtha

amach sa chreat coincheapúil tá na prionsabail chuntasaíochta ardleibhéil, bunaithe ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta don Earnáil phoiblí (IPSAS) a bheidh ábhartha do Ranna agus Oifigí Lárnach Rialtas na hÉireann. Cuireadh Grúpa Comhairleach Seasta ar bun ina raibh acadóirí/saineolaithe cuntasaíochta agus croíphäirtithe leasmhara, lena n-áirítear Oifigigh Airgeadais bhainteacha agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, chun tacaíocht chomhairleach agus comhairle shaineolach a thabhairt maidir le feidhmiú na n-athchóirithe.

In 2021, ghlac GAU leis an bhfreagracht bheartais i dtaca le Treoirlínte um Cheapacháin ar Bhoird Stáit. I mí Iúil 2021, rinne GAU anailís ar an 203 Bord Stáit gan folúntas. Léirigh an anailís go bhfuil 2,085 comhalta boird ar obair agus gur 44.65% baineann agus 55.39% fireann an ráta rannpháirtíochta inscne, agus go bhfuil 50.74% de na boird ag teacht anois leis na spriocanna inscne 40%.

**Comhlachtaí faoi Choimirce – Athbhreithniú Criticúil Tréimhsiúil**

Tá réimse leathan comhlachtaí poiblí faoi choimirce na Roinne agus tá an Roinn ag leanúint den leabú a dhéanamh ar mhaoirseacht neartaithe agus socruithe teagmhála i ndáil leo. Níl ach aon cheann amháin de na comhlachtaí seo faoi réir ag treoirlínte maidir le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (PCR) – Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn faoi chur i bhfeidhm phrionsabail an PCR ar an gcomhlacht seo faoi roinnt ceannteideal. Maidir le PCR a chur chun feidhme, chuir an Roinn san áireamh go bhfuil forbairtí bainteacha ann ar nós Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann a bhunú. Cé go mbeidh an comhlacht seo scartha amach ó Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, is ionann a bhunú agus athrú bheith ag teacht ar an gcreat rialála ina mbíonn an Rialálaí Crannchuir ar obair. Dá réir sin, bheadh sé tráthúil breithniú a dhéanamh faoi PCR ar an rialálaí Crannchuir ach a mbeidh an tÚdarás sin bunaithe agus tús curtha lena fheidhmiú.

Bhí an Roinn páirteach chomh maith i gcúrsaí eile a bhain leis an gCrannchur Náisiúnta ar bhealach níos ginearálta. Tá tús curtha ag an Aire le hathbhreithniú beartais ar leithdháileadh chistí an Chrannchuir ar na Cúiseanna Fiúntacha, d'fhonn trédhearcacht agus láidreacht an phróisis leithdháilte sin a fheabhsú. Tá súil go mbeidh deireadh leis an Athbhreithniú in R2 2022, agus go mbeidh moltaí beartais faoi bhráid an Aire lena meas.

**Comhlachtaí faoi Choimirce – saincheisteanna eile**

Tá Oifig an Ombudsman ar cheann de na comhlachtaí is suntasaí atá faoi choimirce an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus tá ról criticiúil aige i Seirbhís Phoiblí na hÉireann agus do shochaí na hÉireann ar fad. In 2021, thug an Ombudsman, Peter Tyndall Uas. fógra faoin rún dul ar scor tar éis ocht mbliana de sheirbhís ghradamúil. Shocraigh an tAire próiseas iomaíocht chun Ombudsman nua a roghnú. Tar éis an próiseas sin a chríochnú, ceapadh Ger Deering Uas. ina Ombudsman, agus ghlac sé leis an ról i mí Eanáir 2022.

# 2 AE, Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta agus Thuaidh-Theas

## 2.1. Struchtúr

Laistigh den Roinn, tá Aonad AE agus Breatimeachta freagrach as comhordú agus maoirseacht gnóthaí AE, Breatimeacht agus gnóthaí idirnáisiúnta eile i ngach cuid den Roinn, lena n-áirítear an teagmháil leis an mBreatain. Tá Aonad Cistí Struchtúracha, Beartais Chomhtháiteachta agus Thuaidh Theas ar leith freagrach as Beartas Comhtháiteachta, Cláir Náisiúnta ERDF, Cláir thrasnáisiúnta Comhoibrithe idir Críocha Eorpacha (ETC), Cláir thrasteorann le Tuaisceart Éireann, lena n-áirítear PEACE PLUS, agus cúrsaí comhordaithe Thuaidh/Theas DPER, lena n-áirítear tacaíocht don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas. Tá an tAonad Iniúchta Inmheánach agus AE mar Údaráis Iniúchta ERDF le haghaidh chláir ERDF na hÉireann.

## 2.2. AE agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

Déanann an tAonad AE agus Idirnáisiúnta comhordú ar lorg coise na Roinne san AE, rud atá ag méadú, chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil do chuid oibre na Rannán eile, lena n-áirítear le attaché agus foireann thacaíochta atá lonnaithe i mBuan-Toscaireacht na hÉireann ag an AE sa Bhruiséal.

Áirítear iad seo a leanas i measc an réimse saincheisteanna AE a bhfuil an Roinn anois freagrach astu:

- Réimse cistí AE, lena n-áirítear an Áis Téarnaimh agus Teacht Aniar, Cúlchiste Coigeartaithe na Breatimeachta, Cistí Struchtúrtha AE agus clár PEACE PLUS;
- próiseas Seimeastar na hEorpa; an clár oibre don aeráid, lena n-áirítear Fit for 55;
- Soláthar poiblí;
- eRialtas agus an clár oibre digiteach;
- gairmeacha AE; lena n-áirítear straitéis nua an Rialtais A Career for EU agus Rialacháin Foirne an AE
- Clár oibre na trédhearcachta, lena n-áirítear faisnéis na hEarnála Poiblí agus an sceithireacht.

Tugann an Roinn tacaíocht don Aire mar bhall den Choiste Rialtas ar an mBreatimeacht agus Tuaisceart Éireann agus den Choiste Rialtais ar an Eoraip, agus déanann sí ionadaíocht ar son na Roinne ar réimse grúpaí idir-roinne, lena n-áirítear Grúpaí na nOifigeach Sinsearach mar thacaíocht don dá Choiste Rialtais, Grúpaí Oifigeach Sinsearach agus Rúnaithe Cúnta Aeráide an AE, agus Grúpa na nOifigeach Sinsearach Bhonneagar Thuaidh Theas. Tá an tAonad Athraithe Aeráide tar éis cur le seasamh náisiúnta na hÉireann ar an bpacáiste moltaí 'Fit for 55' a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí Iúil 2021, chun bunathrú a dhéanamh ar reachtaíocht aeráide agus fuinnimh an AE chun ailíniú a dhéanamh le cuspóir laghdaithe astaíochtaí faoi 55% faoi 2030 ar fud an AE. Tá an tAonad mar bhall freisin den Ghrúpa Oibre Fuinnimh agus Athrú Aeráide ar an gCoiste Beartais Eacnamaíochta, agus an Toscaireacht Náisiúnta Aeráide, a chuireann leis an seasamh a bhíonn ag an AE ag Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCCC), ar reachtáladh an cruinniú is déanaí de ag COP26 i nGlaschú i nDeireadh Fómhair 2021.

## 2.3. Plean Téarnaimh agus Teacht Aniar Náisiúnta

Is í Saoráid Téarnaimh agus Teacht Aniar (RRF) an AE an chuid is mó de NextGeneration EU, lena gcuirtear timpeall €724 billiún ar fáil do Bhall-Stáit mar dheontais agus iasachtaí, rud a fhágann go mbeidh Éire i dteideal chóir a bheith billiún euro de dheontais a fháil in imeacht thréimhse na hÁise. In Éirinn is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Comhlacht a thabharfaidh Feidhm don tSaoráid.

Is é cuspóir na Saoráide maolúchán a dhéanamh ar tionchar eacnamaíocht agus sóisialta na paindéime agus geilleagair agus pobail na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní, agus níos ullmhaithe do na dúshláin a agus na deiseanna a thiocfaidh leis na haistrithe glas agus digiteacha.

Chuir Éire isteach a Plean Téarnaimh agus Teacht Aniar (NRRP) don Choimisiún Eorpach ar an 28 Bealtaine, 2021. Leagtar amach sa Phlean, ina bhfuil luach iomlán €990 billiún, na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a gheobhaidh tacaíocht ón Áis. An forchuspóir atá aige ná cur le téarnamh inbhuanaithe, cothrom, glas digiteach, ar bhealach a thagann le hiarracht athshlánaithe níos leithne an Rialtais agus a thacaíonn leis sin.

Tá Plean na hÉireann bunaithe ar sé cinn déag de thionscadail infheistíochta agus naoi mbeartas athchóirithe, a chumhdaíonn na tosaíochtaí a leanas:

- Tosaíocht 1: An tAistriú Glas a Chur Chun Cinn;
- Tosaíocht 2: Athchóirithe agus Aistriú Glas agus Digiteach a Ghéarú agus a Leathnú; agus
- Tosaíocht 3: Téarnamh Sóisialta agus Eacnamaíocht agus Cruthú Post.

Ar an 16 Iúil 2021, d'eisigh an Coimisiún a mheasúnú dearfach ar an bPlean. Rinne ECOFIN breithniú faoin bPlean ar an 6 Meán Fómhair 2021, agus glacadh le Cinneadh Feidhmithe Comhairle ar an 8 Meán Fómhair, 2021. Tá tús curtha le feidhmiú an Phlean.

## 2.4. Freagairt don Bhreatimeacht

Le linn 2021, tar éis an chomhaontaithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhoibrithe AE-RA agus deireadh le tréimhse aistrithe Breatimeachta ag deireadh 2020, lean an tAonad AE agus Idirnáisiúnta de pháirt a ghlacadh sa Fhreagairt tras-Rialtais maidir leis an mBreatimeacht ag tabhairt faoi na saincheisteanna a tháinig ann i ngeall ar an RA tarraingt amach as an AE, lena n-áirítear a thionchar ar chaidreamh na hÉireann amach anseo leis an RA agus an AE, agus go háirithe an tionchar a bheidh aige ar Thuaisceart Éireann.

Bhí obair i gceist maidir le comhordú fhreagairt na Roinn don chaidreamh athraithe, de réir Phlean Ullmhachta an Rialtais don Bhreatimeacht, i dtaca leis an soláthar poiblí, clár an AE agus na riachtanais bonneagair ag calafoirt agus ag aerfoirt.

## 2.5. Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta

Ar 25 Nollaig, 2020, tar éis an chomhaontaithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhoibrithe AE-RA, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an moladh aige go mbunófaí Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR) dar luach iomlán €5 billiún le go gcuirfí in aghaidh na n-impleachtaí dochracha nach bhfacthas láithreach, a bhain leis an RA tarraingt amach as an AE sna Ball-Stáit, sa réigiúin agus sna hearnálacha ar mhó a mbainfí dóibh.

I mí an Mheithimh 2021, rinneadh comhaontú faoi Rialachán BAR idir Comhairle na nAire, Pairlimint na hEorpa agus an Coimisiún. Ghlac an Chomhairle agus an Phairlimint go foirmiúil

leis an Rialachán BAR i Meán Fómhair 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 11 Deireadh Fómhair, 2021.

Éire is mó a bhainfidh leas as an gCúlchiste, agus breis agus €1 billiún geallta, rud is ionann agus beagán níos mó ná 20% den Chúlchiste ar fad. In Éirinn, is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Comhlacht Ainmnithe don Chúlchiste. Ar an 6 Nollaig, 2021, cheadaigh an Coimisiún go n-íocfaí an chéad sciar d'Éirinn dar luach €3.61 milliún, an chéad Bhall-Stát a fuar cead dá leithéid.

Ar na réimsí táscacha don mhaoiniú BAR, tá: tacaíochtaí fiontraíochta, bearta chun tacú le hiascaigh agus le pobail chósta, tacaíochtaí dírithe ar an earnáil agraibhia, athoiliúint, rialuithe ag calafoirt agus ag aerfoirt.


Fógraíodh i mBuiséad 2022 go gcuirfear timpeall €500 milliún den leithdháileadh iomlán BAR ar fáil mar chéad sciar den mhaoiniú, agus go mbeidh an chuid eile ar fáil in 2023.

## 2.6. Beartas Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta (ESIF)

Gheobhaidh Éire €1,285 milliún (ar an bpraghas reatha) de Chistí Beartais Chomhtháiteachta don chlárthréimhse 2021-2027. Tá an tAonad Cistí struchtúracha freagrach as beartas comhtháiteachta agus ESIF. Áirítear sna cistí seo:

- €396 milliún do Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) (Aonad Cistí Struchtúracha DPER)
- €508 milliún do Chiste Sóisialta na hEorpa + (ESF+) (DFHERIS);
- €294 milliún do Chomhoibriú Chríocha na hEorpa (lena n-áirítear PEACE PLUS) (Aonad Cistí Struchtúracha DPER); agus
- €84.5 milliún faoin gCiste um Aistriú Cóir (JTF) (DECC).

**Cistí Beartais Chomhtháiteachta**
**Leithdháileadh Iomlán don Chlárthréimhse 2021 - 2027 (ar phraghas reatha) €1,282.5 milliún**



Anuas air sin, gheobhaidh Éire €88.34 milliún do na cláir reatha in 2021 faoi REACT-EU (cistiú breise chun cabhrú le téarnamh na hÉireann), a dhéanfar a fhorlíonadh le leithdháileadh eile dar suim €53 millliún in 2022. Nuair a áireofar an riachtanas le comhchistiú (ón Státchiste den chuid is mó) is ionann luach na suimeanna leithdháilte seo agus chóir a bheith €3.5 billiún. Tá an cistiú AE le caitheamh i réimsí ar nós tacaíochta do GBManna, an fórsa saothair a athoiliúint, infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt agus teicneolaíochtaí éiritheacha lena chinntiú go mbeidh Éire socraithe go maith chun leas a bhaint as na deiseanna a thiocfaidh leis an Eoraip ghlas dhigiteach.

## 2.7. Cláir Chistí Struchtúracha an AE

Lean an riarachán ar an €1.2 billiún de Chistí Struchtúracha AE d'Éirinn, don chlárthréimhse 2014-2020, a chomhordaíonn agus a mhaoirsíonn Aonad na gCistí Struchtúracha.

Rinne an Roinn maoirseacht freisin ar obair ar fhorbairt an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gClár Oibríochtúil nua do 2021-2027. Meastar gurb ionann agus €1.285 billiún leithdháileadh na hÉireann don tréimhse sin.

Tá sonraí faoi chuid de na príomhthionscnaimh a cuireadh chun cinn leagtha amach thíos:

- **Cláir ERDF ETC Thuaidh Theas:** D'oibir Aonad Thuaidh Theas na Roinne go dlúth leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus Foras Clár Speisialta na hEorpa (SEUPB) ar mhaoirseacht a dhéanamh ar Chláir Thrasteorann **PEACE** agus **INTERREG** 2014-2020. Faigheann na cláir seo 85% dá gcistiú ón AE tríd an gCiste Forbarthaí Reigiúnaí agus tá luach iomlán €533 milliún leo. Tá an dá chlár geallta ina n-iomláine, agus tacaíocht ar fáil do 130 tionscadal, agus tá roinnt tionscadal curtha i gcrích in 2021.

- D'oibir an tAonad Thuaidh Theas go dlúth freisin le SEUPB, leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus le Ranna eile Rialtais ó thuaidh agus ó dheas, chun forbairt a dhéanamh ar an gclár nua PEACE PLUS dar luach €1.1 billiún, an clár a bheidh mar chomharba do PEACE agus INTERREG ar aon don tréimhse 2021-2027. Fuair an dréacht-chlár faomhadh an Rialtais agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i nDeireadh Fómhair 2021, sular cuireadh é isteach chuig an gCoimisiún Eorpach le haghaidh a bhreithnithe agus a fhaofa. D'oibir an Roinn chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an RA chun Comhaontú Airgeadais a dhréachtú do PEACE PLUS.

- **Comhar Críochach Eorpach:** Chomh maith leis na Cláir Thuaidh Theas, is páirtí í Éire chomh maith sa Chlár INTERREG trasteorann Éire-An Bhreatain Bheag (a bhfuil luach iomlán chóir a bheith €100 milliún thar an gclárthréimhse 2014-2020), chomh maith le roinnt clár trasnáisiúnta, mar atá cláir an Atlantaigh Thuaidh, Iar-Thuaisceart na hEorpa, agus Imeall Thuaidh agus Artach. Le linn 2021, bhí an tAonad Beartais Chomhtháiteachta sa Roinn rannpháirteach leis an bpróiseas pleanála le haghaidh gach ceann den trí chlár trasnáisiúnta don chlárthréimhse 2021-2027. Bhí comhaontú maidir leis na cláir Imeall Thuaidh agus Iar-Thuaisceart na hEorpa in 2021 agus ar Chlár an Atlantaigh i bhFeabhra 2022. I ngeall ar an gcinneadh a rinne an RA gan páirt a ghlacadh feasta in aon chlár ETC seachas PEACE PLUS, ní rachaidh an clár Éire-An Bhreatain Bheag ar aghaidh isteach i gclárthréimhse 2021-2027. Mar sin féin, mairfidh an dea-chaidreamh oibre ar an gclár seo go dtí go mbeidh a dheireadh ann in 2023.

- **Cistí Forbartha Réigiúnaí na hEorpa**: Mar fhreagra ar phaindéim Covid-19 in 2020, d'achtaigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt don Choróinvíreas (CRII) agus an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt don Tionscnamh Freagartha Plus. Rinneadh athchlárú le linn 2021 a mhéadaigh go €311m athchláraithe chun soláthairtí sláinte TCP a cheannach. D'oibrigh an Roinn go dlúth le hÚdaráis Bhainistíochta CFRE chun a chinntiú go ndearnadh na héilimh dheireanacha dar suim €198m i i dtaca le caiteachas ar TCP don Choimisiún le linn 2021, rud a d'fhág go raibh Éire ábalta teacht ar an aisíoc 100% ERDF faoi CRII. Fógraíodh €49m breise (ar phraghas 2018) ag deireadh na

Samhna 2022 faoi REACT-EU agus tá plé faoina úsáid siúd ar siúl le hÚdaráis Bhainistithe ERDF. Ba ionann fáltais ERDF in 2021 agus €170 milliún.

- Chuir an Roinn forbairt chun cinn ar an g**Comhaontú Comhpháirtíochta 2021-2027** agus ar **Chláir Oibríochtúla CFRE,** faoi mhaoirseacht Ghrúpa Stiúrtha Phróiseas Comhpháirtíochta, grúpa geallsealbhóirí trasearnála. Áiríodh leis sin teagmhálacha leitheadacha le Ranna Rialtas ar mholtaí don ERDF agus imlíne a chur isteach chuig an gCoimisiún Eorpach ar an dá chlár ERDF i mí na Nollag 2021; chomh maith leis sin, críochnaíodh dhá thrian den Chomhaontú Páirtíochta agus rinneadh sin a roinnt leis an gCoimisiún mar leagan dréachtach; d'eagraigh DPER roinnt imeachtaí ar chúrsaí comónta ar fud na gCistí Eorpacha, lena n-áirítear ceardlanna i mí Aibreáin agus i mí na Nollag.

- **Údarás Iniúchta ERDF:** Mar chuid den Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus AE, is é an tAonad Iniúchta ERDF an tAonad Iniúchta ainmnithe in Éirinn do na Cláir Réigiúnacha ERDF 2014-2020. Chríochnaigh an tÚdarás Iniúchta clár iniúchtaí córas agus oibriúchán le go mbeifí ábalta Tuarascáil Rialaithe Bhliantúil a chur isteach in éineacht le cuntais iniúchta do 2019/2020 don Choimisiún Eorpach i bhFeabhra 2021. Mar chuid den bhliain chuntasaíochta 2020/2021, chríochnaigh an tÚdarás ceithre hiniúchadh oibriúcháin agus ocht n-iniúchadh córais ar fud an dá Chlár Oibriúcháin Réigiúnach le linn 2021. Bhí cuid mhór den obair iniúchta in 2021 dírithe ar na héilimh íocaíochta agus ar bhainistiú agus córais rialaithe a socraíodh don Tionscnamh Infheistíochta sa Fhreagairt Coróinvíris. Cuireadh isteach an tuarascáil bhliantúil rialaithe agus tuairimí iniúchta don tréimhse seo i bhFeabhra 2022.

## 2.8. Comhoibriú Thuaidh Theas

Comhordaíonn Aonad Thuaidh Theas sainiúil na Roinne gnóthaí comhoibriú Thuaidh Theas, lena n-áirítear forbairt agus feidhmiú chláir PEACE IV, INTERREG VA gaus PEACE PLUS, agus maoirseacht ar Chomhlacht na gClár Speisialta AE. Thacaigh an tAonad le hollchruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le linn na bliana, agus réitigh páipéar CATT ag iarraidh faomhadh ar an gclár PEACE PLUS ag an gcruinniú den CATT in Earnáil na Sláinte i mí Dheireadh Fómhair.

Thug an Roinn chun cinn comhoibriú Thuaidh Theas a rinneadh faoi choimirce CATT agus na bhForas Forfheidhmithe Thuaidh Theas (FFTTanna). D'oibrigh an Roinn go háirithe lena comhghleacaithe i Roinn Airgeadais Thuaisceart Éireann chun treoir a thabhairt ar Phleanáil Chorparáideach agus Ghnó do na FFTTanna. Thacaigh an tAonad Thuaidh Theas fosta le hobair an Grúpa Oifigigh Shinsearacha ar Bhonneagar Thuaidh Theas agus leis an nGrúpa Oifigigh Shinsearacha ar Bhreatimeacht agus Tuaisceart Éireann i rith na bliana.

# 3 Pá na Seirbhíse Poiblí, Pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch

## 3.1. Ag Dul ó Neart go Neart: Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021 - 2022

Le linn 2021, rinneadh costas pá na seirbhíse poiblí a bhainistiú faoin gcreat 'Ag Dul ó Neart go Neart: Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022', a comhaontaíodh i mí na Nollag 2020. Comhaontú dhá bhliain é seo, a chuireann síneadh le creat na gcomhaontuithe seirbhíse poiblí, lena n-áirítear Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí, 2018-2020, a chuaigh in éag an 31 Nollaig, 2020.

Tá sé beartaithe go gcosnóidh an Comhaontú thart ar €906 milliún, arb ionann é agus 4% de bhille pá 2021, scaipthe thar trí bliana féilire – 2021, 2022 agus 2023, a rachaidh chun leasa thart ar 367,000 seirbhíseach poiblí agus a sholáthróidh creat chun cobhsaíocht a choinneáil ar fud réimse na gCaidreamh Tionsclaíoch le linn a shaolré. Tá ualach an chomhaontaithe dírithe orthu siúd ar ioncam íseal agus tá méaduithe ceannlíne timpeall 5% do na seirbhísithe poiblí is ísle pá. Tháinig feidhm leis an gcéad choigeartú pá faoin gComhaontú ar 1 Deireadh Fómhair 2021, ina raibh méadú ginearálta ar bhuntuarastal bliantúil de 1% nó €500, cibé is mó.

Rinne an Comhaontú foráil chomh maith i leith foras neamhspleách a bhunú chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a tháinig de bhun tabhairt faoi Uaireanta Bhóthar Haddington. Sa chomhthéacs seo bunaíodh Foras Neamhspleách faoi chathaoirleacht Kieran Mulvey, a bhí ina cheannasaí ar an gCoimisiún um Chaidreamh sa Láthair Oibre, in Aibreán 2021. Tugadh de chúram don Fhoras moltaí a thabhairt chun tosaigh maidir leis na huaireanta breise roimh dheireadh 2021. Tá ciste €150 milliún curtha ar fáil chun feidhm a thabhairt do na moltaí sin in 2022. Tar éis teagmháil leitheadach a dhéanamh le páirtithe leasmhara le linn 2021, chuir an Foras a thuairisc faoi bhráid na bpáirtithe le go ndéanfaidís a breithniú.

Tá in Ag Dul ó Neart go Neart gealltanas go ndéanfar athchóiriú, go leasófar seachadadh na seirbhísí poiblí ardcháilíochta, agus tógáil ar an bhfuinneamh a bhaineann leis an athchóiriú agus athrú a raibh an tseirbhís mar eiseamláir orthu le linn na paindéime. Faoi théarmaí an Chomhaontaithe, tá geallta ag gach earnáil den tseirbhís phoiblí go ndéanfar forbairt agus feidhmiú ar phleananna gnímh saindeartha don earnáil. Foilsíodh na Pleananna Gnímh ar Ag Dul ó Neart go Neart in 2021.

## 3.2. Anailís Beartais

Chuir an Rannóg anailís beartais chun cinn maidir le pá na seirbhíse poiblí agus saincheisteanna a bhaineann le pinsin, lena n-áirítear roinnt páipéar a fhoilsiú mar chuid den Athbhreithniú ar Chaiteachas 2021.

- Luacháil ar Shaineolas Caidreamh Tionsclaíoch sa Státseirbhís: rinneadh breithniú cé acu atá easnamh sa saineolas ar Chaidreamh Tionsclaíoch i measc na foirne sna hAonaid Acmhainní Daonna i Ranna Státseirbhíse;
- Costais a bhaineann le fostaithe iontrála sa Státseirbhís: rinneadh anailís ar chostais saolré a bhaineann le fostaithe iontrála sa Státseirbhís, d'fhonn cabhrú le bainistíocht straitéiseach ar ár gcaiteachas poiblí. Rinneadh anailís ar dhul chun cinn gairmiúil agus rinneadh meastachán ar chostais a bhaineann le fostaithe nua, le linn a mblianta oibre agus scoir. Rinneadh réamh-mheastachán ar líon iontrálaithe nua agus ar chostais sna deich mbliana seo chugainn.

- Rinne an tAthbhreithniú ar Scéimeanna Blianta Breise Gairmiúla na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí breithniú ar an mbeartas Blianta Breise Gairmiúla (PAYanna) a bhronnadh chomh maith le hábharthacht agus le héifeacht an leasa pinsin seo;
- Rinne Dúshláin agus Straitéisí le haghaidh Athchóiriú a Dhéanamh ar Chórais Pinsin a Mhaoinítear go Poiblí anailís ar chonstaicí coitianta a dtagtar orthu nuair a chuirtear athchóirithe pinsin i bhfeidhm, agus straitéisí a d'fhéadfaí a úsáid chun na constaicí sin a shárú; agus
- Rinne Anailís ar Athchóirithe Pinsin Idirnáisiúnta agus Fachtóirí Tacúla, a foilsíodh mar pháipéar beartais IGEES i mBealtaine 2021, athbhreithniú ar an bhfás atá ag teacht ar athchóirithe pinsin go hidirnáisiúnta le 30 bliain anuas.

## 3.3. Caidreamh Tionsclaíoch

### Bainistiú ar Chaidreamh Tionsclaíoch

Tá foráil sa chomhaontú nua pá don tseirbhís phoiblí 'Ag Dul ó Neart go Neart' maidir le próiseas athleasaithe socraithe díospóide, ina leagtar amach próisis struchtúrtha le haghaidh easaontuithe a réiteach leis an tsíocháin thionsclaíoch a chinntiú. Déanann sé foráil chomh maith go mbunófar Grúpa Comhaontú Seirbhíse Poiblí agus Foras Feidhmithe ina bhfuil trí chuid, agus ról acu go léir sa phróiseas sin.

D'oibrigh an Roinn go dian i rith 2020 chun réimse dúshlán um chaidreamh tionsclaíoch a bhainistiú agus bhí sí rannpháirteach go gníomhach i bpróisis réitigh díospóidí earnála agus náisiúnta araon, ag cur le réitigh chruthaitheacha a fhorbairt faoi chuimsiú CCSP. Déantar an méid a leanas leis na réitigh sin:

- Saoránaigh atá ag brath ar sheirbhísí poiblí ríthábhachtacha a chosaint;
- Cothromaíocht a bhaint amach idir ábhair imní na bhfostaithe, an fhostóra agus an cháiníocóra, trí phleananna gnímh a fhorbairt atá dírithe ar sheirbhísí a fheabhsú agus a nua-aoisiú;
- Tabhairt faoi shaincheisteanna fadtéarmacha faoi leith sa Chaidreamh Tionsclaíoch trí mheán mheicníocht mhargála earnála an chomhaontaithe; agus
- An costas don Státchiste a íoslaghdú.

Rinne 'Ag Dul ó Neart go Neart' foráil freisin go mbunófaí Ciste Margála Earnála a dhéanfaí a leithdháileadh laistigh de gach earnáil státseirbhíse. Próiseas casta í an mhargáil earnála a chuireann bealach cothrom ar fáil chun plé le saincheisteanna agus fadhbanna pá ag leibhéal na hearnála taobh istigh den mhaoiniú seasta (1% den bhunphá). Rinneadh gach seirbhíseach poiblí a shannadh d'aonaid mhargála earnála, agus an rogha ag gach aonad cuid dá sciar den Chiste nó an t-iomlán chun tabhairt faoi éilimh **nó** foráil a dhéanamh ar mhéadú glán pá 1%.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2021 chun bailchríoch a chur ar Thuarascáil an Ghrúpa Saineolaithe ar Bhainistíochta Altraí. Rinne an Roinn bainistiú freisin ar réimse saincheisteanna eile sa chaidreamh tionsclaíoch in 2021, lena n-áirítear ról éifeachtach a imirt maidir le síocháin thionsclaíoch a chothabháil ar fud na hearnála sláinte, córas leasaithe pá a shocrú do Chomhairleoirí, a rinne an tAire a fhaomhadh tar éis Tuarascáil Moorehead, chomh maith le teacht ar shocrú ar shaincheisteanna fadtéarmacha maidir le Maoirseoirí agus Maoirseoirí Cúnta san Fhostaíocht Phobail.

### Clár Iarchéime um Chaidreamh Tionsclaíoch na Státseirbhíse

Bunaíodh Clár Iarchéime um Chaidreamh Tionsclaíoch na Státseirbhíse chun tacú le forbairt Fheidhmeannaigh um Chaidreamh Tionsclaíoch (CT) leis na scileanna agus leis an eolas atá riachtanach chun caidreamh tionsclaíoch a bhainistiú go héifeachtach i dtimpeallacht chasta agus éagsúil. Thosaigh sé i mí Feabhra 2019, agus bhí seisear rannpháirteach sa chéad chlár. Chríochnaigh na rannpháirtithe seo an clár dhá bhliain agus in 2021, sannadh na rannpháirtithe

ina dhiaidh sin do phoist bhuana sa Státseirbhís áit a mbeidh siad in ann a gcuid eolais ar chaidreamh tionsclaíoch agus a dtaithí phraiticiúil a chur i bhfeidhm.

Thosaigh an dara leagan den chlár dhá bhliain in R1 2021 agus ochtar céimithe páirteach ann. Tá dhá sheal taithí oibre i gceist sa chlár, a mhaireann bliain an ceann, thar ocht gcinn de chomhlachtaí seirbhíse poiblí atá rannpháirteach. I mbliain 1 den chlár, chaith na céimithe ceithre seachtaine sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, agus fuair sainléargas ar obair thábhachtach an chomhlachta seo maidir le réiteach díospóidí fostaíochta.

Cláraíodh na céimithe in 2021 freisin ar Dhioplóma Gairmiúil sa Chaidreamh Tionsclaíoch ar Leibhéal 8 CNC. Ag deireadh an chláir dhá bhliain, sannfar gach céimí do phoist bhuana sa chaidreamh tionsclaíoch sa Státseirbhís.

## 3.4. Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”), a tugadh isteach in 2013 do gach iontrálaí nua sa tSeirbhís Phoiblí, á hoibriú ag níos mó ná 350 fostóir seirbhíse poiblí thar gach earnáil, ainmnithe mar “Údaráis Ábhartha”. Faoi láthair tá timpeall 190,000 ball gníomhach sa scéim agus breis agus 500 pinsinéir.

In 2021, cuireadh modúil oiliúna ar fáil ar líne le sraith 24 seimineár do bhreis agus 1,800 de lucht freastail thar 165 Údarás Ábhartha. Reachtáladh ‘Tionól Scéime Aonair’ le linn na bliana agus 700 ag freastal ar líne air agus bhí páirtithe leasmhara tábhachtacha páirteach ar nós Údarás na bPinsean agus Údaráis Ábhartha. Leanadh den fhorbairt ar ábhar tacaíochta agus cuireadh sin ar fáil tríd an suíomh gréasáin saindírithe faoi Scéim Pinsin Aonair.

Go luath in 2021, rinneadh forbairt ar Phlean Gnímh Scéime Aonair 2021/2022 i gcomhar leis na hEarnálacha chun comhlíonadh na scéime seo a thiomáint. Leagtar amach sa Phlean seo gníomhartha atá le déanamh ag na hÚdaráis Ábhartha a fhaigheann tacaíocht ón Roinn seo, lena chinntiú go mbeidh riarachán na scéime seo ag comhlíonadh na reachtaíochta seo. Rinne an Rialtas faomhadh ar a bplean i mBealtaine 2021 agus déanann foráil i leith athbhreithnithe bhliantúil. Tugann sé creat ama freisin le haghaidh sonraí ball a thabhairt isteach ag na hÚdaráis Ábhartha sa bhanc sonraí Scéime Aonair, a bunaíódh in 2019 chun a chinntiú go ndéantar sonraí ballraíochta do gach ball den Scéim ó 2013 a dhaingniú agus a chothabháil go comhchaighdeán. Tá slánú déanta anois ar shonraí Ball ó 218 Údarás Ábhartha, rud is ionann agus 29% de na baill ar fad.

## 3.5. Beartas um Pinsean na Seirbhíse Poiblí

### Treoirlínte Dlí Teaghlaigh

I bhFeabhra 2020, d’fhoilsigh an Roinn Treoirlínte Dlí Teaghlaigh chun cabhrú le comhlachtaí seirbhíse poiblí chun feidhm a thabhairt d’Orduithe Coigeartaithe Pinsin (PAOanna) i scéimeanna pinsin seirbhíse aonair. Déanann dlí teaghlaigh foráil i leith an Chúirt orduithe áirithe a cheadú lena chinntiú go mbeidh foráil leordhóthanach réasúnta a dhéanamh don chéile/pháirtí sibhialta/comhláitritheoir cáilithe nó páiste spleách. Tá na Treoirlínte seo deartha chun cabhrú le hiontaobhaithe scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí i riarachán agus i bhfeidhmiú PAOanna.

### Cúrsaí Beartais Pinsean Eile

Eisíodh roinnt Ciorclán a thug aghaidh ar shocruithe pinsin cheirde seirbhíseach poiblí faoi na scéimeanna pinsin a bhí ann cheana:

- I gCiorclán 03/2021 tugadh míniú ar na rialacha a bhaineann le aois íosta pinsin agus aois scoir éigeantach na ngnáthsheirbhíseach poiblí, bunaithe ar an dáta earcaíochta, agus rinne an fhaisnéis sin a dhlúthú in aon Chiorclán amháin den chéad uair;

- I gCiorclán 10/2021 tugadh treoir faoin mbeartas ar mhéadú an phinsin le go mbeidh feidhm aige faoi na scéimeanna reatha pinsin seirbhíse poiblí go deireadh 2022; agus
- I gCiorclán 16/2021 rinneadh athleasú ar chreat na nósanna imeachta rialachais a bhaineann le Comhlachtaí Tráchtála Leath-Stáit atá sa Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachta Leath-Stáit, agus rinneadh athdhearbhú ar fhreagrachtaí CSSBanna agus a Roinn choimirce nuair a bheifear ag moladh athruithe ar scéim phinsin.

# 4 Athnuachan na Státseirbhíse

## 4.1. Athnuachan na Státseirbhíse 2030

Seoladh straitéis nua deich mbliana don Státseirbhís in R2 2021 tar éis a fhaofa ag an Aire agus ag an Rialtas. Rinneadh a fhorbairt le próiseas uile-Rialtais ina raibh Tascfhóras státseirbhíseach gafa, roinnt Grúpaí Oibre Straitéiseacha ina raibh saineolaithe Ranna agus Oifigí agus comhairliúchán agus teagmháil leathan le Ard-Rúnaithe agus a mBoird Bainistíochta. Tharraing sé chomh maith ar bhonn leathan fianaise ó fhoinsí ar nós na Suirbhéanna Teagmhála le Fostaithe Státseirbhíse agus an clár athbhreithnithe ar chumas eagraíochtúil atá ar siúl go leanúnach sa Státseirbhís.

Tá na gealltanais leagtha amach sa Straitéis seo á dtiomáint ag an riachtanas treoir shoiléir a fhorbairt don aimsir romhainn, agus freagairt san am céanna do thimpeallacht dhinimiciúil an lae inniu. Mar bhonn aige tá an gealltanas ár bhfís a bhaint amach: *Státseirbhís nuálach, ghairmiúil, sholúbtha a fheabhsaíonn saol mhuintir na hÉireann trí bharr feabhais sa seachadadh seirbhíse agus san fhorbairt beartas straitéiseach*. Tá trí théama mar chroí don straitéis, a chuirfear i bhfeidhm le sraith Pleananna Gnímh trí bliana –

- Digiteach ar dTús agus Nuálaíocht.
- Lucht saothair, Láthair Oibre agus Eagras de chuid an ama atá le teacht.
- Beartas agus Seirbhísí a bhfuil Bonn Fianaise Leo.

Tabharfar mionsonraí faoi na gníomhartha, na tionscadail agus na tionscnaimh, mar aon le sainspriocanna do gach téama, sna pleananna trí bliana.

## Athnuachan na Státseirbhíse 2024

Foilsíodh an chéad phlean gnímh faoin straitéis deich mbliana dar teideal Athnuachan na Státseirbhíse 2024, in R4 2021. Léirigh an fhreagairt don phaindéim Covid-19 an méid is féidir a bhaint amach ó thaobh solúbthachta agus nuálaíochta de, leis an seachadadh seirbhíse a chothabháil. Díríonn Athnuachan na Státseirbhíse 2024 ar thógáil ar an méid seo a gnóthaíodh agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh chun géarú a dhéanamh ar na tionscnaimh is tábhachtaí go ceann trí bliana. Tá sé tógtha thart ar an trí chroíthéama atá i gcomhréir leis an gcreat straitéiseach in Athnuachan na Státseirbhíse 2030. Déanfaidh an PMO comhordú ar an bplean a fheidhmiú agus beidh tacaíocht ó chlár cumarsáide foirne, teagmhála agus for-rochtana.

## Tionscnaimh Athnuachana Eile Státseirbhíse

Rinneadh seachadadh ar na tionscnaimh thábhachtacha seo eile:

- **Suirbhé Rannpháirtíochta Fhostaithe na Státseirbhíse 2020 (CSEES)** I R2 2021 a rinneadh an tríú leagan de **CSEES a fhoilsiú:** 26,882 státseirbhíseach a chomhlánaigh - ráta freagartha 65% - an ráta is airde i stair an CSEES agus an suirbhé láthair oibre is mó dá ndearnadh in Éirinn in 2020. Tá na torthaí an-dearfach agus feabhsú le brath ar 21 téama as an 23 ó cuireadh an chéad suirbhé ar siúl in 2015. Chomh maith le tuairisc iomlán na Státseirbhíse ar an suirbhé, rinneadh 50 tuarascáil le haghaidh eagraíochtaí Státseirbhíse. I dtorthaí an tsuirbhé tá sonraí luachmhara d'eagrais Státseirbhíse i réimse de bhearta rannpháirtíocht fostaithe.

- **Gradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2021:** Aithníonn Gradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse an méid a ghnóthaigh státseirbhísigh agus déantar léiriú ar nuálaíocht i seachadadh beartais agus seirbhíse ar fud na Státseirbhíse. San iomaíocht bhliantúil bíonn critéir le cruthú a chinnteoidh an bhaint le tosaíochtaí reatha rialtais, an scéim a chur chun cinn agus teagmháil a dhéanamh le Ranna agus Oifigí. In 2021, bhí 90

iarratas ar na Gradaim agus comhthionscnaimh ina measc thar an Státseirbhís ar fad. Rinneadh 33 tionscnamh a ghearrliostú do na gradaim. I bhfianaise na ndúshlán a bhain leis an bpaindéim Covid-19, cuireadh na Gradaim do 2021 ar siúl in R1 2022.

- **Athbhreithnithe ar Acmhainneacht Eagraíochtúil:** Cuireadh stad sealadach le feidhmiú an chláir Athbhreithnithe ar Acmhainneacht Eagraíochtúil i Márta 2020 mar gheall ar Covid-19. Chuathas i mbun an athbhreithnithe arís i mBealtaine 2021 ar an Roinn Cosanta. Críochnaíodh dréacht den tuairisc ar an athbhreithniú i mí Eanáir 2022. Réitíodh páipéar cumaisc 'Programme of Organisational Capability Reviews – Findings and Learnings', a tharraingíonn le chéile na príomhthorthaí ón sé athbhreithniú acmhainneachta a rinneadh go dtí seo, don CSMB in 2021. D'fhoilsigh an IPA achoimre ar an bpáipéar seo in 2021. Tá an dá fhoilseachán ar fáil ag gov.ie

- Faoi **Chlár Tacaíochta Athchóiriú Struchtúrach (SRSP)** an AE, cuireadh athbhreithniú cuimsitheach chun cinn ar struchtúr agus cumraíocht eagraíochtúil Státseirbhís na hÉireann in 2021. Is beag an t-athrú atá tagtha ar struchtúr eagraíochtúil na Státseirbhíse ó bunaíodh an Stát agus má aimsítear deiseanna feabhsaithe beidh de chumas ag eagraíochtaí freagairt níos éifeachtaí éifeachtúla do riachtanais ghnó atá ag síorthrú. Sa chéim seo rinneadh athbhreithniú ar struchtúr ordlathach na ngrád sa Státseirbhíse. Roghnaíodh an chéad chéim eile le haghaidh maoiniú faoi Ionstraim Tacaíocht Theicniúil an AE agus leanfar den tionscadal le linn 2022.

- **Bonneagar Náisiúnta Sonraí (NDI):** Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar fhorbairt an Bhonneagair Náisiúnta Sonraí in 2021. Déanann an Lár-Oifige Staidrimh cathaoirleacht ar Ghrúpa na gCuradh le hionadaithe ó na Ranna agus gníomhaireachtaí a bhfuil sonraí ardluacha acu. Déanann an Grúpa monatóireacht ar agus cur chun cinn croítháscairí do dhaoine aonair (PPSN), áiteanna (Eircode) agus gnólachtaí (Aitheantas Uathúil Gnó) sa bhailiú sonraí oifigiúil agus tacair sonraí riaracháin. Bunaíodh dhá fhoghrúpa in 2021: bunaíodh grúpa Eircode chun glacadh an Eircode a chur chun cinn ar shealúchais sonraí na hearnála poiblí, agus bunaíodh grúpa feidhmithe UBI chun feidhmiú an UBI a chur chun cinn. Tacóidh feabhsúcháin sa réimse seo le ceangal a dhéanamh ar shonraí ar fud na gcóras riaracháin faoi mar atá molta san Acht Um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí.

- **Cumarsáid Státseirbhíse, Teagmháil Foirne agus Ror-Rochtain :** Lean an PMO de theagmháil agus cumarsáid le líonraí i ngach cuid den Státseirbhís le linn 2021 trí úsáid a bhaint as ardáin ar líne. Ar na scéalta is mó in 2021 bhí roinnt seimineár ar líne a chruthaigh feasacht faoi Athnuachan na Státseirbhíse 2030 a mheall timpeall 7,000 státseirbhíseach. Tugadh nuachtlitir mhíosúil isteach a rinneadh a scaipeadh ar an bhfoireann ar fad.

## 4.2. Straitéis Daoine na Státseirbhíse

Lean an Roinn, trína rannóg AD Statseirbhíse (CSHRD), den obair i ndlúthpháirt le croípháirtithe leasmhara i ngach cuid den Statseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí, chun freagairt do réimse leathan de cheisteanna a théann i gcion ar fhostaithe agus baill foirne i gcoitinne sa Statseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí ag éirí as géarchéim Covid-19.

A fhad is a bhíothas i gceannas ar an bhfreagairt láithreach do ghéarchéim Covid-19, leanadh den obair ar cheisteanna straitéiseacha fadtéarmacha faoi bhunchlocha na Straitéise daoine:

- An státseirbhís mar thogha fostóra;
- Lucht Saothair a Thógáil don Todhchaí;
- Bainisteoirí a Chothú mar Fhorbróirí Daoine; agus
- AD a shocrú mar Thiománaí Straitéiseach.

## 4.2.1. An Státseirbhís mar Thogha Fostóra

- **An Obair Chumaiscthe:** Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le comhdhearadh a dhéanamh ar an **gCreat Beartais um Obair Chumaiscthe** chun cabhrú le heagraíochtaí forbairt a dhéanamh ar a gcuid beartas don chianobair leis an gcuspóir 20% de chianobair a bheith ann. Tosaíodh i Meán Fómhair 2021 le Comhairliúchán le Forais Ionadaíocha Fostaithe. Tugtar sa Chreat prionsabail uileghabhálacha le breithniú i rith fhorbairt an bheartais, chomh maith le treoir faoi thacaí (m.sh. Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine, soláthar trealaimh, teicneolaíocht, costais, Foghlaim agus Forbairt) agus próisis (m.sh. critéir incháilitheachta, soláthar trealaimh, iarratas/breithniú). Meastar go mbeidh an Treoir mar bhunús do chur chuige seasmhach ar fud na Státseirbhíse ach go mbeidh de sholúbthacht ag eagraíochtaí mar is gá go mbeidh siad ábalta riar ar a sainriachtanais ghnó féin.


- **Foghlaim agus Forbairt (F&F):** Maidir le F&F, ba é an dúshlán ba mhó a tháinig de bhun Covid-19 ná leanúint de na tacaí ardcháilíochta foghlama agus forbartha a chur ar fáil d'fhostaithe na Státseirbhíse agus iad i mbun cianoibre. In 2021, bhí breis agus 36,000 de chlárúcháin ar Mhodúil ríomhfhoghlama agus 12,700 ag freastal go fíorúil ar chúrsaí OneLearning faoi cheannas treoraí.

***Forbairt ar an Oiliúint a Chuirtear ar fáil sa Státseirbhís***

- Go luath in 2021, rinne OneLearning Anailís iomlán ar Riachtanais Foghlama don Státseirbhíse, le hionchur ó fhoghlaimeoirí, Aonaid F&F agus Ard-Bhainistíocht ó gach Comhlacht Státseirbhíse ar fud na Státseirbhíse. Tar éis an phróisis sin, cuireadh síniú le conarthaí le 5 cinn de sholáthróirí oiliúna le go ndéanfaí 52 cúrsa nua a fhorbairt agus a sheachadadh. Tá an obair seo ar siúl anois agus tá an chéad 19 gcúrsa ar fáil don fhoireann don chlárú tríd an gCóras Bainistithe Foghlama. Clúdaítear raon leathan réimsí sna cúrsaí, ar nós bainistiú daoine, cumarsáid, seirbhís chustaiméirí, sonraí, nuálaíocht, bainistíocht tionscadal, folláine foirne agus phearsanta agus an Ghaeilge.

- In 2021, shínigh OneLearning, i gcomhar le Foireann Shinsearach na Seirbhíse Poiblí, conarthaí le dhá sholáthróir chun forbairt agus seachadadh a dhéanamh ar 8 gcinn de Chursaí Ceannaireachta chun iad a chur ar fáil do cheannairí ar gach leibhéal sa Státseirbhís. Tugann na cúrsaí seo tacaíocht bhreise don fhorbairt ar acmhainneachtaí Ceannaireachta i réimsí na Ceannaireachta dírithe ar an Todhchaí, Iompar Ceannaireachta agus Acmhainneachtaí Ceannaireachta. Tá 7 gcinn den 8 gcúrsa ar fáil anois do cheannairí Státseirbhíse agus clúdaíonn siad réimsí ar nós cóitseáil, éirim mhothachánach, acmhainn ceannaireachta agus athléimneacht eagraíochtúil.

**Gníomhaíocht Foghlama OneLearning 2021**




- **Forbairt Céimithe:** Bhí 184 oifigeach ag leibhéal an AO agus an Tríú Rúnaí rannpháirteach sa Chlár Forbartha Céimithe Státseirbhíse 2020/2021. Clár idirghníomhach forbartha, istigh sa phost é an clár seo a thugann deiseanna foghlama maidir le réimse ábhar, lena n-áirítear: stíleanna ceannaireachta; bainistiú tionscnaimh; nuálaíocht agus réiteach fadhbanna; cuntasaíocht rialtais; cumarsáid; ceapadh beartas bunaithe ar fhianaise; agus an próiseas reachtúil. Neartaíodh an clár toisc go raibh fáil ar cheannairí sinsearacha státseirbhíse, an tSeirbhís Chúnaimh Fostaithe agus an Gréasán AO/3ú Rúnaí.

- D'éirigh leis an seachadadh ar líne do chlár 2020/21, agus aithníodh é mar cheann de na tionscnaimh forbartha céimithe is fearr sa tír, agus rinneadh a ghearrliostú ag roinnt foras tionsclaíochta (Institiúidí Cairte na Forbartha Pearsanra ó thuaidh agus ó dheas, Institiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann (IITD), agus GradIreland), agus ghnóthaigh sé gradam 'Tionscnamh Forbartha Céimithe is Fearr' ag Gradaim Náisiúnta Oiliúna 2021.

- **Seirbhís Chúnaimh Fostaithe na Státseirbhíse (CSEAS):** Cuireann an CSEAS réimse leathan tacaí ar fáil don fhoireann agus don bhainistíocht ag gach aon ghrád sa Státseirbhís chun folláine oibrithe agus éifeachtúlacht na heagraíochta a chur chun cinn, chomh maith le tacú le hobair na Ranna HR agus bainisteoirí líne. Meastar gur úsáid 15% de státseirbhísigh an tSeirbhís in 2021. Ar na saincheisteanna is mó a tháinig aníos bhí strus idir phearsanta agus san áit oibre, chomh maith le himní faoin tsláinte mheabhrach agus fhisiciúil. Bhí saincheisteanna Covid-19 agus imní faoi sin mar chuid mhór de na saincheisteanna tánaisteacha a tháinig faoi bhráid an CSEAS le linn na bliana.

- Thug an CSEAS faoi deara in 2021 go raibh méadú suntasach ar chomhairliúcháin le bainisteoirí maidir le folláine na foirne. Mar thacaíocht bhreise do bhainisteoirí sheol an CSEAS Treoir leasaithe faoi Bhainistiú Daoine.

- Bhí an CSEAS páirteach freisin i réimse gníomhaíochtaí chun sláinte agus folláine a chur chun cinn ar fud na Státseirbhíse, lena n-áirítear forbairt ar shainacmhainní gréasáin agus seachadh breis agus 200 cur i láthair ar shaincheisteanna ábhartha.

- Le linn 2021, bhí an CSEAS páirteach i roinnt comhoibriúchán inmheánach agus seachtrach. Thosaigh an CSEAS ag obair go dlúth le OneLearning ar chruinniú nó ar bhreithniú an ábhair folláine, lena n-áirítear comhoibriúchán fiúntach a raibh an seimineár gréasáin Resilient Return mar thoradh air, a seachadadh chuig breis agus 400 Státseirbhíseach ar an ardán OneLearning.

- Chruthaigh an CSEAS, i gcomhar le Tascfhórsa Ban DOH, ábhar agus sheachaid clár ar fud na Státseirbhíse ar an meanapás sa láthair oibre. Leanfar den chomhoibriú seo in 2022.

**Creat Sláinte agus Folláine:**

Rinne an tAire Creat Sláinte agus Folláine na Státseirbhíse a sheoladh go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2021.

Forbraíodh an Creat i gcomhréir leis an ngealltanas a rinneadh faoin gClár Rialtais (PFG) 2020 agus forbairt leanúnach ar Chreat Sláinte agus Folláine d'Éirinn. Rinneadh an Creat a dhearadh i gcomhar le Rannóg Beartas Acmhainní Daonna lárnach na Roinne agus an CSEAS, in éineacht le 12 Roinn agus Oifig Státseirbhíse.

Díríonn an Creat ar Bhainisteoirí Acmhainní Daonna a chur ar fáil ar fud na Státseirbhíse a bhfuil tuiscint leasaithe acu ar an líon leathan nithe atá le breithniú nuair a bheifear ag iarraidh torthaí dearfacha sláinte agus folláine a chur ar fáil do státseirbhísigh.

Tugtar imlíne ann ar na codanna lárnacha de láthair fholláin oibre thar 5 Thoise agus 19 dTéama atá bainteach. Sainaithnítear ann freisin roinnt táscairí feidhmíochta a chuirfidh ar chumas Ranna agus Oifigí sainaithint a dhéanamh ar dhúshláin thábhachtacha sláinte agus folláine ina n-eagraíochtaí agus luacháil a dhéanamh ar a rathúnaí a bheidh na bearta a thugtar isteach chun tabhairt faoi na dúshláin seo.

Táthar ag beartú breithniú a dhéanamh ar an gCreat, lena n-áirítear an tionchar tar éis a fheidhmithe a thomhas, in R4 2022.

## 4.2.2. Lucht Saothair a Thógáil don Todhchaí

Leagadh béim faoi leith le linn na bliana ar leanúint de na córais a neartú atá socraithe ar fud na Státseirbhíse a dhíríonn ar na daoine cearta leis na scileanna cearta a chur san áit cheart ag an am ceart, trí na tionscnaimh seo a leanas:

- **Pleanáil Straitéiseach don Fhórsa Saothair:** Rinneadh uasdátú ar an bpróiseas bliantúil agus na treoirlínte i dtaca le Pleanáil Straitéiseach don Fhórsa Saothair, chun cabhrú le foirne HR na n-ionad éagsúil pleanáil a dhéanamh lena ranna féin don líon foirne agus na scileanna a bheidh riachtanach dá lucht saothair amach anseo. Rinneadh ionchur suntasach sna treoirlínte agus uirlisí nua Pleanála don Lucht Saothair in Aon Seirbhís Phoiblí, a bhfuil gach Roinn faoina threoir anois. Tá gníomhaíochtaí luaite leis an réimse seo in CSR 2024.

- **Earcaíocht:** Tá an tAonad Beartais Acmhainní tar éis bheith ag obair go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) lena chinntiú go bhfuil painéil earcaíochta socraithe chun folúntais a líonadh ag gach uile ghrád sa Státseirbhís, lena n-áirítear oibrithe gairmiúla

AD, Airgeadais agus TFC a earcú. Bhí an tAonad mar thaca agus mar thiománaí ag iarrachtaí ar fud Ranna agus Oifigí Rialtais chun státseirbhís níos éagsúla agus níos ionchuimsithí a thógáil trí mhodhanna éagsúla earcaíochta a fhiosrú, go háirithe i dtaca le conairí gairmiúla do dhaoine faoi mhíchumas

Tháinig deireadh i mí Bealtaine 2021 le scéim phrintíseachta Phíolótach ICT dhá bhliain arna comhordú ag Oifig an Phríomh-Oifigigh Faisnéise i gcomhar le CDETB agus FIT, agus 24 rannphháirtí ann ó 11 Roinn/Oifig Rialtais ar éirigh leo sa chlár le cáilíochtaí tionsclaíocha san Innealtóireacht Ghréasáin nó Forbairt Bogearraí. Ceapadh ina dhiaidh sin 23 de chéimithe an Chláir i bpoist bhuana sa státseirbhís mar shaineolaithe ICT. Beidh an scéim phíolótach seo mar eiseamláir ag fostóirí eile státseirbhíse agus seirbhíse poiblí i gcomhthéacs an mhéadaithe atá beartaithe ar an líon printíseachtaí san earnáil phoiblí faoin bPlean Gnímh Náisiúnta do Phrintíseachtaí 2021-2025 atá á chur ar fáil ag an Roinn Breis- agus Ard-Oideachais, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht.

Le linn 2021, lean an Roinn den obair i ndlúthpháirt le PAS i ndáil le sceidealú a dhéanamh ar chomórtais dhílse Ghaeilge don Státseirbhís, lena chinntiú go mbeidh painéil socraithe chun cabhrú leis an méadú atá beartaithe ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge, mar atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, a ritheadh i mí na Nollag 2021.

- **Soghluaisteacht:** Táthar tar éis an Scéim Soghluaisteachta Státseirbhíse a thabhairt isteach de réir grád thar roinnt blianta agus tá deiseanna soghluaisteachta socraithe anois do gach grád Státseirbhíse ginearálta ón Oifigeach Cléireachais go dtí an Rúnaí Cúnta (c. 30,000 ball foirne).

Seo a leanas na gluaiseachtaí go dtí seo**:**

- Tá 32 tar éis gluaiseacht ag leibhéal Rúnaí Cúnta ó tháinig an Prótacal Soghluaisteachta SPS i bhfeidhm in 2012;
- Tá 83 tar éis gluaiseacht ag leibhéal Príomh-Oifigigh ó seoladh é in 2015
- Tá 106 tar éis gluaiseacht ag leibhéal Príomh-Oifigigh Chúnta ó seoladh é in 2020.
- Tá 78 tar éis gluaiseacht ag leibhéal Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin agus Oifigigh Riaracháin ó seoladh é i mí Eanáir 2020
- Tá timpeall 900 tar éis gluaiseacht ag leibhéal Oifigigh Cléireachais agus Feidhmiúcháin ó seoladh é in 2018.

Tá an obair chun tosaigh go maith ar an gCreat soghluaisteachta do na gráid Ghairmiúla agus Theicniúla agus táthar ag beartú sin a chríochnú in 2022.

Seoladh Beartas nua Iasachta le cáipéisíocht thacaíochta Ceisteanna Coitianta in R4 2021. Tá seo curtha i bhfeidhm chun tacú leis an scéim Soghluaisteachta. Beidh an scéim Soghluaisteachta fós mar phríomh-mheicníocht don ghluaisteacht thaobhach bhuan ball foirne thar an Státseirbhís ar fad, agus beidh an beartas iasachta mar thaca leis an scéim seo chun poist a bhfuil ceangal ama orthu a líonadh a bhaineann le tionscadal/socrúchán straitéiseach.

## 4.2.3. Bainisteoirí a Chothú mar Fhorbróirí Daoine

Leanadh den obair ar réimse tionscnamh faoin Straitéis Daoine, a chothaíonn cultúr luach a chur le cumas straitéiseach ceannaireachta a fhorbairt, lena n-áirítear an dea-bhainistiú daoine ag gach uile leibhéal, mar mhacalla ar na hathruithe ar thimpeallacht na hoibre in 2020. Áirítear leo:

- **Ceannaireacht a Thógáil:** Cuireadh roinnt tionscnaimh thacaíochta agus forbartha ar fáil go fíorúil do na ceannairí is sinsearaí sa státseirbhís, lena n-áirítear: sár-ranganna, Oiliúint Feidhmeannach; imeachtaí meantóireachta líonraithe (dírithe ar na bundúshláin atá os

comhair na Státseirbhíse agus a ceannairí; bainistiú ar an bpróiseas Soghluaisteachta do Rúnaithe Cúnta

**Píblíne Ceannaireachta a Thógáil:** Rinneadh athdhearadh ar an tríú leagan de na Cláir Cheannaireachta Feidhmiúcháin (Bainistiú Tallainne) do Státseirbhísigh Shinsearacha (SPS) agus Príomh-Oifigigh (PO), le haghaidh a seachadta i dtimpeallacht foghlama fhíorúil mar mhacalla ar na dúshláin réadúla a bhaineann le ceannaireacht i gcomhthéacs phaindéim Covid-19. Tar éis próiseas roghnúcháin, thosaigh 60 duine ar na cláir SPS agus PO i mí na Samhna 2020. Bhuaigh na cláir gradam IITD in 2020 sa chatagóir don tionscnamh is fearr maidir le Forbairt na Ceannaireachta, agus iad san iomaíocht le scoth na hearnála poiblí agus príobháidí. Rinneadh an clár a ainmniú chomh maith do na Gradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta Státseirbhíse 2021.

- **Bainisteoirí Daoine a Neartú:** Rinne OneLearning Anailís leathan Riachtanais Foghlama in 2021 chun bonn eolais a chur faoin gcéad ghlúin eile den soláthar lárnach ar thacaíochtaí foghlama agus forbartha Státseirbhíse. Tá OneLearning ag obair chun 12 chúrsa nua Bainisteora Daoine a leathadh amach in 2022. Clúdaítear ábhair mar iad seo a leanas sna cúrsaí seo: bainistiú a fhórsa saothar cumaiscthe, ceannaireacht ar an athrú san áit oibre, agus bainistiú agus soláthar torthaí.

- **An fhreagracht a leagan ar bhainisteoirí:** Chun feabhsúchán agus simpliú a dhéanamh ar na socruithe don bhainistiú feidhmíochta sa Státseirbhís, d'oibrigh an Roinn ar an mBille um Rialáil na Státseirbhíse (Leasú). Dá thoradh seo beifear in ann feidhmeanna bainistíochta a leagan ar bhainisteoirí ag leibhéil éagsúla ar fud na Státseirbhíse.

## 4.2.4. AD a shocrú mar Thiománaí Straitéiseach

In éineacht leis an bhforbairt a rinneadh ar fhreagairt láithreach do Covid-19, d'oibrigh CSHRD ar roinnt tionscnaimh straitéiseacha lena chinntiú go leanfaidh HR sa Státseirbhís den oiriúnú agus den fhreagairt i bhfianaise na n-athruithe ar éileamh, agus go soláthraíonn sé na trí thosaíocht straitéiseach atá ag an Straitéis Daoine:

- **Treoir maidir le Covid agus Ceisteanna Coitianta:** Chruthaigh CSHRD cáipéis Treorach agus Ceisteanna Coitianta i dtús ghéarchéim Covid-19 chun comhairle agus treoir phraiticiúil a chur ar fáil d'aonaid HR maidir le gach gné den obair a bhain le Covid-19. Ón gcéad leagan de, tá an doiciméad seo á shíor-athbhreithniú agus á uasdátú (leagan 20 an leagan reatha) de réir mar a thagann forbairt ar chúrsaí. Cuireann sé san áireamh an chomhairle ar fad ón Rialtas lena n-áirítear an chomhairle sláinte poiblí agus an Prótacal Aistritheach. Déantar forbairt air i gcomhar le comhghleacaithe ar fud na Státseirbhíse agus earnálacha na Seirbhíse Poiblí, rud a chinntíonn oiread agus is féidir, go bhfuil leanúnachas agus trédhearcacht ar fud na n-eagraíochtaí maidir leis an gcaoi a gcaitear le hoibrithe

- **Plean Gnímh don Státseirbhís agus Tuairisciú:** Faoi Ag Dul ó Neart go Neart ba den riachtanas do na hearnálacha forbairt a dhéanamh ar phleananna gnímh atá nasctha leis an gclár oibre don athchóiriú atá breactha sa chomhaontú. Tugadh de chúram do CSHRD ceannaireacht a dhéanamh ar an bplean gnímh a fhorbairt don Státseirbhís i gcomhar le comhghleacaithe thar an earnáil agus i gcomhairle leis na ceardchumainn agus eagraíochtaí ionadaíocha. Tá Plean Gnímh na Státseirbhíse dírithe ar bhearta chun feabhsú a dhéanamh ar sheirbhísí, sholúbthacht, ttíosacht sa láthair oibre agus ar tháirgiúlacht. Tá an Plean Gnímh don Státseirbhís agus dhá thimthriall tuairiscthe curtha ar fáil agus foilsithe. Beidh an tríú tuairisc ar an dul chun cinn, arb é an ceann deireanach é, ar fáil i Meán Fómhair 2022.

- **Gairmiúlú Breise ar AD:** Rinneadh athbhreithniú seachtrach in 2019 arna chistiú ag an gCoimisún AE, ar Mhúnla Oibríochtaí AD, agus tháinig moltaí as chun neart a chur le cumas straitéiseach AD ar fud na Statseirbhíse. Fuarthas maoiniú ón AE chun tástáil bhreise a dhéanamh ar na moltaí faoi chruthúnas coincheapa, arna chomhdhearadh leis na trí

chomhlacht phíolótacha (DSP, DETE agus CSHRD sa DPER). An toradh a bhfuil súil a bheas air ná go mbeidh eagrú optamach ar AD ar fud na Státseirbhíse lena chinntiú go mbeidh an gnó ábalta teacht ar acmhainneacht AD chun feidhmíocht eagraíochtúil a uasmhéadú ar fud an fhórsa saothair.

Tosaíodh ar an tionscadal arís i mBealtaine 2021 chun forbairt a dhéanamh ar dhearadh mionsonraithe ar Mhúnla Nua Oibrithe don Státseirbhís. Ar na torthaí a críochnaíodh tá Catalóg Seirbhísí AD, léarscáileanna próisis do na croíréimsí AD, struchtúir eagraíochtúla lena n-áirítear ról agus méid foirne. Tá forbairt déanta chomh maith ar phleananna feidhmithe don trí eagraíocht phíolótach agus tosófar air sin in 2022, ar aon dul le plean a leathaithe ar fud na Státseirbhíse.

Chomh maith leis sin, tá obair forbartha ar siúl ar Chreat Gairme agus Oiliúna AD don Státseirbhís agus neartú a dhéanamh ar ár gcaidreamh leis an bhforas gairmiúil AD, mar atá an Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha.

- **Bainistiú Caipiteal Daonna:** Tá an obair ar siúl i gcónaí chun réiteach teicneolaíochta níos cothroime le dáta a chur in áit na réiteach reatha Párolla agus AD sa Státseirbhís. Tá na gníomhartha tosaigh fiosraithe déanta, agus tá céim an Iarrtha Faisnéise déanta agus tá Tuairisc Dheiridh Margaidh ar fáil. Tá an tionscadal casta, traseagraíochta seo faoi bhreithniú anois ag leibhéal na hardbhainstíochta.

# 5 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

## 5.1. Ár Seirbhís Phoiblí 2020

Tháinig Ár Seirbhís Phoiblí 2020 (OPS2020), an creat le haghaidh forbartha agus nuálaíochta sa tseirbhís phoiblí i bhfeidhm in 2018. Tá 18 ngníomh sa Chreat faoi na trí theideal seo thíos:

- Ag Seachadadh dár bPobal;
- Nuálaíocht don Todhchaí; agus
- Ár nDaoine agus ár nEagraíochtaí a Fhorbairt.

In éineacht leis an nuálaíocht agus an obair i gcomhar ar fud an Rialtais, cuirtear béim in OPS2020 ar an seachadadh digiteach agus ar shonraí a úsáid chun barr éifeachtúlachta a bhaint amach. Tá béim láidir ar eagraíochtaí agus ar dhaoine sa chreat, gona ghníomhaíochtaí i réimsí ar nós acmhainní daonna straitéiseacha; pleanáil an lucht saothair; comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht; agus forbairt ghairmiúil, chomh maith le fócas breise ar thorthaí. Déantar nuashonrú rialta ar shuíomh gréasáin OPS2020 maidir le ballraíocht na bhfoirne gníomhaíochtaí agus oibre

Seo a leanas na forbairtí a tharla in 2021 faoi chuid de na téamaí is tábhachtaí de chuid OPS2020:

- **Nuálaíocht sa Rialachas:** Tá múnla nuálach, neartaithe rialachais i gcreat OPS2020. Tá i gceist ann Bord Ceannaireachta Seirbhíse Poiblí (PSLB), le rannpháirtíocht Ard-Rúnaí / Príomh-Fheidhmeannach ó Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus ionadaithe ó réimse leathan de chomhlachtaí Státseirbhíse. Tionóladh an PSLB ceithre huaire le linn 2021. Faigheann an PSLB tacaíocht, ar a sheal, ón nGrúpa Bainistíochta Státseirbhíse (PSMG), le Rúnaithe Cúnta agus a gcómhaith rannpháirteach ó gach cuid den Státseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí. Tionóladh an Grúpa seo ceithre huaire chomh maith in 2021.

- **Monatóireacht ar Ár Seirbhís Phoiblí 2020:** Foilsíodh an dara Tuarascáil, an ceann deireanach, ar Dhul Chun Cinn Ár Seirbhís Phoiblí 2020 in Aibreán 2021. Tugtar mionsonraí ansin ar an dul chun cinn breise atá déanta ó tháinig an chéad Tuarascáil ar Dhul chun cinn. Luaitear forbairtí suntasacha ar nós:

    - Foilsiú Straitéis chuimsitheach Nuálaíochta don tSeirbhís Phoiblí – 'Ag Fíorú na Nuálaíochta'.
    - Foilsiú timpeall 25 cás-staidéar ar an dea-chleachtas sa tseirbhís chustaiméirí.
    - Forbairt ar chreat soláthair don Uathoibriú Próiseas Róbatach (RPA).

- **Tacaíocht AE don Athchóiriú Struchtúrach:** Faoi Chlár Tacaíochta Athchóirithe Struchtúrach (SRSP) an AE (Ionstraim Tacaíochta Teicniúla mar a athbhaisteadh air in 2020) tugtar tacaíocht do Bhallstáit an AE maidir lena n-athchóiriú institiúideach, riaracháin agus fáis. Is í an Roinn an tÚdarás a dhéanann comhordú ar an gclár seo in Éirinn.

  Le linn 2021, bhí an Roinn i dteagmháil le hArd-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach (DG REFORM) de chuid Choimisiún na hEorpa chun ullmhúchán a dhéanamh i gcomhair bhabhta maoinithe 2022 an TSI. Reáchtáladh seimineár gréasáin d'iarrthóirí ionchasacha. Fuarthas 37 iarratas san iomlán ó chomhlachtaí Éireannacha a d'iarr tacaíocht iomlán dar suim €16.5 milliún. Roghnaigh DG REFORM ar ocht gcinn (dhá cheann tagtha le chéile) de na tionscnaimh seo agus dáileadh €3.84 milliún de chistiú.

- **Tús curtha le tionscadal TSI Roinn an Taoisigh '*Forbairt Bheartais agus Fadbhreathnaitheacht a Neartú i Seirbhís Phoiblí na hÉireann*':** Thug an an Coimisiún

Eorpach an conradh d'EFCE tabhairt faoin tionscadal seo go ceann tréimhse 18 mí, ag tosú i nDeireadh Fómhair 2021. Is é an tAonad Athchóirithe Státseirbhíse a dhéanann rúnaíocht don Ghrúpa Comhairleach agus don Ghrúpa Straitéiseach Fadbhreathnaitheachta OPS. D'oibir an Grúpa Straitéiseach Fadbhreathnaitheachta le EFCE chun luacháil a dhéanamh ar acmhainneacht fadbhreathnaitheachta straitéisí in Éirinn agus céimeanna amach anseo a mholadh. Féach Towards a Strategic Foresight System in Ireland (Bealtaine 2021). Tá na torthaí ón tuarascáil seo mar bhonn eolais don tionscadal TSI.

- **Nuálaíocht a chur chun cinn:** Féachtar in Ár Seirbhís Phoiblí 2020 le cultúr nuálaíochta a fhorbairt i ngach cuid den tSeirbhís Phoiblí agus cuireadh sin chun cinn le foilsiú Straitéis nua Nuálaíochta sa tSeirbhís Phoiblí, *Making Innovation Real*, i mí na Samhna 2020. Leagtar amach inti fís d'Éirinn mar cheannaire domhanda sa soláthar seirbhísí poiblí tríd an nuálaíocht.  Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas in 2021 maidir leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm:

    - Bunaíodh an Bord Comhairleach Nuálaíochta sa Státseirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach na straitéise, chun moltaí a chur ar fáil don Aonad Athchóirithe Státseirbhíse maidir leis an dea-chleachtas agus treochlaonta. Tá Cathaoirleach ar an mBord agus 12 gnáthbhall ón saol acadúil, ón tionsclaíocht phríobháideach agus ón earnáil phoiblí.

    - Mar thacaíocht ar leathadh amach tosaigh na Straitéise, rinne an Oifig Athchóirithe éascaíocht do roinnt ceardlann chun tacú le comhlachtaí seirbhíse poiblí maidir leis an nuálaíocht a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar a straitéisí nuálaíochta féin.

    - Ar athbhreithniú a dhéanamh ar an múnla iasachta in Iúil 2021 tugadh isteach foireann athnuaite nuálaíochta. Tá baill ar iasacht ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Laois-Uíbh Fhailí, na Fórsaí Cosanta, An Garda Síochána, agus Bord na dTionóntachtaí Cónaí. Díreofar ar fheidhmiú na Straitéise Nuálaíochta sa Státseirbhís agus tionscnaimh bhainteacha.

    - Seoladh an tionscnamh píolótach Future Tech Challenge i Meitheamh 2021 i gcomhpháirt le EI agus an IDA. Iarradh moltaí ar thionscnaimh nuálacha ó chomhlachtaí poiblí a d'úsáid teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha chun fadhbanna reatha a réiteach. Fuarthas 33 moladh ón earnáil phoiblí ar fad agus bhí trí thionscnamh a ghnóthaigh luach €100,000 an ceann de sheirbhísí ón gcomhlacht urraithe, mar a leanas:

        - **Comhairle Contae Mhuineacháin le MyCoCo**. Leas a bhaint as an Néal-Ríomhaireacht chun seirbhísí údaráis áitiúil a chur ar fáil ar aon suíomh, le hurraíocht ó Amazon Web Services.
        - **FSS agus Tionscadal Oileán Cléire**. An Chian-Teicneolaíocht a úsáid chun seirbhísí agus tacaíochtaí sláinte a chur ar fáil do dhaoine iargúlta, le hurraíocht ó Cisco.
        - **Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**. Leas a bhaint as an Intleacht Shaorga chun cosc a chur ar leathadh eitinn bhuaibheach.

    - Reáchtaladh Seachtain Nuálaíochta na Státseirbhíse i mí na Samhna, lena n-áirítear an imeacht mhór, Comhdháil Nuálaíochta na Státseirbhíse. Thug an chomhdháil roinnt ceannairí móra ó gach cuid den státseirbhís le chéile, a labhair faoin nglacadh le teicneolaíocht nua éiritheach, straitéisí nuálaíochta a fhorbairt in eagraíochtaí, agus conas a rinne comhlachtaí poiblí nuáil mar fhreagairt ar Covid-19.

    - Tháinig fás thar 1600 ball ar Ghréasán Nuálaíochta na Státseirbhíse le linn 2021. Chun freagairt don éileamh, chuir an fhoireann nuálaíochta dlús le heagrú imeachtaí an ghréasáin.

    - Cuireadh spéis láidir i gCiste Nuálaíochta na Státseirbhíse, agus fuarthas 279 iarratas ó gach earnáil den tSeirbhís Phoiblí ag iarraidh breis agus €12.9 milliún ar thionscadail nuálacha. D'éirigh le 22 tionscadal agus fuair siad cistiú iomlán ar luach €800,000. Seoladh an glaoch ar iarratas so Chiste Nuálaíochta Státseirbhíse 2022 i mí na Samhna 2021.

    - Socraíodh timpeall 70 bainisteoirí seirbhíse poiblí ó 38 eagraíocht seirbhíse poiblí ar chúrsa 'Essentials of Innovation' de chuid na hInstitiúide Riaracháin Phoiblí.

    - Lean an Oifig Athchóirithe den chomhoibriú le OGCIO agus le Ranna eile chun an clár oibre GovTech a chur chun cinn agus an acmhainneacht a fhiosrú maidir le hIntleacht Shaorga a úsáid agus seirbhísí poiblí á seachadadh.

- **Seirbhís Ardcháilíochta do Chustaiméirí**: Le linn 202, díríodh i gcónaí ar fheidhmiú a chur chun cinn ar chreat OPS2020 in dhá réimse bharrthábhachtacha; *Gníomh 2 – Seirbhísí a Fheabhsú dár gCustaiméirí go léir*, agus *Gníomh 3 – rochtain a fheabhsú ar sheirbhísí do chách*; chomh maith le cuspóirí Making Innovation Real a chur chun cinn:

  Bhí ról barrthábhachtach ag an nGréasán Seirbhíse Custaiméirí Ard-Cháilíochta (QCSN) maidir le deiseanna a chruthú le haghaidh comhoibrithe agus dea-chleachtas a chomhroinnt ar fud na Seirbhíse Poiblí chun na spriocanna seo a bhaint amach. Chuir Foireann Gníomh 2&3 comhúinéireacht ar na réimsí tosaíochta seo chun cinn, mar ghrúpa stiúrtha don QCSN. In 2021, tháinig nach mór dúbailt ar bhallraíocht QCSN go 630 ionadaí ó bhreis agus 130 eagraíocht thar an tSeirbhís Phoiblí ar fad.

  Reáchtáladh na himeachtaí Gréasáin a leanas le linn 2021, chun tabhairt faoi théamaí seirbhíse custaiméirí a bhaineann le rochtaineacht agus le soláthar nuálach seirbhíse in Eagraíochtaí Státseirbhíse:

    - Aibreán: 'Léargas Custaiméirí a Úsáid chun Seirbhísí Nuálacha a Sholáthar'.
    - Meitheamh: 'Riachtanais Chustaiméirí a Thuiscint agus Riar Orthu'.
    - Meán Fómhair: 'Rannpháirtíocht Saoránach chun Seirbhís a Fheabhsú'.
    - Nolllaig: Comhdháil Bhliantúil: 'Digiteach do Chách – Leas dár gCustaiméirí go léir'.

- Rinneadh dul chun cinn breise faoin gcolún **Ár nDaoine agus Ár nEagraíochtaí a Fhorbairt de OPS 2020**, mar a shonraítear thíos:

    - Críochnaíodh athbhreithniú ar an bPleanáil Straitéiseach don Lucht Saothair i líon beag eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí agus comhlachtaí poiblí idirnáisiúnta i mí na Nollag 2020. Cuireadh na moltaí ón athbhreithniú seo chun cinn, mar aon le Treoir Phleanála Straitéisí don Fhórsa Saothair do Státseirbhísigh le hAonad AD Státseirbhíse na Roinne d'fhonn iad a chur san áireamh mar chuid den Phlean Gnímh 2024 d'Athnuachan na Státseirbhíse faoin téama 'Fórsa Saothair don Todhchaí'.
    - Tar éis comhairliúcháin le grúpaí faoi thearcionadaíocht, rinne an Fhoireann Ghnímh thrasearnála maidir le Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (EDI) forbairt Mhúnla Aibíochta agus Ráiteas Físe EDI, a seoladh in R1 2021. Rinneadh na hacmhainní seo a fhorbairt chun cabhrú le comhlachtaí poiblí maidir lena straitéisí EDI féin a fhorbairt agus tá píolóta ar siúl orthu i láthair na huaire le dhá eagraíocht státseirbhíse.
    - I gcomhar le OneLearning na Státseirbhíse, rinneadh forbairt ar chláir forbartha a bhaineann le Pleanáil Straitéiseach don Fhórsa Saothair, Seirbhís Chustaiméirí agus Nuálaíocht, le haghaidh a seachadta in 2022.

- **Teicneolaíocht Éiritheach agus Uathoibriú Próiseas Róbatach:** Lean an Roinn den teagmháil a chur chun cinn idir eagraíochtaí na Seirbhíse Poiblí agus creat soláthair Uathoibriú Próiseas Róbatach (RPA) na Seirbhíse Poiblí. Ligeann sé seo do chomhlachtaí

seirbhíse poiblí seirbhísí RPA a tharraingt anuas ó sholáthraí comhaontaithe, breis oiliúna a chur ar an bhfoireann agus uathoibriú a thionscnamh sna próisis oibríochtaí atriallacha a éilíonn cuid mhór ama. Thug an Roinn cúnamh do FSS maidir lena bhonneagar teicniúil RPA a thógáil go críochnúil. Bhí sé seo ríthábhachtach maidir le bainistiú a dhéanamh ar an méadú géar a tháinig ar an líon próiseas a bhain le bainistiú HR agus tuairisciú, i ngeall ar an bpaindéim. Le linn 2021 shábháil FSS timpeall 235,000 i ngeall ar an uathoibriú agus próiseáladh 1.8m idirbheartaíocht. Chríochnaigh an Comhalta iar-dhochtúireachta a iasacht leis an Roinn agus d'fhoilsigh tuarascáil ar lonnú blochshlabhra i soláthar seirbhísí poiblí ar fud an domhain, dar teideal A Detailed Analysis of Blockchain Pilots and Applications in Highly Impacted Areas.

- Shocraigh an Roinn Bun-Teastas san Intleacht Shaorga (AI) i ndeireadh 2021. Glacadh le 21 státseirbhíseach ar an gcúrsa.

- **Benefacts:** I mí na Nollaig shínigh an Roinn comhaontú deontais deiridh le maoiniú a chur ar fáil do Benefacts, fiontraíocht shóisialta neamhbhrábúsach ag a bhfuil bunachar ar líne a chuireann rochtain saor in aisce ar fáil ar shonraí rialála, airgeadais agus rialachais i dtaca le 30,000 eagraíocht.

- **Forbairt ar an gclár a thiocfaidh in áit OPS2020:** Leanadh den ullmhúchán in 2021 le haghaidh na chéad chéime eile den athchóiriú ar an tSeirbhís Phoiblí. Coinníodh ar an bhforbairt ar bhonn fianaise leanúnach, lena n-áirítear:

    - Braistintí OECD i dtaca le OPS2020.
    - Páipéar faoinar foghlaimíodh ó Covid-19.
    - Ceardlanna aiseolais a eagraíodh chun eolas a chur ar fáil don chéad chéim eile d'athchóiriú na Státseirbhíse le 55 státseirbhíseach sinsearach ó 45 eagraíocht.

## 5.2. Oscailteacht, Trédhearcacht agus Freagracht

Chuir an Roinn arís lena clár athchóirithe dírithe ar an rialtas oscailte, freagrach, eiticiúil a sholáthar. Cuireadh na tionscnaimh thábhachtacha a leanas chun tosaigh:

- **Comhpháirtíocht Rialtais Oscailte (OGP)** Is tionscnamh é seo ina bhfuil 70 tír páirteach a bhfuil an aidhm aige gealltanais a fháil ó rialtais go gcuirfidh siad an trédhearcacht chun cinn, go dtabharfaidh siad cumas do shaoránaigh, go gcuirfidh siad in aghaidh na loitiméireachta, agus go n-úsáidfidh siad teicneolaíochtaí nua chun an rialachas a neartú. Bhuaigh Éire Gradamh Tionchair Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte in 2021 as na Tionóil Saoránach. Tá an gealltanas sa Chlár Rialtais chun beocht a chur in OGP in Éirinn á chur chun cinn, agus tá clocha míle tábhachtacha bainte amach, lena n-áirítear fóram ilpháirtithe leasmhara a bhunú, Cruinniú Rialtais Oscailte, a bhfuil comhchathaoirleacht air leis an tSochaí Shibhialta. Toghadh comhaltaí na Sochaí Sibhialta tar éis gairm phoiblí ar léirithe spéise a bhfuarthas ceithre oiread acu ná a bhí ag teastáil. Rinne na hArd-Rúnaithe an seisear comhaltaí ón Earnáil Phoiblí a ainmniú. Roimh Nollaig 2021, chomhaontaigh baill an Chruinnithe trí dhréacht-ghealltanas do Tríú Plean Gnímh Náisiúnta na hÉireann, agus beidh cruinnithe leanúnacha ar siúl chun bailchríoch a chur an bplean le haghaidh a bhreithnithe ag an Rialtas roimh dheireadh Mheitheamh 2022. Mar thoradh air sin, tá Éire tar éis teacht slán as an bpróiseas athbhreithnithe nósanna imeachta atá ar siúl ó 2019.

- **Sonraí Oscailte:** Le linn 2021, lean Aonad Sonraí Oscailte na Roinne dá chlár oibre méadú a dhéanamh ar an méid sonraí atá ar fáil don phobal le méadú 30% ar an líon tacar sonraí ar an tairseach náisiúnta, i gcomparáid le deireadh 2020. Tacaíonn seo le sofheictheacht na cinnteoireachta bunaithe ar fhianaise agus, dá bhun sin, leis an trédhearcacht agus leis an iontaofacht ó thaobh bheartas an rialtais de.
    - Chríochnaigh an Roinn tras-suí in 2021 ar Threoir AE 2019/1024 maidir le Sonraí Oscailte agus Ath-Úsáid na Faisnéise Earnála Poiblí. Leanadh in 2021 den

chomhphlé faoin gcéad Acht Feidhmithe um Thacair Sonraí Ard-Luacha (HVDanna) faoin Treoir, agus rinne an tAonad Sonraí Oscailte comhairle leis an earnáil phoiblí faoi mholtaí tosaigh ar HVDanna. Thug Ciorclán 20/2021 na Roinne treoir do státseirbhísigh maidir le feidhmiú na Treorach.

- Socraíodh dhá chreat soláthair chun tacú leis an Státseirbhís a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Treoir, agus baineann siad seo le Seirbhísí Teicniúla do Shonraí Oscailte agus Bainistiú Sonraí agus creat do Sheirbhísí Oiliúna Sonraí Oscailte.

- Bhain Éire an dara háit amach sa suirbhé in 2021 faoi Aibíocht Sonraí Oscailte san Eoraip, agus choinnigh a sheasamh mar cheannaire ó thaobh sonraí oscailte de.
- Lean an tAonad Sonraí Oscailte den soláthar ar ghréasán láidir tacaíochta agus an bonneagar praiticiúil (an Tairseach Sonraí Oscailte (data.gov.ie)) le haghaidh sonraí oscailte a fhoilsiú. Bhí 240,000 úsáideoir ar an Tairseach Sonraí Oscailte in 2021, rud is méadú 6.5% ar líon 2020 (rud ba churadhiarracht ann féin). Tagtar anois ar 57% de thacair sonraí tairsí trí mheán APIanna, i gcomparáid le 6% in 2020.
- Tá an tAonad Sonraí Oscailte i gceannas ar an tionscadal Hale & Hearty, le cistiú an AE, ar comphháirtíocht é idir lucht coinneála agus lucht bainistithe sonraí i gcomhlachtaí poiblí agus san earnáil phríobháideach, a chuireann sonraí saoránach le chéile le sonraí rialtais oscailte, chun ábharthacht agus rochtaineacht faisnéise folláine agus sláinte a fheabhsú do chách. Tá an Gníomh seo tar éis Bonn Faisnéise agus scáileán eolais Sláinte agus Folláine a chruthú, agus sonraíochtaí deartha don aip a bheidh bainteach.

## 5.3. Bearta Reachtúla agus Rialachais Phoiblí

Rinneadh cothú nó dul chun cinn i ndáil leis na tionscnaimh reachtúla agus rialachais phoiblí seo a leanas le linn na bliana:

- **Saoráil Faisnéise (FOI):** Leanann an tAonad Lárnach Beartais FOI (CPU) den tacaíocht le feidhmiú agus le forbairt beartais maidir le córas FOI na hÉireann. Áirítear san obair seo tacaíocht agus comhairle tríd an deasc chabhrach FOI do shaoránaigh, ghnólachtaí, iriseoirí agus acadóirí, chomh maith le timpeall 600 comhlacht FOI. Chuir an CPU tacaíochtaí breise ar fáil agus d'eisigh nóta treorach, a uasdátaíodh go rialta, faoi sheirbhísí FOI le linn na paindéime. Bhí an CPU mar chathaoirleach freisin ar chruinnithe de Ghréasán FOI, rinne cur i láthair ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí oiliúna, rinne forbairt ar threoirlínte nua, agus rinne nuashonrú ar shuíomh gréasáin www.foi.gov.ie

  I mí an Mheithimh 2021, d'fhógair an tAire athbhreithniú cuimsitheach ar an Acht um Shaoráil Faisnéise. Tosaíodh ag obair ar an athbhreithniú agus foilsíodh treochlár chun an plean don athbhreithniú a leagan amach i nDeireadh Fómhair 2021. Seoladh comhairliúchán poiblí chun scóip an athbhreithnithe a shocrú i mí na Samhna 2020 agus fuarthas chóir a bheith 1,200 freagairt. Cuirfear críoch leis an athbhreithniú in 2022.

- **Nochtadh Cosanta:** Lean an Roinn den tacaíocht a thabhairt don fheidhmiú agus don fhorbairt ar bheartas le haghaidh an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, a chuireann cosaint reachtúil ar fáil d'oibrithe a labhraíonn amach faoi éagóir sa láthair oibre i gcaitheamh na bliana. Tá tacaíocht á cur ar fáil don obair seo ag gréasán bainisteoirí nochtuithe cosanta i gcomhlachtaí tábhachtacha poiblí: bhí dhá chruinniú díobh seo ann in 2021. Mar thaca leis an Acht, lean an obair in 2021 ar an Treoir (EU) 2019/1937 (Treoir um Sceithireacht) a thras-suí, trí fhorbairt a dhéanamh ar an mBille um Nochtuithe faoi Chosaint (Leasú). Cuirfidh an Bille seo leasú i bhfeidhm ar an dlí reatha maidir le sceithireacht, chun feidhm a thabhairt d'fhorálacha na Treorach. Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille seo i mBealtaine 2021 agus tagraíodh é don Chomh-Choiste Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus don Taoiseach le haghaidh iniúchta réamhreachtaíochta. Foilsíodh an

tIniúchadh Réamh-Reachtaíochta ar an mBille i mí na Nollag. Foilsíodh an bille go luath in 2022 agus táthar ag súil go mbeidh an próiseas reachtaíochta críochnaithe faoin gcéad leath de 2022.

Tá an Roinn páirteach freisin i nGrúpa Saineolais an Choimisiúin Eorpaigh i dtaca leis an Treoir, a raibh trí chruinniú acu in 2021. Tosaíodh in 2021 ar obair a dhéanamh ar uasdátú ar an dá chreat soláthair a úsáideann comhlachtaí seirbhíse poiblí chun cabhrú leo an tAcht um Nochtadh faoi Chosaint a chur i bhfeidhm; Oiliúint sa Nochtadh Cosanta, agus Creata fiosrúcháin Tríú Páirtithe. Beidh feidhm leis na creata seo den chéad ghlúin eile in 2022. Tosaíodh ar an obair chun uasdátú a dhéanamh ar an treoir reachtúil chun cabhrú le comhlachtaí poiblí nochtuithe cosanta a láimhseáil i bhfianaise na reachtaíocht nua. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin maidir leis na huasdátuithe ar an liosta daoine for-ordaithe, a chuirfear i gcrích le hionstraim reachtúil faoi alt 7 den Acht.

- **Rialú na Brústocaireachta**: Faoin Acht um Brústocaireacht a Rialú 2015 bunaíodh clár ar líne den ghníomhaíocht bhrústocaireachta chun trédhearcacht ar chur ar fáil maidir le cé na daoine atá i dteagmháil lena chéile, agus údar na teagmhála sin. Ní mór do bhrústocairí clárú leis an gCoimisiún um Chaigheáin in Oifigí Poiblí (SIPO), agus tuairisceán a chur isteach uair gach cheithre mhí. Faoi dheireadh 2021, cuireadh timpeall 60,000 tuairisceán isteach ar an gclár agus bhí timpeall 2,300 duine agus eagraíocht cláraithe.

  I mBealtaine 2021, cuireadh i gcrích athbhreithniú leathan cuimsitheach ar oibriú forálacha áirithe de chuid an Achta um Rialáil Brústocaireachta 2015, a bhí iarrtha ag an Aire. Bhí roinnt moltaí sa tuarascáil ar an athbhreithniú ó thaobh athchóiriú na reachtaíochta de, ar aontaigh an tAire leo. Ina dhiaidh sin, i Meitheamh 2021, fuarthas faomhadh rialtais chun Scéim Ghinearálta a dhréachtú a dhéanfadh an reachtaíocht a leasú bunaithe ar na moltaí a cuireadh chun cinn. Faoi dheireadh 2021 beidh críoch á cur leis an obair ar an Scéim Ghinearálta a dhréachtú.

- **An Eitic:** Tá gealltanas sa Chlár Rialtais 2020 maidir le hathchóiriú agus daingniú a dhéanamh ar an eitic sa reachtaíocht i dtaca le hoifigí poiblí. De bhun an ghealltanais seo, níor cuireadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí 2015 (PSSB) ar chlár na Dála arís (chuaigh an Bille in éag le scor na Dála in 2020). Ina áit sin, chomhaontaigh an Rialtas i Meán Fómhair 2021, le moltaí mionsonraithe na Roinne i dtaca le hathbhreithniú ar reachtaíocht na heitice. Tá iniúchadh á dhéanamh orthu seo a leanas:

  - Creat reachtúil reatha na hÉireann ó thaobh na heitice de;
  - Moltaí na mbinsí fiosrúcháin ábhartha;
  - Moltaí ag SIPO bunaithe ar oibriú an réimis reatha;
  - Tuairimí na bpáirtithe leasmhara;
  - Dea-chleachtas AE/idirnáisiúnta; agus
  - Tuairimí a tháinig leis an gcomhairliúchán poiblí.

Tosaíodh ar theagmháil fhoirmiúil don Athbhreithniú i mí na Samhna 2021 agus seoladh comhairliúchán poiblí bunaithe ar pháipéar mionsonraithe Comhairliúcháin Phoiblí. Beidh torthaí an Athbhreithnithe mar bhonn eolais ag molta don athchóiriú reachtúil is rún leis an Aire a thabhairt chun cinn le linn 2022.

Bhí cruinniú amháin le linn na bliana den Bhord Ceapachán Seachtrach, a chuireann iniúchadh neamhspleách ar fáil ar cheapacháin iar-fhostaíochta státseirbhíseach agus comhairleoirí sa chás gur ceapadh iad faoi bhliain dá scor/n-imeacht ón Státseirbhís.

- **Teagmháil le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta:** Chuir an Roinn uasdátuithe breise le ceathrú tuarascáil na hÉireann maidir le comhlíonadh GRECO (Grúpa Stát in aghaidh na hÉillitheachta Chomhairle na hEorpa), i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2021. Bhí an Roinn i dteagmháil leis an gcuairt luachála do Chúigiú luacháil GRECO, a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair 2021 agus an téama aige ‘Éillitheacht a chosc agus iontaofacht a chur

chun cinn i rialtais lárnacha (ardfheidhmeanna) agus gníomhaireachta forfheidhmithe an dlí'. Táthar ag súil go gcomhroinnfear an dréacht-Tuarascáil Luachála le hÉirinn in R2 2022, le haghaidh nótaí tráchta. Déanfar scrúdú ansin ar an tuarascáil agus glacfar leis ag mórchruinniú GRECO i Meitheamh 2022.

Bhí an Roinn páirteach sa Tuarascáil Bhliantúil ar Riail an Dlí, agus oifigigh de chuid na Roinne ag obair mar athbhreithnitheoirí san athbhreithniú tíre atá ar siúl ar Veiniséala, faoi Choinbhinsiún na NA in Aghaidh na hÉillitheachta.

# 6 Rialtas Digiteach

## 6.1. Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO)

Is é Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais an ceannaire maidir le clár oibre digiteach an rialtais agus tugann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) tacaíocht dó. Bítear ag obair i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí agus tá fás ag teacht ar a rannpháirtíocht sa tacaíocht le forbairt dhigiteach in earnálacha. In 2021 bhí Teastas Digiteach Covid an AE i gceist leis sin, foirm Aimsithe Paisinéirí, agus leathadh an Vacsaínithe. Is é OGCIO freisin a chuireann seirbhísí TFC agus digiteacha ar fáil do gach rannóg ar fud na Roinne.

Tá ról ceannais ag OGCIO sa soláthar seirbhísí agus tionscnaimh nuálaíochta; is aige atá maoirseacht ar chaiteachas TFC Ranna agus gníomhaireachtaí; is é a dhéanann ionadaíocht ar Éirinn ag leibhéal an AE maidir le TFC na seirbhíse poiblí, cúrsaí digiteacha agus ríomh-Rialtais, agus ar ghrúpaí oibre CIO an Rialtais agus ar fhóraim in eagraíochtaí iltaobhacha.

Gné bharrthábhachtach de chuid na ndualgas atá ar OGCIO ná a chinntiú go baintear an fheidhm is éifeachtúla as acmhainní, agus úsáid TFC an Rialtais a mhéadú agus a fheabhsú. Tá seo á dhéanamh tríd an obair agus an cúnamh VFM atá Aonad Maoirseacht Rialtais Digitigh a chur ar fáil, agus trí réitigh chomhroinnte a chur ar fáil, nó tacú leo, don tseirbhís phoiblí. Cuireann OGCIO, mar shampla, Gréasáin Rialtais, an tacar bogearraí Build to Share, réitigh Bonneagair agus an tairseach Gov.ie. Cuireann sé MyGovID chun chun freisin, agus Eircode (féach thíos mar a bhfuil sonraí breise).

## 6.2. Forbairtí Móra TFC sa Roinn

Le linn na bliana, d’oibrigh OGCIO le rannóga ar fud na Roinne chun córais idir nua agus reatha a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú, lena n-áirítear: Bunachar Sonraí na Scéime Pinsin Aonair Nua don Státseirbhís; an Tionscadal Pinsin Dliteanais Fhabhraithe; réiteach nua don Bhainistiú Meastachán; Sonraí Banda Tuarastail Státseirbhíse de réir na Scéime Pinsin; feabhsúcháin ar Bhunachar Sonraí CS AD; tuairisciú CMO agus CSEAS; agus Tairseach Sláinte agus Folláine CS AD.

Dhá thasc bharrthábhachtacha ag OGCIO in 2021 ná a chur ar chumas na Roinne aistriú go dtí an chianobair shlán chuimsitheach i gcomhthéacs phaindéim Covid-19, agus freagairt don chibirionsaí ar an FSS agus an chibearbhagairt mhéadaithe i mBealtaine 2021 . Áiríodh sa mhéid sin

- Leathnú a dhéanamh ar úsáid na seirbhíse Dír-Rochtana;
- Cumais agus bonneagair bhreise a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go raibh d’acmhainn agus d’fheidhmíocht sa chóras tacú leis an líon méadaithe foirne ag bhí ag obair ón mbaile;
- Freagairt don riosca méadaithe cibearshlándála agus bonneagar agus bearta cibearshlándála leasaithe a fheidhmiú, chomh maith le foireann a oiliúint agus a chur ar an eolas;
- Síneadh a chur leis na huaireanta do Dheasc Chabhrach OGCIO a fhad le 11 in gach oíche i bhfianaise na bpatrún difriúil oibre a tháinig le linn na bliana; agus
- Foireann riachtanach bheith ar an láthair i rith ama, chun tacú leis an bhfoireann.

I ngeall ar an aistriú chuig an gcianobair, bhí athrú an-suntasach ar an méid agus ar an gcineál úsáide a bhíothas a bhaint as an bhfís-chomhdháil agus as seirbhísí cruinnithe ar líne agus comhoibrithe. Chun déileáil leis sin, cuireadh sainoiliúint ar fáil don fhoireann sa Roinn;

rinneadh feabhsú ar bhonneagar TFC leis an idirghníomhaíocht le páirtithe lasmuigh a éascú; cuireadh rochtain ar fáil ar sheirbhís cruinnithe ar líne chun éascaíocht a dhéanamh do sheimineáir ghréasáin agus do chruinnithe seachtracha ina raibh líon níos mó úsáideoirí rannpháirteach.

## 6.3. Méid a Gnóthaíodh in 2021 le Straitéis TFC na Státseirbhíse

D'iarr Straitéis TFC na Státseirbhíse, a foilsíodh in 2015, le torthaí agus éifeachtúlacht níos fearr a chur ar fáil tríd an nuálaíocht agus an barr feabhais sa TFC. Cé go bhfuil cuid mhór de na téamaí ábhartha go fóill, foilseofar a comharba in R1 2021 – An Rialtas a Nascadh 2020: Straitéis Dhigiteach TFC do Státseirbhís na hÉireann - agus beidh ailíniú idir sin agus an straitéis nua dhigiteach náisiúnta.

### 6.3.1. Tógáil le Roinnt

Féachann an tionscnamh Tógáil le Roinnt (BTS) le bogadh i dtreo múnla comhroinnte don soláthar seirbhísí TFC, tacú leis an gcomhtháthú agus le comhroinnt acmhainní ar fud na státseirbhíse, agus éifeachtúlacht a chur chun cinn agus smacht a choinneáil ar chostais. Ba mhór an gar an infheistíocht a rinneadh sa tacar BTS leis an aistriú a éascú go dtí an chianobair shlán chuimsitheach agus rochtain ar acmhainní tábhachtacha corparáideacha le linn 2021.

Le bunú Vóta OGCIO in 2020 bhíothas ábalta éascaíocht a dhéanamh agus glacadh a leathnú ar thacar seirbhísí Tógáil le Roinnt, mar a leagadh amach i Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí agus mar a mhol Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (CSMB), agus chuir ranna a gcion le maoiniú na seirbhísí a fuarthas. Leanadh de na seirbhísí BTS a chur ar fáil mar thaca do chliaint reatha agus nua i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar thimpeallacht na hoibre

- **Líonraí Rialtais a Tógadh le Roinnt:** tugtar leo seo seirbhísí gréasáin cost-éifeachtacha, ardluais, ar chaighdeán iompróra don ghlór, fís agus sonraí, do gach comhlacht poiblí agus cumasaíonn an idirnascacht shlán idirghníomhaireachta.

  Tá comhlachtaí poiblí i dtimpeall 120 baile agus cathair ar fud na tíre agus rochtain acu ar idirnascacht líonra agus, i ndeireadh 2021, tá breis agus 1,200 nód líonra. Tá an córas LAN faoi Bhainistiú, atá ar fáil do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí (PSB), in úsáid anois ag gníomhaireachtaí iomadúla.

  Tá méadú ar an nglacadh le bonneagar comhroinnte Wi-Fi lárnaithe, a ligeann do PSBanna gréasáin shlána chorparáideacha agus aíonna a chur ag imeacht in áiteanna iomadúla leis an infheistíocht is lú sa bhonneagar, agus tá 16 ghníomhaireacht anois beo, lena n-áirítear úsáid ag tionscadail phobalbhunaithe agus i suíomhanna sláinte mar thaca don chumarsáid acu siúd atá scartha óna dteaghlach agus a gcairde agus iad san otharlann.

  Cuireadh bonneagar breise idirnascachta i bhfeidhm ag in ionaid bhreise chun tacú le custaim agus le seiceálacha teorann eile a bhaineann leis an mBreatimeacht. Soláthraíodh gréasán nua raidió do na seirbhísí éigeandála solais ghoirm. Tar éis treoracha ó ComReg éiríodh as raonta uimhreacha 0761 agus cuireadh uimhreacha eile ar fáil. Tá bonneagar IP Teileafóin ar fáil anois do bhreis agus 70 PSB, rud a éascaíonn glaonna ar chostas íseal ar fud an Rialtais.

  Cuireadh bearta leasaithe slándála i bhfeidhm chun cianúsáideoirí agus sócmhainní gníomhaireachta a chosaint ar bhonneagar Gréasáin an Rialtais, agus reáchtaladh roinnt ceardlann feasachta do Cheannairí TFC.

- **Feidhmchláir a Tógadh le Roinnt** tugtar leo seo tacar feidhmchlár tacaíochta corparáidí atá comónta ar fud na gcomhlachtaí rialtais, atáthar a leathnú amach ar bhonn céimneach ar fud na Ranna. I ndeireadh 2021, tá breis agus 58 comhlacht poiblí ar bord leis an ardán comhroinnte, agus 150 leagan de na feidhmchláir seo curtha ar fáil san iomlán agus iad in úsáid ag breis agus 50,000 úsáideoir. Cuireadh feidhmchláir nua agus leasuithe ar fheidhmchláir reatha leis an tacar le linn na bliana, lena n-áirítear eSubmissions, ePQ, eRisk, eCabinet, eCase, eList, JitBit Helpdesk agus HIVE.

- **gov.ie a Tógadh le Roinnt** Tugtar leis seo éadan aontaithe comhsheasmhach do sheirbhísí faisnéise rialtais agus éascófar leis tacar seirbhísí comhtháthaithe digiteacha a chur ar fáil don phobal tar éis tamaill (gov.ie, MyGovID, Digital PostBox, eForms, eCase Management, Digital Credentials agus MyDataPortal). Ag deireadh 2021, bhíothas tar éis 15 de na 18 suíomhanna gréasáin ag Ranna Rialtais a mheascadh leis an tseirbhís gov.ie. Beidh an chuid eile le tabhairt ar bord le linn 2022.

  Bhí an tseirbhís gov.ie ar an ardán is iontaofa le haghaidh chumarsáid an Rialtais chun tacú leis an bhfreagairt don phaindéim, agus láimhseáil sé bres agus 120m radharc ar leathanach le linn 2021 ann féin. D'aithin Gradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2021 a thábhachtaí atá gov.ie maidir leis an eolas a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí agus fógraíodh é mar bhuaiteoir sa chatagóir Tionchar Saoránach agus Seirbhís Chustaiméirí.

- **Deasc faoi Bhainistiú a Tógadh le Roinnt**: tugtar leis seo an gnáthréimse seirbhísí TFC d'úsáideoirí sna comhlachtaí seirbhíse poiblí. Áirítear iontu seo ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, gléasanna hibrideacha/táibléid, tacar táirgiúlachta oifige, ríomhphost, clódóireacht faoi bhainistiú, fís-chomhdháil, líonra áitiúil, rochtain idirlín, seirbhísí fóin agus deasc chabhrach chomh maith leis an mbonneagar bainteach óstála agus cibearshlándála atá mar bhonn taca leo seo uile.

  Cuireadh na seirbhísí seo ar fáil d'eagraíochtaí breise le linn 2021, lena n-áirítear Údarás Uchtaithe na hÉireann, Coimisiún Iomaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí, Coimisiún Chearta Daonna agus Cothromais na hÉireann, agus Oifig An Ombudsman Leanaí. Tugann OGCIO croísheirbhísí TFC deisce do bhreis agus 5,000 úsáideoir in 18 n-eagraíocht i mbreis agus 40 ionad ar fud na tíre. Tá pleanáil ar siúl chun tuilleadh Ranna/Oifigí Rialtais a thabhairt ar bord le linn 2022.

  Bhí barrthábhacht leis an tseirbhís Deasc faoi Bhainistiú chun a chur ar chumas na foirne ar fud na gclianteagraíochtaí aistriú go dtí an chianobair agus go háirithe áiseanna fís-chomhdhála a úsáid do chruinnithe ar líne. Cuireadh clinicí oiliúna ar fáil chun tacú leis an gcianobair maidir le dícheall úsáide a bhaint as an bhfíschomhdháil agus leis an gcibearfheasacht.

- **Néal Príobháideach Rialtais a Tógadh le Roinnt:** cuirtear ar fáil leis seo néal-bhonneagar Rialtais atá láidir, seasmhach, príobháideach. Tá an Bonneagar mar Sheirbhís (IaaS) ar fáil don óstáil córais/feidhmchláir do gach Comhlacht Poiblí. Tá pleananna á gcur chun cinn maidir le tuilleadh feidhmchlár a thabhairt ar bord ó Ranna/Oifigí Rialtais le linn 2022; agus

- **Ionad Sonraí Rialtais a Tógadh le Roinnt:** cuireann sé seo deis eile ar fáil ar an gcomhroinnt bonneagair, a ligeann do chomhlachtaí na seirbhíse poiblí a mbonneagar TFC féin a lonnú i saoráid ar leis an Rialtas í agus arb é an Rialtas a reáchtálann í, agus í saintógtha chun na críche sin. Tá céim an deartha réidh, tá an cead pleanála comhaontaithe agus tá plean gnó nuashonraithe á chríochnú agus súil go rachfar chun an mhargaidh i gcomhair comhlacht tógála go luath in 2021 nó faoi lár na bliana agus fuarthas cistiú don tógáil ó Shaoráid Téarnaimh agus Teacht Aniar an AE.

  Tá **Network Innovation** chun tosaigh i dtionscadal maidir le hArdán Náisiúnta Íseal-Aga a chur ar fáil atáthar a chistiú ó Shaoráid Téarnaimh agus Teacht Aniar an AE. Tacóidh agus

spreagfaidh an t-ardán seo Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí chun sainaithint, forbairt agus tástáil a dhéanamh ar fheidhmchláir nua agus socrúcháin tástála, sa chaoi go mbeidh Earnáil Phoiblí na hÉireann suite go maith chun leas a bhaint a luaithe a bheith lonnú déanta ar ghréasáin 5G Aon-Uaire.

### 6.3.2. Digiteach ar dTús

Lean OGCIO den fhorbairt agus den chur chun cinn ar shócmhainní digiteacha comhroinnte a fheabhsaíonn an leanúnachas agus éifeachtúlachtaí sa soláthar tosaigh agus cúil ar sheirbhísí poiblí. Ar na tionscnaimh atá ann tá an glacadh le MyGovID, meicníocht choitianta dheimhnithe ar líne a úsáideann comhlachtaí poiblí, a shroich chóir a bheith 1.45 milliún cuntas deimhnithe faoi dheireadh 2021. Cuireann MyGovID deis aonair 'síniú isteach' atá slán sábháilte d'úsáideoirí síniú isteach ina seirbhísí poiblí agus tá sé deartha chun éascaíocht a dhéanamh ar chur chuige Rialtais atá níos comhtháthaithe, le tuilleadh comhroinnte, tuilleadh athúsáide agus tuilleadh imeasctha idir comhlachtaí poiblí. Ligeann MyGovID don rochtain ar réimsí seirbhísí poiblí lena n-áirítear Leas Sóisialach, Ioncam, Iompar, Oideachas agus an Scéim Náisiúnta Chúraim Leanaí.

Leanann foghrúpa Ceannairí Digiteacha de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, a bhfuil OGCIO mar rúnaíocht aige, den mhaoirseacht agus den ghéarú luais a dhéanamh ar an aistriú digiteach ar fud na Seirbhíse Poiblí. Tá clár tosaíochtaí don aistriú digiteach comhaontaithe le feidhmiú, a chuimsíonn gach comhlacht poiblí.

### 6.3.3. Sonraí mar Chumasóir

Cuid lárnach den tionscnamh Sonraí mar Chumasóir is ea Stráitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí atá mar thaca faoi chuid mhór de na tionscnaimh atá leagtha amach sa tuarascáil seo.

### 6.3.4. Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023

Rinneadh forbairt ar Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí i gcomhairle le gach Roinn, lena n-áirítear an Lár-Oifig Staidrimh (CSO). Tá mar chuspóir aige sraith beart a shocrú chun feabhsú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar sonraí a rialú, a bhainistiú agus a athúsáid go slán, go héifeachtúil agus go trédhearcach chun leas gach saoránach, gnólacht agus lucht déanta beartais. Tógann sé ar thionscnaimh reatha sonraí ar nós Bonneagar Náisiúnta Sonraí (NDI) agus an tAcht um Chomhroinnt agus Rialáil Sonraí 2019.

Fágfaidh feidhmiú na straitéise gur fearr as a bheidh an Rialtas i dtaca le freagairt d'éilimh ar sheirbhísí go solúbtha ar na bealaí a leanas: seirbhísí digiteacha níos comhtháthaithe, imeasctha ó thús deiridh a chur ar fáil; próisis níos fearr don chruthú agus don mheasúnú beartais; feabhsú ar chosaint agus ar thrédhearcacht na próiseála sonraí pearsanta; riarachán a laghdú trí ghearradh siar ar an dúbailt.

Rinneadh dul chun cinn ar obair ar roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha laistigh den straitéis, mar atá:

- Cuireadh tionscnamh Bosca Poist Digiteach i bhfeidhm, ar réiteach slán sábháilte postais idir Rialtas agus saoránach; agus
- Cuireadh Catalóg Sonraí na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm, a dhéanann catalógú ar shonraí tábhachtacha atá ar coinneáil sa Státseirbhís – trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir le 1,367 tacar sonraí ó bhreis agus 100 comhlacht poiblí.

## 6.3.5. Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí

Le linn 2021 leanadh d'fheidhmiú an Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí agus tá tús curtha anois le gach alt seachas alt (6) fo-ailt (2) agus (3). Mar chuid den obair ar an Acht rinneadh na gníomhartha a leanas in 2021:

- Bunaíodh an Bord Rialachais Sonraí.
- Bunaíodh líonra Oifigeach Sonraí ar fud na státseirbhíse.
- Foilsíodh treoirleabhar do chomhaontuithe comhroinnte sonraí, Comhaontú samhlaíoch Comhroinnte Sonraí agus Treoirlínte le haghaidh úsáid DSGA 2019.

Chomh maith leis an méid seo thuas, bhí éileamh breise go leanúnach in 2021 ar shonraí agus ar chomhroinnt sonraí, agus cuireadh roinnt beartas éigeandála ar siúl maidir le comhroinnt sonraí agus rochtain ar shonraí, chun cabhrú le FSS agus le comhlachtaí eile tabhairt faoi na dúshláin éagsúla a tháinig leis an bpaindéim Covid-19, lena n-áirítear teicneolaíocht TFC a thacaigh leis an Teastas Digiteach Covid.

## 6.3.6. An Rialachas a Fheabhsú

Lean an Bord Comhairleach TFC ag díriú ar an rannpháirtíocht le tionsclaíocht. Chomh maith leis sin, mar cheannaire ar Ghníomh 1 d'Ár Seirbhís Phoiblí 2020, Seachadadh Seirbhísí Digiteacha a Luathú, tá teagmhálacha rialta ag CIO an Rialtais chun an comhrá a spreagadh agus smaointe a roinnt agus cláir a fheidhmiú idir an rialtas lárnach agus áitiúil, An Garda Síochána agus na hearnálacha sláinte agus oideachais.

Lean OGCIO dá ról maoirseachta a chur de i dtaca le faomhadh a dhéanamh ar thionscadail TFC agus dhigiteacha ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Maidir le 19 dtionscadal go sainiúil, bhí tacaíocht ag OGCIO ó Ghrúpaí Piarmheasúnaithe arb é a gcuspóir athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a chur ar fáil ar thionscnaimh ar scála áirithe, lena n-áirítear díriú ar dhearbhuithe faoin soláthar. D'fhoilsigh OGCIO treoirlínte nua a bhfuil a n-imlíne i gCiorclán 14/21 a tháinig in áit Chiorclán 02/16 roimhe. Tá an cuspóir ag Ciorclán 14/21 a chinntiú go mbeidh ailíniú idir tionscadail dhigiteacha agus TFC ar fud na seirbhíse poiblí agus beartais agus straitéisí rialtais, agus go mbeidh socruithe iomchuí rialtais ann, agus tugtar isteach próisis dhá leibhéal leis. Anuas air sin, bíonn teagmhálacha rialta ag CIO an Rialtais lena chinntiú go mbeidh comhráití agus comhroinnt smaointe agus feidhmiú na gclár, idir an rialtas láir agus áitiúil, An Garda Síochána agus na hearnálacha sláinte agus oideachais.

## 6.3.7. Acmhainn Mhéadaithe

Rinneadh dul chun cinn breise ar Straitéis Ghairmiúlaithe TFC HR a fheidhmiú, atá deartha lena chinntiú go mbeidh an cumasc ceart scileanna, eolais agus saineolais ag an Státseirbhís istigh inti féin, chun seirbhísí éifeachtacha digiteacha rialtais a sholáthar. D'oibrigh OGCIO leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) ar an réimse feachtas earcaíochta TFC chun riar ar riachtanais na Státseirbhíse ag gach leibhéil, ó Speisialtóirí TFC go dtí PO-TFC.

Críochnaíodh an Clár Speisialtóirí TFC do Phrintísigh sa Státseirbhís i mí na Bealtaine 2021. Scéim dhá bhliain í seo ina mbítear ag saothrú agus ag foghlaim san aon am amháin, i gcomhar le *FastTrack to IT* (FIT), an soláthraí náisiúnta a dhéanann comhordú ar Phrintísigh Theicniúla TFC. D'éirigh go maith leis an scéim, agus cuirfear an méid a foghlaimíodh san áireamh sa chéad leagan eile den chlár printíseachta. Ag deireadh an chláir i mBealtaine 2021, d'éirigh le 23 printíseach a cháiligh ón gclár i gcomórtas PAS agus tá siad ceaptha anois ina Speisialtóirí TFC (leibhéal OF) in 8 n-eagraíocht Státseirbhíse.

Tá OGCIO ag leanuint dá thacaíocht ar Aonad AD na Státseirbhíse agus an Roinn Breis- agus Ard-Oideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun fiosrú a dhéanamh faoi leathnú a

dhéanamh ar an múnla printíseachtaí don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí i gcomhthéacs gealltanas a rinneadh sa Phlean Gnímh Náisiúnta do Phrintíseachtaí 2021-2025 chun méadú a dhéanamh ar an líon printíseach a thugtar isteach in aghaidh na bliana.

## 6.4. Straitéis TFC na Státseirbhíse – an Chéad Ghlúin Eile

Foilsíodh an Straitéis reatha TFC don Státseirbhís in 2015 agus dúil go mairfeadh sí cúig bliana. Tosaíodh ar obair ar athbhreithniú a dhéanamh faoi chomharba in 2020 agus críochnaíodh an dréacht deiridh don athbhreithniú in R4 2021. Foilseofar an straitéis nua in R1 2022, Rialtas a Nascadh 2030P Straitéis Dhigiteach agus TFC do Státseirbhís na hÉireann. Beidh macalla sa straitéis nua ar dhúshláin reatha agus ar dheiseanna don chlaochlú digiteach ar an tSeirbhís Phoiblí, cuirfear san áireamh clár oibre digiteach an AE agus an comhthéacs digiteach domhanda, agus an cuspóir ann go gcoinneodh Éire a hionad mar cheannaire digiteach domhanda. Déanfar straitéisí eile a chur chun cinn faoina scáth, ar nós Gníomhaíochtaí Tosaigh GovTech, Straitéis Ghairmiúlaithe HR TFC agus an Straitéis Sonraí don tSeirbhís Phoiblí 2019-2023; tiocfaidh sí in áit na Straitéise ríomh-Rialtais 2017-2020.

### 6.4.1. GovTech

Tionóladh Cruinniú GovTech 2019 i Meitheamh 2019 chun anailís a dhéanamh ar an dlisteanú ar Éiceachóras GovTech in Éirinn, agus an acmhainn a leithéid a thógáil. Leanadh den phlean gnímh a chur chun cinn le linn 2021 agus foilsíodh catalóg sonraí a ghéaraigh luas an tseachadta ar thacair sonraí oscailte. Bhí OGCIO rannpháirteach le Ranna Rialtais eile maidir le tallann fadsaoil dhigiteach agus bhí teagmháil leanúnach leis an tionsclaíocht agus leis an saol acadúil i rith na bliana lena chinntiú go leanann acmhainn dhigiteach na hÉireann den fhás agus den fhorbairt. Thosaigh OGCIO agus OGP ar scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun próisis soláthair a shimpliú mar thaca leis an soláthar nuálach solúbtha, agus tacú le hiontrálaithe nua sa mhargadh gnó a dhéanamh leis an Rialtas. Rinneadh dul chun cinn maith maidir le seachadadh na seirbhísí digiteacha ar fud an Rialtais agus bhí an-chuid de na réitigh a d’fhreagair don phaindéim mar eiseamláirí ina réimsí féin.

## 6.5. Rannpháirtíocht ag Leibhéal AE agus Idirnáisiúnta

Lean OGCIO den mhonatóireacht ar fhorbairtí agus rinne ionadaíocht ar Éirinn ag imeachtaí idirnáisiúnta nuair ab ábhartha. Bhí sé rannpháirteach go háirithe i gcoistí AE, i ngrúpaí oibre agus i ngníomhaireachtaí, lena n-áirítear: Coiste ISA[2] an Choimisiúin Eorpaigh agus grúpaí bainteacha; Grúpa Stiúrtha Phlean Gnímh r-Rialtais na hEorpa; coistí teicniúla agus beartais eIDAS; grúpa oibre STESTA; Grúpa Comhordaithe Rialachán na Tairsí Digití Aonair; agus Páirtíocht Bhlocshlabhra na hEorpa.

Chuir an Coimisiún Eorpach **Innéacs Digiteach Eacnamaíochta agus Sochaí** (DESI) do 2020, ar innéacs é a thugann achoimre ar tháscairí ar fheidhmíocht dhigiteach bhallstáit an AE thar an Idirnascacht, Caipiteal Daonna/Scileanna Digiteacha, Úsáid Seirbhísí Idirlín ag saoránaigh, comhtháthú na Teicneolaíochta Digití ag gnólachtaí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha, agus TFC Taighde agus Forbartha. Bhí ráta maith ag Éirinn i measc thíortha AE in athbhreithniú 2021, agus chuaigh sí ón 9ú háit in 2020 maidir le seirbhísí poiblí digiteacha, go dtí an 6ú háit.

Leanfaidh OGCIO den mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí tábhachtacha ag leibhéal an AE, agus go háirithe ar Chompás Digiteach an AE agus an Chonair go dtí Deich mBliana Digiteach, a iarrfaidh conair nua a rianú do straitéis dhigiteach an AE gona ceithre réimse mórfhócais: scileanna digiteacha, bonneagair dhigiteacha, claochlú digiteach an ghnó agus digitiú ar sheirbhísí poiblí. Tá chomh maith réimse reachtaíochta AE ar na bacáin agus beidh OGCIO mar cheannaire ar an teagmháil agus an tacaíocht leis na Ranna ceannais.

Chomh maith leis sin, tá géarú tagtha ar an teagmháil le EFCE agus beidh aird air sin i gcónaí in 2022, go háirithe maidir le scileanna digiteacha, seirbhísí, sonraí, an eitic, agus tomhas a dhéanamh ar thionchar an rialtais digitigh, agus sin a thuiscint.

### 6.5.1. Rialachán na Tairsí Digití Aonair

Is é OGCIO an Comhordaitheoir Náisiúnta ar Rialachán an Tairsigh Dhigitigh Aonair ón AE, a dhéanfaidh éascaíocht den rochtain ar an bhfaisnéis, ar phróisis riaracháin agus ar sheirbhísí cúnaimh a bheidh de dhíth ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí le go mbeidh siad gníomhach i dtír AE eile. Leanfaidh OGCIO den teagmháil leis an nGrúpa Comhordaithe SDGR agus le gach páirtí leasmhar ábhartha agus é ag díriú ar an gcéad chéim eile den rialachán trí 2022 ar aghaidh go 2023.

### 6.5.2. Seirbhísí Leictreonacha Aitheantais agus Iontaofachta – eIDAS

OGCIO atá freagrach freisin as an Rialachán AE maidir le seirbhísí leictreonacha aitheantais agus iontaofachta a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta leictreonacha sa mhargadh inmheánach (eIDAS).

Chun tacú le Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí (PSBanna) a bpríomhoibleagáid dhlíthiúil a bhaint amach maidir leis an gComh-Aitheantas faoin Rialachán, chruthaigh OGCIO pointe rochtana Náisiúnta (Nód eIDAS) chun idirnascacht a chur ar fáil don ghréasán idiroibritheachta eIDAS agus cuid bróicéara (eIDAS Broker) chun éascaíocht a dhéanamh den chumarsáid idir soláthraithe seirbhíse Éireannacha agus an phointe rochtana náisiúnta. Tá OGCIO ag obair le soláthraithe seirbhíse chun tacú lena dtabhairt ar bord an ghreásáin eIDAS, chun tacú go hiomlán le PSBanna teacht lena n-oibleagáidí Comh-Aitheantais, agus chun tacú go hiomlán leis an Rialachán eIDAS.

# 7 An Soláthar Poiblí

## 7.1. Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí

Thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Michael McGrath TD faomhadh do Ráiteas Straitéise rannóige 2021-2023 an OGP i dtús 2021. Tacaíonn an Straitéis feidhmiú ghealltanais an Rialtais, agus fócas ar neartú a dhéanamh ar an soláthar poiblí, próisis agus seachadadh seirbhísí a fheabhsú, glacadh leis an digitiú, gairmiúlú breise ar chleachtas an tsoláthair phoiblí, agus rochtain GBM a mhéadú ar chonarthaí poiblí. Reáchtáladh ceithre chruinniú den Ghrúpa Comhairleach Soláthair Straitéisigh in 2021, agus an OGP mar chathaoirleach, agus gníomhartha mar thoradh orthu chun neartú a dhéanamh ar an soláthar poiblí straitéiseach a chur chun cinn thar réimsí iomadúla.

Bunaíodh Grúpa Oibre de chuid an Bhoird in 2021 chun maoirseacht  a dhéanamh ar fhorbairt na méadrachtaí tuairiscithe, agus leagadh amach na méadrachtaí dréachtacha chun ligean don Bhord an dul chun cinn ar an athchóiriú a rianú. Leis an bhFeidhmeannas Soláthair, an OGP agus páirtithe earnála, tagann HSE, Oideachas, Rialtas Áitiúil agus Cosaint le chéile chun nósanna imeachta, tionscadail agus beartais chomónta a shainaithint agus a fhiosrú, dírithe ar thacaíocht don dea-chleachtas.

Reáchtáladh ceithre chruinniú den Ghrúpa Comhairleach Soláthair Straitéisigh in 2021, agus an OGP mar chathaoirleach, agus gníomhartha mar thoradh orthu chun neartú a dhéanamh ar an soláthar poiblí straitéiseach a chur chun cinn thar réimsí iomadúla.

## 7.2. Soláthar Poiblí Straitéiseach

Lean an OGP den fhorbairt ar an gCreat Beartais don Soláthar Poiblí Náisiúnta (NPPPF) le linn na bliana. Ar na tionscnaimh ar tugadh fúthu in 2021, bhí foilsiú na nótaí faisnéise uasdátaithe maidir le Covid-19 agus leis an mBreatimeacht.

Tá an OGP ag leanúint den mhonatóireacht ar fhorbairtí Breatimeachta agus den teagmháil le hAonad Breatimeachta DPER. Tá comhthéacs ginearálta na Breatimeachta tar éis bogadh ó chúrsaí oibriúcháin go cúrsaí polaitiúla. Bíonn an OGP i gcomhairle rialta le rannáin Choimisiún an AE a bhaineann leis an mBreatimeacht agus cuirfear faisnéis thábhachtach ar fáil ar an tslí seo a bhaineann go hábhartha le hÉirinn. Tá bille nua soláthair an RA le tabhairt isteach sa Phairlimint fós agus ní dócha go mbeidh aon athchóiriú ann roimh 2023. Cé gur saincheist pholaitiúil í seachas saincheist reachtúil, beidh an Bhreatimeacht mar chúis imní go ceann roinnt blianta eile.

Le linn 2021, lean an OGP den chur chun cinn agus den éascaíocht ar an Soláthar Straitéiseach Poiblí, de réir na ngealltanas sa Chlár Rialtais, lena chinntiú go dtabharfaidh an soláthar poiblí faoi leas leathan na sochaí. Bhí an OGP mar chathaoirleach in 2021 ar cheithre chruinniú den Ghrúpa Comhairleach um Sholáthar Straitéiseach, chun éascaíocht a dhéanamh den phróiseas breithnithe sóisialta agus timpeallachta a thabhairt isteach sa soláthar poiblí.

Bunaíodh foghrúpa timpeallachta den Ghrúpa Comhairleach Soláthair Phoiblí in 2021, agus beidh an OGP agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide mar chathaoirleach air, chun éascaíocht a dhéanamh don fhorbairt ar Sholáthar Poiblí Glas (GPP) in Éirinn. Chabhraigh sé go háirithe le comhordú agus feasacht roimh fhoilsiú Soláthar Glas – Treoir don Earnáil Phoiblí agus an nGníomhaireacht Chosanta Comhshaoil (EPA), lena mbeidh deich dtacar critéar glas. Déanann an foghrúpa éascaíocht freisin don chomhordú ar fud comhlachtaí maidir le leathadh na hoiliúna in GPP, agus ardaíonn feasacht f Creata Soláthair na Seirbhíse Poiblí.

## 7.3. Creata Soláthair na Seirbhíse Poiblí

I láthair na huaire tá 92 réiteach lárnach ar fáil do chliaint seirbhíse poiblí thar 24 catagóir.




In 2021, rinne an OGP bunú nó athnuachan i leith 34 creat comhaontaithe (dar luach iomlán measta €1.3 billiún) agus ceithre Chomhaontú Ceannaigh Dinimiciúil (dar luach measta €329 milliún). Leanann an OGP den bhreithniú ar chúrsaí glasa agus sóisialta, nuair is indéanta, ina réitigh. Is féidir ó na réitigh seo mionchomórtais a reáchtáil bíodh sin tríd an OGP nó tríd an rogha Féin-Seirbhíse, agus é ar obair ina chéad bhliain iomlán.

Reáchtáil an OGP 560 mionchomórtas (dar luach measta €510 milliún) ar son 189 cliant aonair.

Reáchtaladh chomh maith 22 mionchomórtas i dtoll a chéile (dar luach measta €253 milliún). Leofa seo, is féidir le cliaint teacht ar earraí agus ar sheirbhísí le socruithe don tarraingt síos díreach.

Reáchtalann an OGP comórtais aon uaire freisin ar son cliant. In 2021, chríochnaigh an OGP 23 comórtas ar son 14 cliant. Bhí luach measta €132 milliún leis na conarthaí seo.

D'éirigh thar barr le OGP ag na Duaiseanna Náisiúnta Soláthair agus d'éirigh leis mar Thionscadal is Fearr don Bhliain sa Chomhoibriú Soláthair Seachtrach, agus bhain sé an chraobh ceannais amach in dhá chatagóir eile.

## 7.4. Soláthar don Tógáil

Bhí Covid-19 mar thionchar leanúnach ar Chreat Bainistithe na nOibreacha Caipitil (CWMF) in 2021 óir díríodh acmhainní chun tabhairt faoi na sainchúrsaí conartha agus soláthair a tháinig i ngeall ar dhianghlasálacha don tógáil.

- D'fhoilsigh an OGP 6 cinn de threoirnótaí (agus cáipéisí teimpléid) Covid-19 dírithe ar mhaolúchán a dhéanamh ar thionchar na mbeartas riachtanach sláinte poiblí ar sholáthar na dtionscadal faoin NDP.
- Rinneadh dul chun cinn ar an athbhreithniú teagmhála comhairligh le lucht teicniúil gairmiúil sa tógáil, d'fhonn an riosca a laghdú, torthaí a fheabhsú agus trédhearcacht níos mó a bheith ag briseadh síos táillí.

- Leanadh den rannpháirtíocht le tionscal agus le lucht árachais ag obair i margadh an Árachais Ghairmiúil Slánaíochta in 2021 agus tá forbairt déanta ar roinnt moltaí lena chinntiú nach mbeidh comhairleoirí agus conraitheoirí as an áireamh maidir le comórtais soláthair i ngeall ar an méid clúdaigh laghdaithe atá ar fáil ar an margadh.
- Tá na méaduithe suntasacha ar chostas ábhar tógála mar thionchar i rith an ama ar thairiscintí agus ar chonarthaí beo. D'fhógair an tAire McGrath mionsonraí faoi na bearta eatramhacha chun tabhairt faoi thionchar na méaduithe costas ar Thionscadal Oibreacha Poiblí, agus foilsíodh treoir sholáthair do thairiscintí atá 'beo' i mí na Samhna.
- Lean an OGP den teagmháil le NSAI chun aguisín náisiúnta a chur leis an gcaighdeán idirnáisiúnta (ISO) don fheidhmiú ar Shamhlú Faisnéise Tógála (BIM). Chomh luath agus a bheidh an Tionscadal Tóg Digiteach bunaithe, foilseofar plean feidhmithe don ghlacadh céimnithe BIM ar chonarthaí oibreacha poiblí. Tosófar ar shraith máistir-ranganna go luath in 2022 chun comhlachtaí poiblí a réiteach le haghaidh feidhmiú BIM.
- Chuir comhairleoirí isteach tuarascáil a dhéanann iniúchadh ar an tsamhail reatha ar chomhathrú costais sa CWMF, agus ní mór tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh in 2022. Tá athbhreithniú ar siúl ar na Teimpléid Pleanála agus Rialála Costais a foilsíodh faoin CWMF, chun ionchorprú a dhéanamh ar an gCaighdeán nua domhanda Tomhais sa Tógáil Idirnáisiúnta (ICMS) don tagarmharcáil, agus tá grúpa oibre bunaithe.

## 7.5. Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

Chuaigh an OGP i dteagmháil go gníomhach le gréasán leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tOireachtas, comhlachtaí ionadaíocha tionsclaíochta agus earnála poiblí, agus ag leibhéal AE agus idirnáisiúnta:

- Leanann an OGP den teagmháil leis an gCoimisún Eorpach (DG-GROW) agus go hidirnáisiúnta le EFCE. Le linn 2021, bhí ionadaíocht ag Éirinn ar ghrúpa saineolais soláthair maidir leis an ríomh-sholáthar, digitiú, anailísíocht soláthair agus soláthar poibli straitéiseach.
- Leanann an OGP den teagmháil le himeachtaí 'Go-To-Tender', a éascaíonn InterTradeIreland. Tá de chuspóirí ag na himeachtaí seo an t-eolas riachtanach a chur ar fáil do GBManna conas tairiscint a dhéanamh do chonarthaí earnála poiblí ar bhonn trasteorann. Tá de nós ag an OGP freastal ar na himeachtaí seo agus cur i láthair a dhéanamh maidir leis an múnla don soláthar poiblí in Éirinn, conas cur isteach ar bhallraíocht na gcreat lárnaithe ar chomhaontuithe agus ar an réimse réiteach soláthair ag an OGP.
- Bhí an tAire Stáit Smyth mar chathaoirleach ar cheithre chruinniú den Ghrúpa Comhairleach GBM in 2021. Fóram é an Grúpa seo inar féidir le comhlachtaí ionadaíocha GBM údair imní a lua maidir le saincheisteanna a bhaineann dá rannpháirtíocht sa soláthar poiblí. Foilsítear miontuairiscí a gcruinnithe ar gov.ie/ogp.
- D'éirigh leis an OGP in 2021 seoladh píolótach a dhéanamh ar chreat-chomhaontuithe lárnacha ar sheimineár gréasáin. D'úsáid an OGP na torthaí ón bpíolóta seo chun forbairt agus soláthar a dhéanamh ar cheithre sheisiún ina dhiaidh sin agus 200 ar an meán ag freastal ar gach ceann. Is léir a fheabhas a d'éirigh leis na himeachtaí seo trí na teagmhálacha a rinne cliaint leis na creat-chomhaontuithe seo tar éis na n-ócáidí seolta.
- Lean Bainisteoirí Cuntais an OGP den teagmháil le cliaint shinsearacha san earnáil phoiblí chun feasacht agus teagmháil a chothú i leith na réiteach soláthair lárnach agus tacú leis an bhforbairt ar chleachtais soláthair straitéisigh, Fóraim Oifigeach Soláthair, Imeachtaí Saindírithe ar Phunann, agus cur chuige 'Lón agus Foghlaim' le roinnt cliant. Bhí Deasc Chabhrach Custaiméirí an OGP i dteagmháil go díreach le cliaint agus soláthróirí earnála poiblí le linn 2021 ar fad agus rinne bainistiú ar 11,146 ceist ó chomhlachtaí agus soláthróirí sibhialta agus seirbhíse poiblí. Díobh sin, réitíodh 95% faoi 24 uair den cheist teacht isteach.
- Lean **Scileanna Tráchtála an OGP** dá chlár saindírithe oiliúna in 2021. Tá clár il-leibhéil arna fhorbairt, dírithe ar an soláthar tionscadal ón bpleanáil go dtí an cur i gcrích. Chríochnaigh chóir a bheith 200 státseirbhíseach An Introduction to Recruitment a rinneadh a sheoladh i Meán Fómhair. In 2021, bhí 238 státseirbhíseach ag freastal ar chúrsa oiliúna

sé seachtaine do chleachtóirí, agus rinne breis agus 1,800 státseirbhíseach freastal ar imeachtaí máistir-ranga. Anuas air sin, tá an OGP ag déanamh socruithe chun oiliúint a chur ar fáil ar an rialachas, bainistiú riosca agus costais ar thionscadail do Bhainisteoirí Sinsearacha.

- Bhí naoi gcruinniú de Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais (GCCC) le linn 2021 chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an tógáil agus chun saineolas agus ionchur teicniúil a chur ar fáil maidir le forbairt ar bheartas náisiúnta soláthair don tógáil. An OGP a chuireann Cathaoirleacht agus Rúnaíocht ar fáil don GCCC.

## 7.6. Tuarascáil ar Chaiteachas agus ar Anailís Thairisceana na Seirbhíse Poiblí

Ar aon dul le sainordú an OGP i dtaca leis an trédhearcacht a mhéadú sa soláthar poiblí agus feabhsú a dhéanamh ar anailísíocht sonraí maidir le caiteachas poiblí ag earraí agus seirbhísí, is gearr go mbeidh críoch ar Thuarascáil 2019 ar Chaiteachas na Státseirbhíse agus Anailísíocht Tairisceana. Léireoidh an Tuarascáil go mbronntar i gcónaí tromlach mór na gconarthaí ar ghnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn agus gur le GBManna atá tromlach na gconarthaí.

## 7.7. Úsáid Mhéadaithe na Teicneolaíochta Digití

Sainaithníodh an Claochlú Digiteach mar mhír mhór de Ráiteas nua Straitéise an OGP. Tá an OGP ag iarraidh sruthlíniú agus feabhsú a dhéanamh ar phróisis phoiblí agus ar na struchtúir thacaíochta chun an soláthar éifeachtúil trédhearcach a chumasú, lena n-áirítear trí fhorbairt a dhéanamh ar straitéis nua don ríomhsholáthar. Mar chuid den phróiseas seo, bunaithe feidhm Barr Feabhais Oibriúcháin. Féachann an fheidhm nua le ceannas a thabhairt maidir leis an gcaoi a n-úsáidimid próisis agus an teicneolaíocht chun an tíosacht a thiomáint, an luach a sholáthar agus ligean don eagraíocht athrú, oiriúnú agus soláthar rathúnach a dhéanamh ar ár gcuspóirí straitéiseacha.

Rinneadh dul chun cinn suntasach leis an **Tionscnamh Ardán ríomh-Thairiscintí** maidir lena chuspóirí. Scóip an tionscadail ná conradh nua a shocrú don Ardán r-Thairiscintí mar chomharba ar an gceann reatha, a bheidh ídithe in 2022. Rinne Údarás Deartha agus Coiste Stiúrtha trasearnála éascaíocht ar chur chuige ionchuimsitheach maidir leis an gcéad chonradh eile a bhunú, atá réidh anois le dul chun margaidh. Tugadh faoin teagmháil le hearnáil an ghnó trí Ghrúpa Comhairleach GBM an OGP agus trí shuirbhé poiblí ar líne dírithe ar Oibreoirí Eacnamúla. Beidh mórchuid oibre i gceist leis an aistriú go dtí an t-ardán nua in 2021, agus beidh tionchar aige ar gach comhlacht poiblí

Lean an OGP, trína **chlár Ríomh-Shonraisc**, dá fheachtas cumarsáide agus teagmhála le páirtithe leasmhara chun éascaíocht a dhéanamh ar chomhlíonadh Earnáil Phoiblí na hÉireann leis an reachtaíocht Ríomh-Shonraisc agus chun an digitiú a chur chun cinn le gur fearr an leas a bhainfear as. Rinne an OGP cur i láthair ar an Ríomh-Shonrasc ag Comhdháil Eolas an tSoláthair Phoiblí 2021, rinne teagmháil le soláthróirí seirbhíse, comhlachtaí poiblí agus soláthróirí i seimineár ar líne a rinne an margadh a óstáil agus tríd an teagmháil dhíreach agus d'fhoilsigh ábhair faisnéise trí chainéil na meán ar líne.

Chuir an OGP roinnt tionscadal beartach i bhfeidhm chun úsáid an digitithe a mhéadú i réimsí ar nós comhbhainistíocht tionscadail, bainistíocht chumarsáide, bainistiú deisce san obair chumaiscthe, agus bainistíocht cás sna seirbhísí ginearálta.

## 7.8. Athbhreithniú Eagraíochta an OGP

Rinneadh athbhreithniú eagraíochtúil ar an OGP i ndeireadh mhí na Samhna 2020 agus thug sin moltaí soiléire praiticiúla maidir leis an athrú dearfach a thabhairt isteach lena chinntiú go mbeidh an eagraíocht níos éifeachtúla, níos dírithe ar an straitéis agus suite níos fearr chun tabhairt faoi na dúshláin agus chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Bhí 58 de mholtaí sa tuarascáil faoi ocht gcinn de théamaí straitéiseacha. Sannadh gach moladh d'Úinéir Molta agus tosaíodh ar obair in 2021 chun na moltaí a chur i bhfeidhm. Tá luas an fheidhmithe ag teacht leis an ionchas. Tá chóir a bheith 30 moladh críochnaithe anois agus an 28 deireanach á dtabhairt ar aghaidh chuig 2022 agus 2023.

## 7.9. Tacaíocht d'Fhoireann OGP

Leagtar amach in Straitéis Daoine EMPOWER gealltanas an OGP maidir le folláine, forbairt cheannaireachta agus dul chun cinn gairmiúil do chách. Tá an OGP tiomanta do shainaithint, chothú ar na hiompair cheannaireachta luachmhara is riachtanach le haghaidh Thodhchaí na hOibre trí fhorbairt a dhéanamh ar a Múnla Ceannaireachta a seoladh le gairid. Breactar ansin an ról atá le himirt ag gach duine sa cheannaireacht, beag beann ar staid na gairme agus leagtar amach na hiompair, na hionchais agus na tiomantais a bheidh mar bhonn eolais ag cláir cheannaireachta amach anseo.

Bhí an OGP ar thosach an tslua mar an chéad eagraíocht Státseirbhíse ar ar bronnadh stádas Áit Iontach le bheith ag Obair ann. In 2021, ainmníodh an OGP chomh maith le haghaidh roinnt gradam. Roghnaíodh an eagraíocht mar cheann d'iarrthóirí DPER ar na Gradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta sa Státseirbhís 2021 agus roghnaíodh é don chraobh ceannais sa chatagóir 'Teagmháil Fostaithe'. Tá an OGP sa chraobh ceannais de Ghradaim AD CIPD 2000 faoi thrí chatagóir.

# 8 Tacaíocht don Fhoireann chun a gCuspóir a Bhaint Amach

## 8.1. Straitéis Sláinte agus Folláine

Is cumasóir ríthábhachtach é an tAonad Straitéise HR a ligeann don Roinn a croífheidhmeanna caiteachais agus athchóirithe a chomhlíonadh trína chinntiú gur féidir leis an bhfoireann an cion is éifeachtúla agus is féidir a thabhairt agus go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an t-iompar acu is riachtanach lena spriocanna a bhaint amach. Is é atá freagrach as soláthar a dhéanamh ar réimse leathan seirbhísí AD a sholáthar mar aon le Straitéis Sláinte agus Folláine na Roinne.

Tugtar sa Straitéis, a seoladh i mí na Samhna 2020, creat chun folláine dhaoine na Roinne a chur i lár báire, rud is tosaíocht faoi leith anois agus sinn ag teacht tríd an bpaindéim, agus ar ríthábhachtach anois é chomh maith maidir le cuspóirí roinne a bhaint amach agus tionchar dearfach a imirt ar ár gcultúr eagraíochtúil.

Tugtar sa Straitéis cur chuige uilíoch maidir le coincheap na Sláinte agus na Folláine agus cuireann leis an ról barrthábhachtach agus na seirbhísí atá ar fáil cheana ón tSeirbhís Chúnaimh Fostaithe sa Státseirbhís agus Oifigh an Phríomh-Oifigigh Leighis. Déanann sé athnuachan agus beachtú ar thiomantas na Roinne i dtaca le cultúr na folláine a chothú i measc na foirne. Bhí an straitéis mar ardán ag clár uaillmhianach oibre, agus ina lár sin bhí an clár seimineár gréasán ‘Offsite Insight’ agus tá sin tar éis tacú leis an Roinn a cuspóirí a bhaint amach.

## 8.2. Comhpháirtíochtaí Gnó AD

Tá feidhm Comhpháirtíochtaí Gnó AD (HRBP) mar sheirbhís chomhairliúcháin don bhainistíocht shinsearach agus don fhoireann, lena n-áirítear oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil don bhainistiú líne maidir le feidhmiú an bheartais agus phróisis HR chun tacú leo agus an t-athrú á bhrú chun cinn.

Choinnigh an fhoireann HBRP lena fócas ar thacú leis an bhfoireann ar fad le linn 2021 mar fhreagairt ar an bpaindéim leanúnach Covid-19, lenar áiríodh sraith seimineár gréasán Folláine agus Sláinte a chur ar fáil leis an gclár ‘Offsite Insight’, comhairle a chur ar bhainisteoirí faoi bhainistiú foirne agus daoine aonair i gcomhthéacs cianda agus freagairt ad hoc do riachtanais na foirne.

Lean na Comhpháirtithe Gnó dá dteagmháil straitéiseach leis an ngnó le linn 2021 ar fad agus bhí siad barrthábhachtach maidir le forbairt a dhéanamh ar bheartas Oibre Cumaiscthe na Roinne, an tAthbhreithniú Cultúir, an straitéis Sláinte agus Folláine, an suirbhé CSEES agus an grúpa PERspectives, gan ach cuid díobh a lua.

Thacaigh na Comhpháirtithe Gnó le hearcaíocht agus le socraíocht ball nua foirne sa Roinn agus d’oibir i ndlúthpháirt le bainistíocht IGEES ar fheachtais earcaíochta saindeartha le linn na bliana. Bíonn ról lárnach chomh maith ag na Comhpháirtithe Gnó maidir le bainistiú agus riarachán chlár Forbartha Céimithe Caidreamh Gnó na Státseirbhíse agus shocraigh 8 gcéimí ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí le linn 2021.

## 8.3. Oibríochtaí AD

Rinne foireann Oibríochtaí AD bainistiú ar líon mór fiosrúchán a bhain le hoibríochtaí in 2020, chomh maith le gluaiseacht na foirne. Bhí san áireamh ansin bainistiú a dhéanamh ar 15 d'fhoireann a fuair ardú céime ó chomórtais oscailte agus dúnta, chomh maith le 16 d'fhoireann dul ar scor. Bhí ról tábhachtach ag feidhm na hearcaíochta agus na fostaíochta maidir le tacú leis an Roinn a clár athchóirithe a sholáthar, agus an córas r-Earcaíochta ar líne a úsáid agus a fheabhsú go leanúnach.

Lean foireann Oibríochtaí AD den bhainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas ionduchtúcháin ar líne trí WebEx a úsáid, ós rud é go raibh an Roinn ag obair go cianda i rith an ama. Bhí seo thar a bheith luachmhar maidir le tacú le foireann nua ina róil.

## 8.4. Foghlaim agus Forbairt

Bhí athruithe suntasacha ar thionscnaimh foghlama agus forbartha eagraíochtúil i ngeall ar na dúshláin agus na deacrachtaí a tháinig le paindéim Covid-19. In ionad an ghnáthsholáthair foghlama agus forbartha bunaithe ar an seomra ranga, tháinig an fhoghlaim ar líne, agus seoladh ardán na Roinne ***Off-Site: Insight eLearning*** chun éascaíocht a dhéanamh ar aistriú mear chuig an gcianfhoghlaim.

Bhí 412 ball foirne rannpháirteach i dtionscnamh amháin nó níos mó a bhain le foghlaim agus forbairt fhoirmiúil in 2021, agus bhí 351 ball foirne san iomlán gafa le himeacht amháin nó níos mó ar an ardán ríomhfhoghlama Off-site: Insight. Cláraíodh 2796 lá oiliúna foirmiúil in 2020.

Cuireadh le hidirbheartaíochtaí foghlama agus forbartha le Scéim Chuimsitheach Oiliúna tar éis Iontrála, a thacaigh le 23 ball foirne dul le cláir acadúla i réimse ábhair léinn. Orthu sin bhí airgeadas, eacnamaíocht, AD, caidreamh tionsclaíoch, anailís bheartais, léann an dlí, ceannaireacht, córais faisnéise agus bainistiú poiblí. Is cuid lárnach í an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) maidir le breis oiliúna a chur ar an bhfoireann agus lena ngairmiúlú. Éascaíodh an FGL i ngach rannóg sa Roinn chun freastal a chlúdach ar sheimineáir, ar chomhdhálacha, ar chláir ghairide oiliúna poiblí, agus síntiúis do chomhlachtaí gairmiúla.

## 8.5. Bainistiú Corparáideach

Thug Oifig Chorparáideach na Roinne tacaíocht chorparáideach don Rúnaí Cúnta, don Bhord Bainistíochta agus don Roinn go ginearálta, lena n-áirítear riarachán agus próiseáil a dhéanamh ar Cheisteanna Dála, Iarratais faoi Chosaint Sonraí, Meamraim r-Chomh-Aireachta don Rialtas, Iarratais faoi Shaoráil Faisnéise agus Ionstraimí Reachtúla. Rinneadh comhordú freisin ar chur chuige na Roinne maidir le rialachas, bainistiú riosca agus beartais soláthair agus lena creat comhlíonta a chur i bhfeidhm. Chuir sé ionchuir shainiúla uile na Roinne i dtoll a chéile maidir leis an tionscadal Rialtas Glas, lena n-áirítear sonraí a chruinniú faoi sholáthar conarthaí Rialtais a dearadh chun a chinntiú gur lú an tionchar ar an timpeallacht a bheidh ag an táirge nó an tseirbhís a soláthraíodh – féach Aguisín 1.

Áirítear ar chroíthascanna agus ar mhórthorthaí na bliana:

- Réitíodh na cáipéisí a leanas don Roinn: Tuarascáil Bhliantúil 2020 agus Plean Gnó 2021.
- Comhordú ar bhainistiú rioscaí straitéiseacha ardleibhéil agus aonaid ghnó sa Roinn.
- An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a chur i bhfeidhm.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú bheartas soláthair na Roinne.
- Uasdátú agus scaipeadh ar Bheartas leasaithe Bainistithe Taifead don Roinn.
- Maoirseacht ar an gCreat Rialachais TFC a fheidhmiú agus réimse eile beartas corparáideach.

- Bainistiú leanúnach ar fhreagairt na Roinne maidir le leanúnachas gnó .

Rinne an tAonad Airgeadais leasú ar an mbainistíocht airgeadais sa Roinn, mar a leanas: Cuntais Leithdháilte a réiteach (Vóta 11 Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe & Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais); Meastacháin bhliantúla na Roinne agus OGCIO a chruthú; tacaíocht ghnó agus comhairle a chur ar fáil do rannóga na Roinne; athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais na nOifigeach Comhairimh tar éis gach toghcháin; leasú ar an rialachas, ar chomhlíonadh agus ar phróisis airgeadais; an Roinn agus an OGCIO a threorú agus a stiúradh san aistriú chuig an tSeirbhís Chomhroinnte Bainistithe Airgeadais

Thug Oifig an Aire tacaíocht fheidhmeannach don Aire ina ról mar cheannaire polaitiúil na Roinne, agus chinntigh go ndearnadh próiseáil chuí ar obair sa Roinn a d'éiligh aird an Aire, agus bhí ina meán cumarsáide idir an Aire agus páirtithe leasmhara ábhartha.

Thug Oifig an Ard-Rúnaí tacaíocht don Ard-Rúnaí i gcomhthéacs a chuid freagrachtaí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Tá riachtanas faoi leith ag an ról leathan seo maidir le feidhmiú éifeachtach na Roinne agus bíonn obair i gceist ann i gcomhar leis an Ard-Rúnaí agus le gach Rannóg sa Roinn.

Rinne an Phreas-Oifig ionadaíocht ar an bhfís, ar an miseanráiteas agus ar luachanna agus obair an Aire chun cumarsáid straitéiseach éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha. Bhí i gceist sa chúram sin bainistiú a dhéanamh ar fheidhm na cumarsáide seachtraí trí gov.ie agus le meáin shóisialta na Roinne, agus an fhoireann a choinneáil ar an eolas trí na cainéil chumarsáide inmheánacha.

## 8.6. Iniúchadh Inmheánach agus AE

Cuireann an tAonad um Iniúchadh Inmheánach agus AE seirbhís iniúchta ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais agus is é féin an tÚdarás Iniúchóireachta ainmnithe d'Éirinn i gCiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (ERDF), mar a cheanglaítear faoi rialacháin an AE. Tá an obair a rinneadh mar Údarás Iniúchóireachta ERDF clúdaithe i Roinn 2.6 den Tuarascáil seo.

Is amhlaidh a bhí moill ar fhoilsiú chuid den iniúchadh inmheánach a beartaíodh le linn 2021 i ngeall ar an gcorraíl a tháinig le paindéim Covid-19, ach mar sin féin críochnaíodh, den chuid is mór, an clár iniúchtaí a bhí beartaithe don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi mhí Feabhra 2022. Cuireadh athbhreithniú cultúir, faoi cheannas na Foirne Iniúchóireachta Inmheánaigh agus Aonaid Straitéiseach AD, ar athlá i Márta 2021 agus tosaíodh arís air i mí Eanáir 2021.

Is é an ról atá ag Iniúchadh Inmheánach ná athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar ghnéithe ríthábhachtacha de na próisis atá sa Roinn. AR na réimsí a athbhreithníodh tá pleanáil don leanúnachas gnó, rialachas corparáideach in OGCIO, soláthar na comhairle beartais don tseirbhís phoiblí ag OGP agus rinneadh athbhreithniú ar na rioscaí a bhaineann le ciste AE a tharraingt anuas ón gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta agus ón tSaoráid Téarnaimh agus Teacht Aniar.

Mar chuid dá chomhaontú leis an Roinn Airgeadais i dtaca le hiniúchadh inmheánach, chríochnaigh an tAonad Iniúchóireachta clár laghdaithe iniúchtaí inmheánacha i dtaca lena chlár 2021, agus rinne tuairisciú faoi na torthaí do Choiste Iniúchta na Roinne sin

I láthair na huaire tá an tAonad ag earcú foireann nua le go mbeifear ábalta glacadh leis an iniúchadh ar Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta agus ar an tSaoráid Téarnaimh agus Teacht Aniar in 2022. Beidh an tAonad freagrach freisin as iniúchadh ar Chlár PEACE PLUS le haghaidh 2021-2027.

## 8.7. Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis (CMO)

Tugann an CMO seirbhís comhairle leighis do lucht saothair sa Státseirbhís thar 53 Roinn/Gníomhaireacht Rialtais agus 14 phríosún ar fud na tíre, a chuimsíonn breis agus 42,000 fostaí. Chuir sé comhairle ar fáil freisin do réimse eile d'eagraíochtaí earnála poiblí agus leathstáit / neamhthráchtála. Bhí san áireamh ann sin comhairle leighis réamhfhostaíochta don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le poist FSS agus údaráis áitiúla.

Áirítear iad seo a leanas sa tseirbhís agus sa chomhairle bheartais:

- Comhairle don tSeirbhís Ceapachán Poiblí maidir le measúnuithe sláinte réamhshocrúchán.
- Athshlánúchán fostaithe san ionad oibre a bhí ar shaoire tinnis.
- Comhairle faoi mheasúnuithe scoir le tinneas criticiúil agus drochshláinte.
- Deasc chabhrach do ranna maidir le saincheisteanna oibre agus sláinte lena n-áirítear Covid-19.
- Tástálacha reachtúla cloisteála san ionad oibre.
- Cláir reachtúla vacsaínithe.
- Comhoibriú leis an nGníomhaireacht Éileamh Stáit agus Oifig Soláthair an Rialtais.
- Comhairle d'Oifig Ard-Dlíodóir an Stáit maidir le saincheisteanna dlíthiúla oibre agus sláinte.
- Teagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus gréasáin AD maidir le saincheisteanna beartais oibre agus sláinte.
- Teagmháil leis an tSeirbhís Chúnaimh Fostaithe.

Rinneadh plé le 12,424 cás a bhainistiú in 2021. Anuas air sin, dáileadh 1,905 dáileog vacsaíne agus rinneadh 295 tástáil ar chloisteáil. Tugadh sainchomhairle chomh maith maidir le breis agus 280 saincheist éagsúla oibre agus sláinte.

# Aguisín 1: Soláthar Poiblí Glas

Tá sonraí thíos faoi chonarthaí soláthair dar suim níos mó ná €25,000 a síníodh sa bhliain 2021, a bhfuil critéir ghlasa iontu a dearadh chun a chinntiú gur lú an tionchar ar an timpeallacht a bheidh ag an táirge nó ag an tseirbhís a sholáthraítear.

| ***Bliain Tagartha: 2021***<br><br>***Earnáil Tosaíochta*** | ***Líon iomlán conarthaí dar suim níos mó ná €25,000 a d'eisigh earnáil tosaíochta*** | ***Luach iomlán conarthaí dar suim níos mó ná €25,000 a d'eisigh earnáil tosaíochta (€)*** | ***Líon iomlán conarthaí dar suim níos mó ná €25,000 a d'eisigh earnáil tosaíochta a bhfuil GCC corpraithe iontu*** | ***Luach iomlán conarthaí dar suim níos mó ná €25,000 a d'eisigh earnáil tosaíochta a bhfuil GCC corpraithe iontu (€)*** |
|---|---|---|---|---|
| Iompar | | | | |
| Tógáil | | | | |
| Fuinneamh | | | | |
| Seirbhísí Bia agus Lónadóireachta | | | | |
| Táirgí agus Seirbhísí Glantacháin | | | | |
| Teicstílí | | | | |
| Trealamh TF | | | | |
| Páipéar | | | | |
| Eile (Comhairliúchán agus Oiliúint) | 16 | €1,123,165 | 0 | 0 |
| Eile (OGCIO) | 12 | €8,057,135 | 0 | 0 |
| **Iomláin** | **28** | **€9,180,300** | **0** | **0** |

Nóta: Rinneadh breithniú glas a áireamh i gcritéir an chomórtas, i ngach cás ab fhéidir sin, maidir le gach earra nó seirbhís a soláthraíodh faoi réitigh lárnacha soláthair.

Déantar costais fuinnimh, tomhaltas dramhaíola agus méadrachtaí bainteacha timpeallachta a thuairisciú gach bliain don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus is é príomhthionónta gach foirgnimh a dhéanann amhlaidh, tríd an bPlean Gnímh don Tíosacht Acmhainní.

Cé gur lú na €25,000 an caiteachas do bhunús na n-oifigí, as a gconlán féin, tá an Roinn ag úsáid soláthar glas i réimsí éagsúla ar nós dramhaíl rúnda, páipéar oifige, priontáil Follow-Me, dramhaíl, troscán oifigh agus bearta deiridh saoil TF. Mar shampla, is ó fhoinsí in-athnuaite breis agus 40% den fhuinneamh a chuirtear ar fáil trí na comhaontuithe Creata Fuinnimh.

# Aguisín 2: Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí

**Dualgas comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí a fheidhmiú sa Roinn**

Tá an Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí (an Dualgas Earnála Poiblí) leagtha amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas 2014. Is oibleagáid reachtúil é ar chomhlachtaí poiblí, agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le leithcheal, comhionannas deise a chur chun cinn agus cearta daonna baill foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint. Cuirtear d'iallach ar chomhlachtaí poiblí dul chun cinn a mheasúnú, tabhairt faoi agus tuairisciú air, maidir le comhionannas agus cearta an duine, ar shlí atá inrochtana ag an bpobal

Nuair a chuirtear san áireamh an cineál róil atá ag an Roinn, ní chuireann sí, de ghnáth, seirbhísí díreacha ar fáil don phobal i gcoitinne ná do ghnólachtaí. Mar sin féin, téann na hoibleagáidí Dualgas Earnála Poiblí i gcion ar fheidhmeanna na Roinne ar bhealaí iomadúla. Chun tabhairt faoi seo agus a chinntiú gur bonn eolais é i leith gach róil ábhartha sa Roinn ar bhonn leanúnach, cuimsítear sa Ráiteas Straitéise, i rannán ***Luachanna***, tiomantas:

> *"Caitheamh le comhghleacaithe agus leo sin dá gcuirimid seirbhísí ar fáil ar bhonn cothroime, ar aon dul lenár n-oibleagáidí Chearta an Duine agus Comhionannais na hEarnála Poiblí."*

Cuimsítear i rannán ***Torthaí Beartaithe*** an Ráitis Straitéise na torthaí seo a leanas a bhaineann le Dualgas Earnála Poiblí na Roinne a chomhlíonadh:

- Athchóirithe lena dtacaítear le barr feabhais i soláthar seirbhíse poiblí agus ceapadh beartais straitéiseach;
- Eispéireas níos fearr d'úsáideoirí seirbhíse agus iad i mbun gnó le rialtas, go háirithe i mbun gnó go digiteach;
- Struchtúir riaracháin níos cuntasaí agus níos trédhearcaí, ar cuidiú iad chun cur le muinín an phobail;
- Foireann atá tiomanta dá gcuid oibre agus timpeallacht oibre dhearfach, chomhoibríoch; agus
- Soláthar éifeachtúil, éifeachtach seirbhísí do chomhlachtaí poiblí bainteacha.

Baineann an Roinn feidhm as na bunmhodhanna seo a leanas chun dul i gceann a hoibleagáidí Dualgas Earnála Poiblí:

- An Tionscnamh Buiséadú Comhionannais;
- Ár Seirbhís Phoiblí 2020 (OPS2020);
- An Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020;
- An Straitéis People@PER 2017-2020; agus
- Straitéis Sláinte agus Folláine

Riachtanais an Dualgais Earnála Poiblí an bonn eolais a bhí faoi fhorbairt a bhfuil thuas agus is é an bonn céanna a bheidh faoi straitéisí leantacha feasta. Tá dul chun cinn ina leith uile leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus tá sé ar fáil fosta ar leithligh in www.gov.ie agus www.ops2020.gov.ie maidir le tionscnaimh phoiblí.